



Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

Traidisiún Beo

Straitéis chun tuiscint ar, aire agus
cuir ar aghaidh ár n-oidhreacht
dhúchasach thógtha
a fheabhsú



An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta

[gov.ie/housing](https://www.gov.ie/housing)

Grianghraf an chlúdaigh thosaigh: An Fhliuchmhuine, Co. Chill Chainnigh

BAILE ÁTHA CLIATH

FOILSITHE AG AN OIFIG STÁISEANÓIREACHTA

niah@housing.gov.ie

T: + 353 (0)1 888 2000

© Rialtas na hÉireann 2021

Clár na nÁbhar

Réamhráite.....	1
1 Achoimre Fheidhmeach	3
2 Straitéis 2021-2024 dár nOidhreacht Dhúchasach Thógtha.....	6
Téamaí agus Gníomhartha	8
An Straitéis a chur chun feidhme	28
3 Oidhreacht Dhúchasach Thógtha na hÉireann	30
Ár nOidhreacht Dhúchasach Thógtha a Aithint.....	38
Athrú agus Caillteanas.....	42
An Tábhacht a bhaineann leis an nGné Aitiúil: an Tírdhreach Dúchasach	47
Lonnaíochtaí agus Gráigeanna Dúchasacha.....	52
Taobh istigh den Teach	55
Díonta Tuí Stairiúla	60
4 Beartas agus Cleachtadh	64
Comhthéacs na hÉireann	64
Inbhuanaitheacht Comhshaoil agus Oiriúnú Aeráide	70
Turasóireacht.....	74
Údaráis Áitiúla.....	76
Comhlachtaí Caomhnaithe agus Eagraíochtaí Eile	80
Cláracha an Aontais Eorpaigh agus Beartas Idirnáisiúnta níos leithne.....	86
5 Todhchaí ár nOidhreacht Dúchasaí Tógtha.....	90
Athshlánú Cúramach: conas caitheamh le foirgneamh dúchasach.....	90
Aguisín 1: Rannpháirtithe na Straitéise	96
Aguisín 2: Ábhar Tagartha	102

Tá ról lárnach ag an oidhreacht dhúchasach thógtha i saol na ndaoine agus is ábhar bróid atá ann. Glactar leis mar shaintréith agus mar tháirge mealltach de chuid na sochaí...Tá an oidhreacht seo praiticiúil ach ag an am céanna is ábhar spéise agus áilleachta atá ann freisin. Is léiriú atá ann ar an saol comhaimseartha agus ag an am céanna taifead de stair na sochaí...Ní bheadh sé inghlactha ar mhaithe le hoidhreacht [an duine] mura mbeadh iarracht á déanamh na traidisiúin seo a chaomhnú.¹



Teach fada ag Lettaford, Devon, Sasana



Tithe ceann tuí rópáilte ag Cregneash, Oileán Mhanann



Teach feirme ag Mougau Bihan, Finisterre, An Bhriotáin



Teach feirme ag Auchindrain, Argyll and Bute, Albain

Comharsanacht na hÉireann (Barry O'Reilly)

¹ An Coimisiún Idirnáisiúnta um Shéadchomharthaí agus Shuíomhanna (ICOMOS), 'An Chairt um Oidhreacht Dhúchasach Thógtha' (1999).

Réamhráite

Baineann tábhacht ollmhór lenár n-oidhreacht chultúrtha mar ghné de shochaí na hÉireann agus tá mo Roinnse ag tacú leis an tuiscint sin tríd an reachtaíocht seo, maoiniú agus tionscnaimh atá ag cur lenár dtuiscint agus meas.



Dírítear in 'Traidisiún Beo' ar ghné shuntasach dár n-oidhreacht chultúrtha a ligtear i ndearmad go minic. Tá ár n-oidhreacht dhúchasach thógtha fréamhaithe inár dtraidisiúin tógála. Tá na traidisiúin seo, dá nádúr, inbhuanaithe agus is féidir linn go leor a fhoghlaim uathu a chabhróidh linn ár lorg carbóin a laghdú. D'fhéadfadh na traidisiúin seo muid a spreagadh chun foirgnimh nua a thógáil trí thairbhe a bhaint as smaointe agus cuir chuige thógálaithe na bhfoirgneamh dúchasach. Is féidir foirgnimh dhúchasacha thréigthe a athchóiriú go cáiréiseach freisin, agus a uasghrádú ionas go mbeidh siad feiliúnach le cónaí iontu sa lá inniu ann, agus a gcarachtar traidisiúnta a chothabháil ag an am céanna.

Is mian liom buíochas a ghabháil le gach duine a chabhraigh le forbairt na Straitéise seo agus, i dteannta le mo chomhghleacaí, an tAire Noonan, tá mé ag súil le cur chun feidhme na Straitéise.



An tUasal Darragh O'Brien TD
Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta

Is traidisiún beo é oidhreacht dhúchasach thógtha na hÉireann. Tá an oidhreacht seo fréamhaithe go domhain i gcultúr na hÉireann, cé go bhfuil go leor gnéithe di uilíoch, agus tá leanúnachas iontach leis an gcianaimsir á léiriú aici san am céanna. Ní chuireann mórán againn spéis san oidhreacht – tá an oidhreacht ansin i gcónaí agus ‘is cuid dúinn ár n-oidhreacht’. Freagraíonn ár n-oidhreacht dhúchasach thógtha go díreach don timpeallacht áitiúil agus baineann saintréithe réigiúnacha soiléire léi. Dá réir sin, is féidir ceachtanna a fhoghlaim ó chuir chuige inbhuanaithe na hoidhreacht i ndáil le tógáil, dearadh agus ábhair.



Bíonn tóir i gcónaí ar cheirdeanna tógála traidisiúnta, cosúil le tuíodóireacht, gaibhneacht dhubh, agus is ar ár bpriacal féin a chaillimid na scileanna seo agus scileanna eile nach iad.

Tuigtear le fada an tábhacht turasóireachta a bhaineann lenár bhfoirgnimh agus tírdhreacha dúchasacha agus go bhfuil deis athúsáide ann, ach le blianta beaga anuas tá níos mó spéise á cur sna foirgnimh seo mar gheall ar na luachanna eile a bhaineann leo, cosúil lena ról i suaithinseacht áitiúil agus réigiúnach, agus folláine shóisialta agus chultúrtha.

D’fhéadfadh go mbeadh ár n-oidhreacht dhúchasach thógtha leochaileach. Tá go leor foirgneamh á gcothabháil go cúramach agus in úsáid gach lá. Fágтар foirgnimh eile, a thaitníonn le daoine nó nach dtaitníonn le daoine, folamh agus ní mór dúinn smaoineamh go cúramach ar conas is féidir linn iad a tharrtháil agus a athchóiriú ionas gur féidir le daoine cónaí iontu agus le haghaidh úsáidí eile. Tá tuiscint mhaith, agus bonneagar oiriúnach riachtanach chun aire a thabhairt dár n-oidhreacht dhúchasach.

Is é atá mar aidhm leis an Straitéis seo dul i ngleic leis an dúshlán a bhaineann le nasc a chruthú an athuir lenár n-oidhreacht dhúchasach thógtha. Déantar iarracht úinéirí agus pobail a spreagadh chun an oidhreacht seo a chothabháil agus a chinntiú gur traidisiún beo a bheidh ann amach anseo – ní cuid den seansaol, ach cuid de thraidisiún na todhchaí freisin.

Is mian liom buíochas a ghabháil le gach duine a chabhraigh leis an straitéis seo a chur i dtoll a chéile agus le gach duine a bheidh ag dul i ngleic leis na dúshláin éagsúla atá aitheanta, agus tá mé ag súil le toradh na hoibre a fheiceáil.

An tUasal Malcolm Noonan TD

Aire Stáit Oidhreacht agus Leasú Toghchánach

1 Achoimre Fheidhmeach

Cuimsítear inár n-oidhreacht dhúchasach thógtha² foirgnimh, na fearais, suíomhanna agus gnéithe traidisiúnta ar a dtugtar an tírdhreach ‘neamhfhoirmiúil’ nó dúchasach. Ba iad ‘gnáthdhaoine’, a dteaghlaiigh agus a gcomharsana a d’fhorbair agus a thóg na rudaí seo. D’oibrigh tógálaithe dúchasacha laistigh de shochaithe traidisiúnta, d’úsáid siad smaointe agus teicnící a chuaigh ó ghlúin go glúin laistigh den teaghlach agus den phobal áitiúil. Dá réir sin, is cuid shuntasach dár n-oidhreacht chultúrtha dholáimhsithe é an oidhreacht dhúchasach thógtha. Is ionann é freisin agus nasc inláimhsithe le háiteanna cónaithe agus oibre na ndaoine a chuaigh romhainn, agus fianaise atá ann freisin ar a gcruthaitheacht agus praiticiúlacht neamhchúthail. Is cuid de thraidisiún seanbhunaithe, comhroinnte domhanda an oidhreacht dhúchasach thógtha freisin.

Eascraíonn an gá atá le straitéis dár n-oidhreacht dhúchasach ón nós, atá le tabhairt faoi deara i dtíortha eile freisin, na traidisiúin seo a ligean i ndearmad, an úsáid a bhaineann leo a fhágáil i leataobh, nó iad a fhágáil in áit na leathphingine.

Tá dlúthnasc idir an oidhreacht dhúchasach thógtha agus áit, aeráid agus timpeallacht atá mar bhonn le carachtar uathúil áitiúil agus réigiúnach agus a chuireann ar bhealach suntasach le hómós áite. Aimsíodh agus aimsítear ábhair thógála sa chomharsanacht agus úsáideadh iad trí cheirdeanna dúchasacha cosúil le tuódóireacht, ballarach láibe agus caolach, agus saoirseacht agus siúinéireacht thraidisiúnta. Sholáthair déantús troscáin agus gaibhneacht dhubh an chuid is mó de na fearais thraidisiúnta i dtithe agus i gcineálacha eile foirgnimh.

Ba cheart smaoineamh ar roinnt samplaí d’oidhreacht dhúchasach thógtha shlán a chaomhnú ar mhaithe le cúiseanna eolaíocha, oideachasúla agus turasóireachta. Ba cheart samplaí eile, ar fothraigh iad, a choimeád agus a thaifeadadh. Ba cheart glacadh lena bhformhór, áfach, mar fhoirgnimh a bhféadfaí iad a athchóiriú mar bhailte compordacha.

Cé go mb’fhéidir gur tithe tuaithe, tithe lasmuigh agus clóis feirme scaipthe atá le fáil i gcuid mhór dár n-oidhreacht dhúchasach, tá líon mór lonnaíochtaí/gráigeanna tuaithe sa tír seo freisin. Chomh maith leis sin, tá foirgnimh dhúchasacha le fáil in go leor sráidbhailte agus lárionad uirbeach freisin.

Tá éagsúlacht le tabhairt faoi deara i dtuiscint an phobail ar an oidhreacht dhúchasach, síleann daoine áirithe go bhfuil baint ag an oidhreacht dhúchasach le tréimhsí dúshlánacha — róphlódú, taise agus drochsholas — tá maoithneacht agus cumha níos neadraí le sonrú i measc daoine áirithe, agus tá daoine eile fós a bhfuil spéis mhór acu san oidhreacht.

² Úsáidtear an téarma ‘oidhreacht dhúchasach thógtha’ sa doiciméad seo, chun teacht leis an bhfoclaíocht atá in úsáid sa ‘Chairt um Oidhreacht Dhúchasach Thógtha’ (ICOMOS, 1999), ina nglactar leis an oidhreacht mar fheiniméan cultúrtha a d’fhéadfadh forbairt agus a bheith páirteach sa saol atá le teacht mar aon leis an saol atá caite agus an saol atá á chaitheamh i láthair na huaire.

Príomhcheist nach mór díriú uirthi é an dúshlán a bhaineann leis an líon mór tithe agus tithe lasmuigh dúchasacha tréigthe atá inár dtírdhreacha, tírdhreacha uirbeacha agus tuaithe. Baineann tábhacht le breithniú a dhéanamh ar inbhuanaitheacht ár bhfoirgneamh dúchasach sna suíomhanna seo ar fad amach anseo.³

Tá rud amháin cinnte, áfach, is dlúthchuid dár dtraidisiúin agus dár dtírdhreacha an oidhreacht dhúchasach thógtha. Tá go leor le foghlaim faoin mbealach a gcaithimid leis an oidhreacht sin faoin dearcadh atá againn ar ár dtír féin agus orainn féin.

Ag an bpointe seo, tá go leor obair le déanamh chun an oidhreacht dhúchasach thógtha a thaifeadadh, is cuma más foirgnimh agus suíomhanna atá i gceist, nó ceirdeanna agus ceardaithe, agus tá machnamh le déanamh ar conas is fearr tabhairt faoin obair seo. Beidh ról fíorthábhachtach ag údaráis áitiúla, ag an gComhairle Oidhreachta, ag comhlachtaí agus grúpaí eile, agus ag cleachtóirí, i ndáil leis an gcúram a bhaineann le hionchais ár n-oidhreachta dúchasaí tógtha a fheabhsú.

Cosúil le sraitheanna eile dár n-oidhreacht thógtha, d'fhéadfadh go gcruthódh cothabháil agus oiriúnú foirgneamh dúchasach dúshlán dá n-úinéirí. Beidh tithe agus struchtúir dhúchasacha eile ag feidhmiú ar bhealach struchtúrtha agus timpeallachta ar leith a chiallaíonn nach mór dúinn a bheith solúbtha agus obair a dhéanamh ar na foirgnimh seo ar bhealach séimh, tuisceanach. Go hidéalach, ba cheart go mbeadh úinéirí foirgneamh dúchasach agus a dteaghlach i mbun oibreacha deisiúcháin agus oibreacha eile atá riachtanach, ach i láthair na huaire is cosúil go mbeidh an obair seo á déanamh ag cleachtóirí a bhfuil taithí acu ar a bheith ag obair ar oidhreacht dhúchasach thógtha. Tá uasoiliúint tógálaithe agus daoine eile riachtanach sa chomhthéacs seo, agus baineann tábhacht chomh maith céanna le cúnamh oiriúnach airgeadais agus cúnamh eile chun oibreacha caomhnaithe agus cothabhála a dhéanamh.

Tá sé riachtanach ár lorg carbóin a laghdú ar bhonn práinne, trí chuir chuige inbhuanaithe maidir le tógáil agus éifeachtúlacht fuinnimh a uasmhéadú.

Beidh sé riachtanach, áfach, breithniú cúramach a dhéanamh ar aon iarfheistiú caomhnaithe fuinnimh i bhfoirgnimh dhúchasacha ionas nach mbeidh aon tionchar díobhálach ag a leithéid ar chobhsaíocht agus ar fheidhmiú timpeallachta na bhfoirgneamh seo. Bunaithe ar a nádúr, tá buntáistí suntasacha ag baint le foirgnimh dhúchasacha i ndáil leis an dá chlár oibre seo: tá siad tógtha cheana féin (rud a laghdaíonn an gá atá le foirgnimh nua) agus glactar leis, tríd is tríd, go bhfuil na hábhair a úsáidtear chun iad a thógáil inbhuanaithe.

³ Tá obair déanta ag an gCumann um Chosaint Foirgneamh Ársa (SPAB) agus ag Comhaontas na bhFoirgneamh Traidisiúnta Inbhuanaithe (STBA) ar fhoirgnimh agus ar ábhair sa Bhreatain; agus tá sé riachtanach obair den chineál céanna a dhéanamh anseo in Éirinn.

Tá sé riachtanach aire a thabhairt do na foinsí ábhair, áfach, agus do na scileanna atá ar fáil chun na hábhair seo a úsáid.⁴

Ní leis an am atá caite amháin a bhaineann an oidhreacht dhúchasach thógtha. Tá sé tábhachtach go leanfaí lena húsáid i láthair na huaire agus amach anseo agus tá sé oiriúnach ó thaobh an chultúir de freisin. Chomh maith leis sin, ba cheart dúinn breithniú a dhéanamh ar conas scrúdú a dhéanamh ar chuir chuige nua i ndáil le dearadh agus tógáil foirgnimh a úsáideann smaointe, teicnící agus ábhair dhúchasacha.


Chuirfeadh sé seo ar ár gcumas áiteanna nua, tithe nua agus foirgnimh nua talmhaíochta agus foirgnimh eile a thógáil atá fréamhaithe laistigh dár dtraidisiúin thógála uathúla. Tá spéis i gcónaí ag leanaí i smaointe nua a scrúdú trí bheith ag súgradh agus baineann deiseanna cruthaitheacha iontacha leis an oidhreacht dhúchasach trí úsáid a bhaint as láib, tuí, saileach agus ábhair eile.

Trínár n-oidhreacht dhúchasach thógtha a chosaint, a cheiliúradh agus foghlaim uaithi, tá muinín á léiriú againn inár gcultúr agus sochaí uathúil atá fréamhaithe go domhain.

⁴ Tá an méid seo a leanas luaite i gClár an Rialtais (lch.90): 'Scileanna tógála traidisiúnta a spreagadh trí chlár printíseachta a cheapadh in éineacht leis an earnáil tógála inbhuanaithe, ag díriú ar dhisciplíní agus ceirdeanna oidhreachta.' Beidh gníomh ag Oidhreacht Éireann 2030 (atá le teacht) freisin ag cur scileanna tógála traidisiúnta chun cinn.

2 Straitéis 2021-2024 dár nOidhreacht Dhúchasach Thógtha

Cuirfear an Straitéis chun feidhme thar thréimhse trí bliana, bunaithe ar thrí théama, tuiscint, aire agus cuir ar aghaidh, agus é mar aidhm againn ionchais ár n-oidhreachta dúchasaí tógtha a fheabhsú go suntasach. Déileálfar le gach téama trí roinnt gníomhartha, mar atá sonraithe sa ghrafaic thíos.



Déileálfadh na gníomhartha le gnéithe den oidhreacht dhúchasach thógtha nár déileáladh go cuí leo go fós, agus é mar aidhm feabhas suntasach a chinntiú. Déanfaidh ionadaí ó ghrúpa comhairleach na leasanna éagsúla athbhreithniú ar dhul chun cinn gach bliain.

Tá rannpháirtíocht phoiblí riachtanach, lena n-áirítear imeachtaí do leanaí, chun rath na straitéise a chinntiú agus ceadóidh na gníomhartha éagsúla, nuair is féidir, rannpháirtíocht phoiblí. Tá sé tábhachtach freisin go mbíonn an fhaisnéis, agus an taithí, a fhaightear trí na gníomhartha inrochtana don phobal i gcoitinne agus do dhaoine a bhfuil sainspéis acu iontu.



Clós feirme, gar do Úlla, Co. Luimnigh, ina bhfuil raon foirgneamh, gnéithe agus ábhar dúchasach (Barry O'Reilly)

Beidh cur chuige comhpháirtíochta i bhfeidhm i ndáil le cur chun feidhme. Beidh comhpháirtí/comhpháirtithe agus rannpháirtithe ainmnithe ag gach gníomh, a thabharfaidh deis don straitéis tairbhe a bhaint as comhthiomsú acmhainní, scileanna agus taithí.

Páirteach sa straitéis seo beidh comhlachtaí tógála tionsclaíocha éagsúla, raon leathan gníomhaireachtaí, eagraíochtaí agus daoine aonair, ceardaithe agus grúpaí pobail.

Úsáidfear na meáin shóisialta agus meáin eile, nuair is féidir, chun spéis an phobail a mhúscailt.

Beidh ról tábhachtach ag údaráis áitiúla i ndáil le rath go leor gníomhartha, de bhrí go mbeidh ar a gcumas cabhrú le beartais agus le cleachtais fheabhsaithe ag leibhéil réigiúnacha agus áitiúla.

Chomh maith leis sin, d'fhéadfadh an straitéis tairbhe a bhaint as obair atá déanta go hidirnáisiúnta maidir le saincheisteanna éagsúla.

Téamaí agus Gníomhartha

Téama 1: Ár nOidhreacht Dhúchasach Thógtha a Thuiscint

Gníomh 1	Tuiscint an phobail ar ár n-oidhreacht dhúchasach thógtha a mheas (B1)
Gníomh 2	Foinse faisnéise iontaofa, náisiúnta maidir leis an oidhreacht dhúchasach thógtha a sholáthar (B1)
Gníomh 3	Leabhrán gearr a fhoilsiú d'úinéirí, úinéirí poitéinsiúla agus an pobal i gcoitinne (B1)
Gníomh 4	Cuir chuige comhlachtaí/gníomhaireachtaí Stáit agus údarás áitiúil i ndáil leis an oidhreacht dhúchasach thógtha a fheabhsú (B1)
Gníomh 5	Cur chuige caighdeánaithe a fhorbairt chun an oidhreacht dhúchasach thógtha a thaifeadadh (B1)
Gníomh 6	Cosaint agus caomhnú díonta tuí a fheabhsú agus a chaomhnú (B1-2)

Téama 1: Ár nOidhreacht Dhúchasach Thógtha a Thuiscint

Tá tuiscint shoiléir ar nádúr ár n-oidhreacht dúchasaí nádúrtha riachtanach chun cuir chuige comhleanúnacha a fhorbairt chun an oidhreacht seo a chosaint, a úsáid go leanúnach agus a chur ar aghaidh go sábháilte do ghlúnta amach anseo.

Feidhmeoidh an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht mar chomhordaitheoir agus mar éascaitheoir gníomhartha a fheabhsóidh ár dtuiscint ar an oidhreacht dhúchasach nádúrtha, i gcomhpháirt le heagraíochtaí agus daoine aonair ábhartha, agus tabharfar aitheantas don tábhacht a bhaineann le comhar Thuaidh-Theas agus leis an ngné Eorpach níos leithne.

Gníomh 1 Tuiscint an phobail ar ár n-oidhreacht dhúchasach thógtha a mheas

Tá gá le hidirphlé poiblí chun léargas a fháil ar eolas, tuiscint agus tuairimí (dearfach agus diúltach), ionas gur féidir linn cur leis an meas atá ar ár n-oidhreacht dhúchasach thógtha agus tacaíocht éifeachtach a sholáthar d'úinéirí agus d'úinéirí poitéinsiúla (go háirithe daoine níos óige).

Modhanna	Canbhasáil a dhéanamh ar úinéirí foirgnimh agus ar dhaoine eile chun teacht ar thuiscint ar na rudaí a thacaíonn le nó nach dtacaíonn le háitíocht agus úsáid
Rannpháirtithe	Úinéirí foirgnimh, údaráis áitiúla, scoileanna, fóraim oidhreacht aontae, ceardaithe/cleachtóirí, grúpaí pobail, comhlachtaí ionadaíocha feirme
Toradh	Tuiscint níos fearr ar thuairimí reatha maidir leis an oidhreacht dhúchasach thógtha
Obair leantach	Bealaí a fhorbairt chun déileáil le bacainní agus cur leis na dreasachtaí atá ar fáil chun obair a dhéanamh ar fhoirgnimh dhúchasacha
Amscála	Bliain 1

Gníomh 2 Foinse faisnéise iontaofa, náisiúnta maidir leis an oidhreacht dhúchasach thógtha a sholáthar

Bhí easpa faisnéise comhleanúnaí ann go dtí seo maidir leis an oidhreacht dhúchasach thógtha. Bunóidh agus cothóidh an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta foinse comhairle agus faisnéise atá á nuashonrú go leanúnach, maidir le deontais, athchóiriú agus uasghrádú foirgneamh, agus ábhar ábhartha eile.

Modhanna	Bunófar agus cothófar tairseach faisnéise laistigh de shuíomh gréasáin Fhoirgnimh na hÉireann chun faisnéis a chur ar fáil maidir leis an oidhreacht dhúchasach thógtha, eagraíochtaí ábhartha a bhfuil ról acu san oidhreacht dhúchasach nádúrtha
Rannpháirtithe	Úinéirí foirgnimh, ceardaithe/cleachtóirí, údaráis áitiúla
Obair leantach	A chinntiú go ndéantar treoir agus sonraí cothabhála a nuashonrú ar an tairseach
Amscála	Bliain 1

Gníomh 3 Leabhrán gearr a fhoilsiú d'úinéirí, úinéirí poitéinsiúla agus an pobal i gcoitinne

Tá sé ríthábhachtach comhairle atá éasca le tuiscint a chur ar fáil d'úinéirí foirgneamh dúchasach, údaráis áitiúla agus an pobal trí chéile.

Modh	Leabhrán treorach gonta, neamhtheicniúil a chur ar fáil d'úinéirí agus do dhaoine eile
Rannpháirtithe	An Roinn Pobal (Tuaisceart Éireann), ceardaithe/cleachtóirí, úinéirí foirgnimh
Toradh	Infhaighteacht láithreoireacht ghonta, éasca le tuiscint
Obair leantach	Leasaigh de réir mar is gá
Amscála	Bliain 1

Gníomh 4 Cuir chuige comhlachtaí/gníomhaireachtaí Stáit agus údarás áitiúil i ndáil leis an oidhreacht dhúchasach thógtha a fheabhsú

Go dtí seo is ar bhonn neamhsheasmhach a bhíodhas ag déileáil lenár n-oidhreacht dhúchasach thógtha, agus ní thacaíonn sé seo le cur chuige comhleanúnach ar fud na tíre. Tá sé riachtanach éifeachtacht beartas, cur chuige agus córas deontais a chinntiú.

Modh	Tacú le comhleanúnachas agus comhsheasmhacht i bpleananna forbartha údaráis áitiúil agus i measc comhlachtaí bronnta deontas, leis an tseiceáil oibreacha atá beartaithe d'fhoirgnimh dhúchasacha, agus chun scrúdú a dhéanamh ar chostais oibreacha deisiúcháin agus cothabhála
Rannpháirtithe	Comhlachtaí/gníomhaireachtaí Stáit, údaráis áitiúla, comhlachtaí dáfa deontas, ceardaithe, comhlachtaí ionadaíocha cleachtóirí
Toradh	Beartais agus cuir chuige comhleanúnacha agus comhsheasmhacha chun déileáil leis an oidhreacht dhúchasach thógtha
Obair leantach	Beartais agus cuir chuige a athbhreithniú agus a leasú de réir mar is gá
Amscála	Bliain 1

Gníomh 5 Cur chuige caighdeánaithe a fhorbairt chun an oidhreacht dhúchasach thógtha a thaifeadadh

Teastaíonn treoirlínte chun cur chuige comhsheasmhach a chinntiú i ndáil leis an oidhreacht dhúchasach thógtha a thaifeadadh. Óstálfar suirbhéanna a dhéanfar ar shuíomh gréasáin Fhardal Náisiúnta na hOidhreachta Ailtireachta. Ba cheart go mbeadh an fhaisnéis seo mar bhonn le beartais a bhaineann le haithint agus cosaint foirgneamh agus láithreán inspéise.

Modhanna	Córas taifeadta a fhorbairt d'fhoirgnimh, suíomhanna, struchtúir, gnéithe agus maisiúcháin intí (lena n-áirítear troscán agus feistis) dúchasacha
Comhpháirtithe	Oidhreacht Ailtireachta Uladh, Ard-Mhúsaem na hÉireann
Rannpháirtithe	Cumainn allamuigh, grúpaí oidhreachta/staire, institiúidí tríú leibhéal, cláraitheoirí ailtireachta, speisialtóirí troscán dúchasach
Toradh	Infhaighteacht treoirlínte taifeadta
Obair leantach	Tús a chur le breis taifeadta den oidhreacht dhúchasach nádúrtha; treoirlínte a nuashonrú nuair is gá; tacú le críochnú agus foilsiú staidéar
Amscála	Bliain 1

Gníomh 6 Cosaint agus caomhnú díonta tuí a fheabhsú agus a chaomhnú

Ceann de na saincheisteanna is comhsheasmhaí i ndáil leis an oidhreacht dhúchasach thógtha a chinntiú go dtagann díonta tuí stairiúla slán. Ciallaíonn na fachtóirí éagsúla ar fad atá le cur san áireamh go bhfuil an obair seo casta. Tá an oiread sin tábhachta ag baint, áfach, le díonta tuí stairiúla chomh fada is a bhaineann le seandálaíocht agus stair sheandálaíochta, ceirdeanna agus ábhair dhúchasacha, luibheolaíocht agus éagsúlacht, mar aon leis an luach tírdhreacha, nach mór gach rud is féidir a dhéanamh chun déileáil leis na bacainní éagsúla ar chosaint na ndíonta seo. Saincheist leanúnach, achrannach a mbíonn ar go leor úinéirí agus áititheoirí déileáil leis é árachas. Chomh maith leis sin, tá gá le comhairle chomhsheasmhach, údarásach d'úinéirí agus áititheoirí, seirbhísí dóiteáin, árachóirí agus daoine eile.

Modhanna	Imscrúdú agus obair a dhéanamh chun déileáil leis an gceist phráinneach a bhaineann le hinacmhainneacht árachais d'fhoirgnimh ceann tuí; scrúdú a dhéanamh ar shaincheisteanna ábhartha eile, lena n-áirítear caighdeáin tuíodóireachta, treoir maidir le cosc dóiteáin agus infhaighteacht ábhar oiriúnach tuíodóireachta a fheabhsú; dlús a chur le taifeadadh agus le cosaint agus bunachar sonraí lárnach a bhunú
Comhpháirtí	An Chomhairle Oidhreachta (ó thaobh cúrsaí árachais de)
Rannpháirtithe	Úinéirí foirgnimh, údaráis áitiúla (lena n-áirítear oifigigh dóiteáin), ceardaithe/cleachtóirí, comhlachtaí deontas
Toradh	Réiteach ar cheist achrannach an árachais d'fhoirgnimh ar a bhfuil díonta tuí stairiúla, treoirlínte chun dóiteáin a chosc agus déileáil leo, foirgnimh den chineál sin a chosaint ar bhealach níos fearr
Obair leantach	Monatóireacht a dhéanamh ar na fachtóirí éagsúla a bhaineann le cosaint agus le caomhnú díonta tuí stairiúla
Amscála	Bliain 1-2

Téama 2: Aire a thabhairt dár nOidhreacht Dhúchasach Thógtha

Gníomh 7	Feidhmiú timpeallachta foirgneamh agus ábhar dúchasach a mheas (B2-3)
Gníomh 8	Úsáid iarfheistiú caomhnaithe fuinnimh agus maolú athraithe aeráide ar ár n-oidhreacht dhúchasach thógtha a mheas (B2-3)
Gníomh 9	Treoidhoiciméad teicniúil a chur ar fáil do chleachtóirí agus d'úinéirí (B2)
Gníomh 10	Riachtanais reatha agus thodhchaíocha ceardaithe foirgneamh dúchasach a mheas (B2)
Gníomh 11	Oiliúint reatha i gcaomhnú foirgneamh dúchasach a mheas agus cuir chuige feabhsaithe a éascú (B2)
Gníomh 12	Lárionad a bhunú le haghaidh scileanna, ábhar agus taighde foirgneamh dúchasach (B3)
Gníomh 13	Deisiú agus cothabháil atá oiriúnach don oidhreacht dhúchasach a chur chun cinn (B1-3)

Téama 2: Aire a thabhairt dár nOidhreacht Dhúchasach Thógtha

Tá gá le cuir chuige comhsheasmhacha, eolasacha i ndáil le caomhnú ár n-oidhreachta dúchasaí tógtha thar ceann lucht déanta beartas, ceardaithe/cleachtóirí agus úinéirí foirgnimh lena chinntiú go mbíonn an oidhreacht dhúchasach thógtha ábhartha do shochaí na hÉireann. Cuimsítear anseo cuir chuige a fhorbairt atá fréamhaithe i dtuiscint chinnte ar an oidhreacht dhúchasach thógtha agus i samplaí praiticiúla maidir le réitigh mhaithe a fhorbairt.

Gníomh 7 Feidhmiú timpeallachta foirgneamh agus ábhar dúchasach a mheas

Glactar leis go bhfuil foirgnimh agus ábhair dhúchasacha inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus sláintiúil. Ní mór é seo a thástáil go praiticiúil agus teacht ar chonclúidí.

Modhanna	An t-eolas atá ar fáil maidir le hábhair agus teicnící dúchasacha a thabhairt le chéile; taighde a thionscnamh más gá; torthaí a fhoilsiú
Comhpháirtí	An Chomhairle Oidhreachta
Rannpháirtithe	Úinéirí foirgnimh, ceardaithe/cleachtóirí, comhlachtaí/gníomhaireachtaí Stáit, údaráis áitiúla, SPAB, STBA
Toradh	Tuiscint údarásach ar fheidhmíocht chomhshaoil na n-ábhar dúchasach
Obair leantach	Cuir chuige a fhorbairt chun déileáil le hábhair dhúchasacha i bhfianaise an taighde atá déanta
Amscála	Bliain 2-3

Gníomh 8 Úsáid iarfheistiú caomhnaithe fuinnimh agus maolú athraithe aeráide ar ár n-oidhreacht dhúchasach thógtha a mheas

Tá caomhnú fuinnimh riachtanach, ach tá seans ann go mbeidh tionchar ag iarfheistiú ar charachtar, gnéithe agus ábhair dhúchasacha, agus fiú amháin ar mharthanas fadtéarmach foirgneamh. Ní mór an cheist seo a mheas, trí úsáid a bhaint as foirgnimh dhúchasacha shamplacha. Tús áite a thabhairt d'fhoirgnimh reatha a choimeád agus ar an tslí sin an gá atá le foirgnimh nua a thógáil a sheachaint, bealach soiléir amháin chun cabhrú lenár lorg carbóin a laghdú.

Modhanna	Measúnú a dhéanamh ar éifeachtaí agus ar éifeachtaí dóchúla beart éifeachtúlachta fuinnimh ar fhoirgnimh dhúchasacha agus torthaí a fhoilsiú, agus an fhéidearthacht a bhaineann le hiarfheistiú na bhfoirgneamh dúchasach sin ar deacair déileáil leo
Comhpháirtí	Institiúid tríú leibhéal
Rannpháirtithe	Úinéirí foirgnimh, ceardaithe/cleachtóirí, foireann údaráis áitiúil, An Chomhairle Oidhreachta comhchomhlachtaí in áiteanna eile, SPAB, STBA, DECC
Toradh	Tuiscint údarásach ar thionchar an iarfheistithe caomhnaithe fuinnimh ar fhoirgnimh dhúchasacha
Obair leantach	Cuir chuige a fhorbairt chun déileáil le foirgnimh dhúchasacha i bhfianaise an taighde atá déanta
Amscála	Bliain 2-3

Gníomh 9 Treoirchoiciméad teicniúil a chur ar fáil do chleachtóirí agus d'úinéirí

Tá sé ríthábhachtach faisnéis údarásach a chur ar fáil do chleachtóirí agus d'úinéirí foirgnimh.

Modhanna	Lámhleabhar treorach mhionsonraithe a choimisiúnú chun déileáil le deisiú, cothabháil agus uasghrádú foirgneamh dúchasach
Comhpháirtí	Cleachtóir/ceardaí ar conradh
Rannpháirtithe	Úinéirí foirgnimh, ceardaithe/cleachtóirí, iontaobhais/grúpaí oidhreachta, An Roinn Pobal (Tuaisceart Éireann)
Toradh	Infhaighteacht lámhleabhar substaintiúil, údarásach do cheardaithe/cleachtóirí, úinéirí foirgnimh agus eile
Obair leantach	Leasaigh de réir mar is gá
Amscála	Bliain 2

Gníomh 10 Riachtanais reatha agus thodhchaíocha ceardaithe foirgneamh dúchasach a mheas

Bacainn shuntasach ar chothabháil agus ar chaomhnú é ganntanas ceardaithe chun an obair riachtanach a dhéanamh. Go minic cuirtear moill ar an bpróiseas tuíodóireachta mar go mbíonn sé deacair tuíodóir nó ábhair oiriúnacha thuíodóireachta a aimsiú. Níl mórán daoine ar fáil atá in ann ábhar a thógáil le láib/cré. Tá sé fíorthábhachtach go mbeifí in ann cur le líon na gcleachtóirí oilte atá ar fáil chun ár n-oidhreacht dhúchasach thógtha a chosaint, a chothabháil agus a chaomhnú.

Modhanna	Measúnú a dhéanamh ar na ceardaithe atá ar fáil chun obair a dhéanamh ar fhoirgnimh dhúchasacha; bearnaí a aithint; tograí a fhorbairt chun déileáil leis na bearnaí
Comhpháirtí	An Chomhairle Oidhreachta
Rannpháirtithe	Ceardaithe a oibríonn ar fhoirgnimh dhúchasacha, úinéirí foirgnimh, comhlachtaí Stáit agus údaráis áitiúla, soláthraithe ábhar
Toradh	Tuiscint shoiléir ar staid cheardaíocht na bhfoirgneamh dúchasach, agus scaipeadh faisnéise feabhsaithe
Obair leantach	Tograí chun déileáil leis na saincheistanna agus ionchais thodhchaíocha cheardaíocht na bhfoirgneamh dúchasach a fheabhsú
Amscála	Bliain 2

Gníomh 11 Oiliúint reatha i gcaomhnú foirgneamh dúchasach a mheas agus cuir chuige feabhsaithe a éascú

Ní mór dúinn scrúdú a dhéanamh ar phróifíl na bhfoirgneamh agus na gceirdeanna dúchasacha nuair a bhíonn ceardaithe/cleachtóirí á n-oiliúint. Is féidir é seo a fheabhsú trí fhorbairt ghairmiúil leanúnach agus laethanta oiliúna. Chomh maith leis sin, ní mór staid reatha cheirdeanna na bhfoirgneamh dúchasach a mheas, ní mór fadhbanna a shainaithint agus réitigh a mholadh. Go dtí le deireanas, ba iad úinéirí na bhfoirgneamh a dhéanfadh cuid den obair deisiúcháin agus ní mór é seo a chur san áireamh freisin.

Modhanna	Measúnú a dhéanamh ar conas a dhéileáiltear lenár n-oidhreacht dhúchasach thógtha i gcúrsaí oiliúna do thógálaithe, ailtirí, innealtóirí, pleanálaithe agus suirbhéirí, foireann údaráis áitiúil agus daoine eile
Comhpháirtí	An Chomhairle Oidhreachta
Rannpháirtithe	Tógálaithe, ailtirí, innealtóirí, pleanálaithe, suirbhéirí, foireann údaráis áitiúil, comhlachtaí ionadaíocha ábhartha, institiúidí tríú leibhéal, úinéirí foirgnimh, SPAB Éireann, ICOMOS Éireann, EBUKI agus comhlachtaí caomhantais agus grúpaí eile
Toradh	Breis eolais agus muiníne i measc tógálaithe agus daoine eile i ndáil le déileáil le foirgnimh dhúchasacha
Obair leantach	Athbhreithnigh cleachtais agus lean leis an gcur chuige CPD
Amscála	Bliain 2

Gníomh 12 Lárionad a bhunú le haghaidh scileanna, ábhar agus taighde foirgneamh dúchasach

Bealach éifeachtach chun scileanna agus ábhair dhúchasacha a roinnt agus tacú leo ba ea lárionad do scileanna agus ábhair d'fhoirgnimh dhúchasacha a chur ar fáil. Spreagfadh an lárionad úsáid a bhaint as smaointe, modhanna agus ábhair dhúchasacha sa phobal ar bhonn níos ginearálta.

Modhanna	Breithmheas a thabhairt ar na lárionaid ábhartha in Éirinn agus thar lear; scrúdú a dhéanamh ar an bhféidearthacht a bhaineann le lárionad a bhunú chun oiliúint a sholáthar i scileanna dúchasacha agus taighde ar ábhair
Comhpháirtí	An Chomhairle Oidhreachta
Rannpháirtithe	Ceardaithe/cleachtóirí, an pobal i gcoitinne, scoileanna agus coláistí, údaráis áitiúla; músaeim/páirceanna oidhreachta; iontaobhais/grúpaí oidhreachta; Ard-Mhúsaem na hÉireann; oideachasóirí
Toradh	Lárionad a bhunú le haghaidh scileanna, ábhar agus taighde foirgneamh dúchasach
Obair leantach	Athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmiú ionaid; scrúdú a dhéanamh ar roghanna for-rochtana (nó lárionaid satailíte réigiúnacha); tionscadail tógála pobalbhunaithe a thionscnamh, deisiú foirgneamh dúchasach atá ann cheana féin nó foirgnimh nua a thógáil bunaithe ar smaointe, modhanna nó ábhair dhúchasacha
Amscála	Bliain 3

Gníomh 13 Deisiú agus cothabháil atá oiriúnach don oidhreacht dhúchasach a chur chun cinn

Tá scóip shuntasach ann chun léargas praiticiúil a thabhairt ar chaomhnú foirgneamh dúchasach, trí dheis rannpháirtíochta a thabhairt do cheardaithe/cleachtóirí, foireann údaráis áitiúil agus úinéirí foirgnimh, agus béim a leagan ar fhadhbanna coitianta.

Modhanna	Laethanta oscailte a eagrú chun léargas a thabhairt ar dhea-chleachtas, trí úsáid a bhaint as foirgnimh dhúchasacha agus modhanna eile; agus leanúnachas an chuir chuige seo a chinntiú i rith agus i ndiaidh shaolré na straitéise
Comhpháirtí	Ceardaithe/cleachtóirí roghnaithe
Rannpháirtithe	Úinéirí foirgnimh; ceardaithe/cleachtóirí; foireann údaráis áitiúil; iontaobhais/grúpaí oidhreachta; institiúidí tríú leibhéal; músaeim agus páirceanna oidhreachta, craoltóirí, na meáin chlóite agus na meáin shóisialta
Toradh	Fianaise ar bhreis feasachta ar dheisiúchán a chuireann foirgnimh dhúchasacha san áireamh
Obair leantach	Leanúnachas chur chuige na laethanta oscailte a chinntiú i rith agus i ndiaidh shaolré na straitéise
Amscála	Bliain 1-3

Téama 3: Cuir ar aghaidh ár nOidhreacht Dhúchasach Thógtha

Gníomh 14	Samhlacha a chur i láthair d'athchóiriú séimh tithe dúchasacha le haghaidh úsáidí comhaimseartha (B2-3)
Gníomh 15	Measúnú a dhéanamh ar an bpoitéinseal a bhaineann le i bhfad níos mó úsáide a bhaint as tithe dúchasacha mar chóiríocht do thurasóirí (B3)
Gníomh 16	Measúnú a dhéanamh ar inbhuanaitheacht shóisialta, chultúrtha agus gheilleagrach lonnaíochtaí dúchasacha (B3)
Gníomh 17	Cuir chuige a fhorbairt chun ár dtírdhreacha dúchasacha a shainaithint agus a bhainistiú (B3)
Gníomh 18	Scrúdú a dhéanamh ar úsáid smaointe agus ábhar dúchasach i ndearadh foirgneamh nua (B3)

Téama 3: Cuir ar aghaidh ár nOidhreacht Dhúchasach Thógtha

Ní mór go mbeadh ról le himirt ag ár n-oidhreacht dhúchasach thógtha sa todhchaí mar aon le léargas a thabhairt ar an saol a caitheadh agus an saol mar atá.

D'fhéadfadh an oidhreacht seo a bheith ábhartha do ghlúnta amach anseo má áirítear na smaointe, modhanna agus ábhair a bhaineann lenár n-oidhreacht dhúchasach i dtógáil go ginearálta mar chuid de stíleanna maireachtála inbhuanaithe.

Gníomh 14 Samhlacha a chur i láthair d'athchóiriú séimh tithe dúchasacha le haghaidh úsáidí comhaimseartha

Ba cheart go mbeifí in ann líon mór tithe dúchasacha, atá folamh agus ar fáil i gceantair uirbeacha agus thuaithe, a úsáid go táirgiúil mar thithe compordacha. Is den tábhacht é go spreagfaí úinéirí ionchasacha foirgnimh mar seo a cheannach trí chabhrú leo agus/nó aird a tharraingt ar thionscadail shonracha agus tairbhe a bhaint as cur chuige atá dírithe ar chaomhnú, agus an am céanna a bheith airdeallach ar an ngá atá le héifeachtúlacht fuinnimh a uasmhéadú.

Modhanna	Gnáthfhoirgnimh agus foirgnimh inacmhainne a bhféadfaí iad a athchóiriú a mholadh agus tionscadail chun iad a athchóiriú a chómhaoiniú; na tionscadail sin a chur i láthair daoine atá ag obair san earnáil, ar an idirlíon agus sna meáin; scéim dámhachtana a eagrú chun aitheantas a thabhairt do thionscadail éifeachtacha, a tharraingíonn aird ar ár n-oidhreacht dhúchasach
Comhpháirtí	Ceardaithe/cleachtóirí roghnaithe
Rannpháirtithe	Úinéirí foirgnimh/úinéirí poitéinsiúla; ceardaithe/cleachtóirí; foireann údaráis áitiúil; iontaobhais/grúpaí oidhreachta; institiúidí tríú leibhéal; músaeim/ páirceanna oidhreachta
Toradh	Eiseamláirí d'athchóiriú tithe dúchasacha
Obair leantach	Athbhreithniú a dhéanamh ar thionscadail ar bhonn leanúnach, a bheith cothrom le dáta maidir leis an eolas atá ag athrú in Éirinn agus thar lear
Amscála	Bliain 2-3

Gníomh 15 Measúnú a dhéanamh ar an bpoitéinseal a bhaineann le i bhfad níos mó úsáide a bhaint as tithe dúchasacha mar chóiríocht do thurasóirí

D'fhéadfaí tithe dúchasacha a úsáid mar chineál cóiríochta cultúrtha ar leith a mbeadh tóir ag cuairteoirí orthu, cuairteoirí ón tír seo agus ó thar lear. Ag an am céanna, tá an poitéinseal a leithéid sin de thionscnamh, dá mbeifí lena chur i bhfeidhm go forleathan, díriú ar cheist na dtithe dúchasacha tréigthe. De bhrí gur nós le héileamh a bheith ar chóiríocht turasóireachta i rith na dtréimhsí níos breátha den bhliain, ba cheart go bhféadfaí iad a athchóiriú ar bhealach a úsáideann níos lú idirghabhála ná mar a bheadh ag teastáil le haghaidh tithe a bhfuil daoine ina gcónaí iontu an t-am ar fad.

Modhanna	Tionscadal píolótach a eagrú i gcontae ar leith, obair a dhéanamh leis an údarás áitiúil, leasa turasóireachta agus feirmeoireachta chun scrúdú a dhéanamh ar an bpoitéinseal a bhaineann le cóiríocht uathúil, mhealltach agus spéisiúil ó thaobh an chultúir de a chur ar fáil don earnáil turasóireachta, a d'fhéadfadh cabhrú freisin an sprioc go mbeidh úsáid inmharthana á baint as tithe nach bhfuil oiriúnach le cónaí iontu ar bhonn lánaimseartha a chomhlíonadh.
Comhpháirtí	Údarás áitiúil roghnaithe, comhlacht áitiúil nó turasóireachta roghnaithe
Rannpháirtithe	Úinéirí foirgnimh, údaráis áitiúla, leasa turasóireachta áitiúla, comhlachtaí turasóireachta réigiúnacha agus áitiúla, comhlachtaí ionadaíocha feirmeoireachta, institiúidí tríú leibhéal
Outcomes	Infhaighteacht úsáid mhalartach le haghaidh tithe dúchasacha nach bhfuil daoine ina gcónaí iontu nó a mbíonn daoine ina gcónaí iontu anois agus arís
Obair leantach	Athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtacht scéim phíolótach; tacú le forbairt
Amscála	Bliain 3

Gníomh 16 Measúnú a dhéanamh ar inbhuanaitheacht shóisialta agus chultúrtha lonnaíochtaí dúchasacha

Go hiondúil, ní bhíonn dóthain measa á léiriú dár lonnaíochtaí dúchasacha, gráigeanna feirme den chuid is mó. Ag croílár an ghníomhartha seo tá staidéar Thuaidh-Theas ar ghráigeanna roghnaithe, ina ndírítear ar athrú a dhéanamh ach a bheith dílis don charachtar san am céanna.

Modhanna	Gráigeanna samplacha a shainaithint agus staidéar a dhéanamh ar a n-inbhuanaitheacht shóisialta, chultúrtha agus gheilleagrach; na torthaí a fhoilsiú
Comhpháirtí	Institiúid(i) tríú leibhéal, údaráis áitiúla roghnaithe
Rannpháirtithe	Áitritheoirí lonnaíochtaí roghnaithe, ceardaithe agus cleachtóirí áitiúla, An Roinn Pobal (Tuaisceart Éireann)
Outcome	Tuiscint ar na fachtóirí ba chúis le hinmharthanacht nó meath na lonnaíochtaí dúchasacha
Obair leantach	Tionscadal feabhais a thionscnamh a bhfuil na pobail agus na húdaráis áitiúla seo páirteach ann. Amach anseo: staidéar uile-oileáin de ghráigeanna agus é mar aidhm a n-inbhuanaitheacht a fheabhsú
Amscála	Bliain 3

Gníomh 17 Cuir chuige a fhorbairt chun ár dtírdhreacha dúchasacha a shainaithint agus a bhainistiú

Tá tírdhreacha éagsúla in Éirinn lena mbaineann carachtar dúchasach uathúil, lena n-áirítear comhchruinnithe gráigeanna, cleachtais feirmeoireachta agus córais páirceanna stairiúla, nó comhchruinnithe de struchtúir nó gnéithe a bhaineann le seanchas na ndaoine. Is féidir tacú leo siúd a shainaithint, agus bealaí a fhorbairt ionas gur féidir tacú le pobail iad a bhainistiú, agus ar an tslí sin a chinntiú go mbaineann buntáistí sóisialta, cultúrtha agus geilleagracha leo. Ba cheart go mbeadh an gníomh seo ag cur leis an Straitéis Náisiúnta Tírdhreacha. Cuireann Scéim Deontais na bhFoirgneamh Feirme Traidisiúnta agus Feirmeoireacht Ardluacha Dúlra GLAS leis an obair atá ar bun chun ár dtírdhreacha dúchasacha a chaomhnú.

Modhanna	Tírdhreacha dúchasacha a shainmhíniú agus a shainaithint; staidéar de thírdhreach samplach a thionscnamh agus scrúdú a dhéanamh ar conas is féidir leis an bpobal é a bhainistiú lena chinntiú go mbaineann buntáistí sóisialta, cultúrtha agus geilleagracha leis
Comhpháirtí	Údarás áitiúil, institiúid tríd leibhéal nó sainchomhairleoireacht
Rannpháirtithe	An Chomhairle Oidhreachta, comhlachtaí ionadaíocha feirme, údarás áitiúil, comhlachtaí/gníomhaireachtaí rialtais
Toradh	Tuiscint níos fear ar thírdhreacha dúchasacha, measúnú mionsonraithe ar thírdhreach roghnaithe
Obair leantach	Bealaí a fhorbairt ionas gur féidir le háithritheoirí tírdhreacha dúchasacha a bhainistiú agus a chosaint ar bhealach íogair agus a chinntiú go mbaineann áitritheoirí tairbhe as na tírdhreacha dúchasacha; iarracht a dhéanamh an cur chuige seo a chur i bhfeidhm
Amscála	Bliain 3

Gníomh 18 Scrúdú a dhéanamh ar úsáid smaointe agus ábhar dúchasach i ndearadh foirgneamh nua

Díríonn an gníomh seo ar conas a bhféadfaí foirgnimh nua a dhearadh ar bhealach a fhoghlaimíonn ón oidhreacht dhúchasach thógtha. Déileálfaidh an gníomh seo go sonrach le foirgnimh feirme, chun daoine a spreagadh díriú ar struchtúir seachas struchtúir feirme ar scála tionsclaíoch, a bhfuil cuma phraiticiúil orthu.

Modhanna	Tionscadal píolótach a bhunú chun foirgnimh feirme nua a dhearadh; samhlacha a chur i láthair; treoir a fhoilsiú
Comhpháirtí	Teagasc
Rannpháirtithe	Feirmeoirí, comhlachtaí ionadaíocha feirmeoireachta, dearthóirífoirgneamh feirme, ceardaithe/cleachtóirí, údaráis áitiúla, institiúid(í) tríú leibhéal, coláistí talmhaíochta
Toradh	Smaointe dearaidh éagsúla maidir le tógáil foirgneamh feirme comh-aimseartha a bhaineann úsáid as smaointe agus ábhair dhúchasacha
Obair leantach	Tús a chur le tionscadail leis an earnáil tógála agus le hoideachasóirí indúichí áirithe chun scrúdú a dhéanamh ar smaointe dúchasacha
Amscála	Bliain 3

An Straitéis a chur chun feidhme

Seo a leanas príomhaidhmeanna na straitéise - a léiriú don phobal i gcoitinne, ceardaithe/cleachtóirí (tuíodóirí, tógálaithe ballarach láibe, etc., tógálaithe ginearálta atá ag obair ag scála beag, ailtirí, innealtóirí, suirbhéirí agus pleanálaithe), údaráis áitiúla agus ranna rialtais agus comhlachtaí Stáit eile a úsáideann ár n-oidhreacht dhúchasach thógtha, go bhfuil ról lárnach ag an oidhreacht sin in ómós áite agus gur féidir an oidhreacht a úsáid, agus gur cheart an oidhreacht a úsáid, mar chuid den réiteach ar ár riachtanais reatha agus thodhchaíocha tithíochta agus cóiríochta (riachtanais turasóireachta) san áireamh.

Is é an bealach is fearr chun na buntáistí a léiriú luach na hoidhreacht dúchasaí tógtha a chur in iúl ar an idirlíon, i bhfoilseacháin agus, b'fhéidir, níos tábhachtaí fiú, trí léargas praiticiúil a thabhairt ar oiriúnuithe íogaire agus ar chaomhnú foirgneamh dúchasach ag leibhéil áitiúla agus réigiúnacha.

Beidh ról ceannaireachta ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht a gcur chun feidhme na straitéise seo agus sa bheartas náisiúnta maidir hoidhreacht dhúchasach thógtha a chomhordú. Go tráthúil, léirítear sna trí rannán den roinn príomhghnéithe na hoibre atá ar bun faoi láthair. Chomh maith leis sin, sannfar pearsanra cuí laistigh den roinn don chuspóir seo. Glacfar le cur chuige uile-rialtais chun aistriú éifeachtach agus comhsheasmhach torthaí a chinntiú. Beidh comhpháirtithe agus rannpháirtithe ábhartha eile ag obair ar gach gníomh. Samhlaítear go mbeidh rannpháirtíocht an phobail i gceist, más féidir, chun scaipeadh forleathan faisnéise agus taithí a chinntiú. Cuid thábhachtach den chlár é laethanta oscailte, deis tionscadail agus scileanna a léiriú, agus scaipeadh faisnéise.

Le cois bainistíocht inmheánach agus maoirseacht bhuiséadach laistigh den Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht, chun chur i bhfeidhm éifeachtach na n-ocht ngníomhartha déag a chinntiú, tá sé beartaithe grúpa comhairleach a bhunú, a dhéanfaidh ionadaíocht ar phríomhpháirtithe leasmhara, lena n-áirítear comhlachtaí Stáit, údaráis áitiúla, ceardaithe/cleachtóirí, úinéirí, comhlachtaí feirmeoireachta, eagraíochtaí pobail, institiúidí tríú leibhéal agus Roinn na bPobal (Tuaisceart Éireann). Chomh maith leis sin, b'fhéidir go mbeadh an grúpa seo in ann cabhrú le réitigh ar fhadhbanna a d'fhéadfadh a bheith ann.

Tá sé beartaithe go n-eiseofar tuarascáil bhliantúil maidir le gníomhaíocht agus éachtaí, mar aon le hathbhreithniú ar an straitéis nuair a bheidh trí bliana caite.

D'fhéadfadh paindéim reatha Covid-19, trí shrianta riachtanacha maidir le sluaite daoine a bheith ag bailiú le chéile, srian a chur le gnéithe áirithe de na ngníomhartha sa straitéis nó iad a chur ar ceal. Táthar ag súil go mbeifear in ann cuid de na himeachtaí amuigh faoi aer, ar a laghad, a reáchtáil trí bhearta oiriúnacha a chur i bhfeidhm chun sláinte an phobail a chosaint.

Comhairliúchán a Rinneadh don Straitéis

Baineadh tairbhe as plé le, agus aighneachtaí ó raon leathan comhlachtaí agus daoine aonair, breis is 100 fad, a bhfuil spéis acu inár n-oidhreacht dhúchasach, nuair a bhí an straitéis seo á cur i dtoll a chéile. Áirítear ina measc freisin comhlachtaí ábhartha i dTuaisceart Éireann, an Roinn Pobal go háirithe, ar cuid dá sainchúram an oidhreacht dhúchasach.

Tugadh láithreoireachtaí ag cruinnithe de chuid oifigigh oidhreachta na n-údarás áitiúil i Meán Fómhair 2019, oifigigh caomhantais ailtireachta údaráis áitiúil i mí na Nollag 2019, ICOMOS Ireland i mí Feabhra 2020, Ard-Mhúsaem na hÉireann i Márta 2020, Rannán na Timpeallachta Stairiúla i Roinn Pobal (Tuaisceart Éireann) i Márta 2020. Reáchtáladh roinnt cruinnithe le pearsanra oidhreachta ó roinnt údarás áitiúil, agus le roinnt úinéirí foirgnimh freisin.⁵

Tá liosta de na comhlachtaí agus daoine aonair a rinne aighneachtaí le fáil in Aguisín 1.

⁵ Cuireadh roinnt cruinnithe eile a bhí beartaithe ar ceal mar gheall ar shrianta a bhain le Covid-19. Rinneadh tuilleadh plé le roinnt daoine aonair trí chomhráite teileafóin.

3 Oidhreacht Dhúchasach Thógtha na hÉireann

Úsáidtear an focal ‘dúchasach’, i gcomhthéacs na haitireachta, chun cur síos a dhéanamh ar fhoirgnimh agus struchtúir atá, nó a bhí, deartha agus tógtha ag ‘gnáthdhaoine’, seachas rialtóirí agus daoine eile a bhfuil údarás acu.⁶ Is cuid de chur chuige neamhfhoirmiúil i ndáil le haitireacht agus leis an tírdhreach iad foirgnimh den chineál seo, atá ag feidhmiú lasmuigh den ailtireacht fhoirmiúil tríd is tríd, atá fréamhaithe go domhain agus a mbaineann a saintréithe le smaointe agus teicnící a tháinig ar aghaidh ó ghlúin go glúin laistigh de phobail agus teaghlaigh. Ba iad ár sinsir Mhéisiliteacha a thóg na foirgnimh dhúchasacha is túisce in Éirinn, san ochtú mílaois; agus glactar leis gur tógadh cuid de na foirgnimh dhúchasacha is sine sa tír ón mbliain 1600 ar aghaidh.

Tá ceangal láidir idir ailtireacht dhúchasach agus gnéithe gaolmhara agus réigiúin agus dúichí sonracha in Éirinn. D’fhéadfadh, mar shampla, go mbeadh foirmeacha agus leagan amach ar leith tithe, teicnící tógála balla agus díonadóireachta, le fáil i réigiún amháin seachas réigiún eile, i gcodarsnacht le traidisiúin dearaidh eile nach bhfuil an ceangal céanna acu le háit, traidisiún, aeráid agus timpeallacht.

Go minic ba iad na háitritheoirí féin a thógfadh foirgnimh dhúchasacha, le cúnamh óna dteaghlaigh agus comharsana. Dá réir sin, is tógáil phobail a bhí i gceist, agus is ailtireacht phobail é ailtireacht dhúchasach.



Áitreabh feirme, gar do Charraig Mhachaire Rois, Co. Mhuineacháin (FNOA)

⁶ Tá an téarma seo in úsáid seachas ‘nádúrtha’ agus ‘tíre’.

Gné shonraíoch den oidhreacht dhúchasach thógtha é indibhidiúlacht, ach is indibhidiúlacht é atá fréamhaithe i dtraidisiún pobail.

Is féidir glacadh lenár n-oidhreacht dhúchasach thógtha mar shaintréith de chultúr na hÉireann freisin. Go stairiúil, bheadh taithí saoil daoine a mhair i gCiarraí cosúil le taithí saoil daoine a mhair in Aontroim. Cé go mbaineann saintréithe uathúla Éireannacha lenár n-oidhreacht thógtha, tá gnéithe mórán mar an gcéanna le tabhairt faoi deara in áiteanna eile in Iarthar na hEorpa, in Albain go háirithe, ach chomh maith leis sin in áiteanna san Ibéir agus i gCríoch Lochlann.



Tógáil thurgnamhach dhúchasach, Ard-Mhúsaem na hÉireann (Saol na Tuaithe), Turlach, Co. Mhaigh Eo (Barry O'Reilly)

Aimsíodh na hábhair thógála a úsáideadh go háitiúil agus is ceirdeanna dúchasacha a bhí in úsáid, lena n-áirítear tuíodóireacht, ballarach láibe, caolach, sairseacht chloiche, siúinéireacht, déantús troscáin, cairéalú, leachtbhratadh aoil agus plástráil, gaibhneacht dhubh, agus tuilleadh.

Tá brící atá déanta go háitiúil le fáil i roinnt dúichí, ach tá brící a rinneadh ar bhonn tráchtála le fáil in áiteanna eile, ach bhí sé de nós ag daoine gan na brící a rinneadh sa cheantar áitiúil a úsáid ach i simléir agus b'fhéidir mórthimpeall ar dhoirse agus ar fhuinneoga. Tá úsáid á baint san oidhreacht dhúchasach thógtha freisin as roinnt ábhar eile atá á ndéanamh ar bhonn tráchtála, cosúil le hiarann rocach go háirithe, agus tarra agus feilt chomh maith céanna.



Teach agus leagan amach agus cuma dhúchasach air, ach le ballaí agus díon le cumhdach iarainn rocach, gar do An Campa, Co. Chiarraí (Barry O'Reilly)

Tá iarann rocach le fáil i ngach áit i dtírdhreach na hÉireann mar chlúdach dín ar go leor foirgneamh feirme, in úsáid go minic (nó ag clúdach) seachas an díon tuí a bhíodh ann. Go híorónta, bhíodh an t-ábhar in úsáid chun na díonta tuí a chlúdaíonn sé a chaomhnú freisin. Is léir, áfach, ina dreach mar chlúdach na próifíle cruinn ar na mílte scioból féir, go bhfuil glacadh leis anois mar shiombail de cheantar tuaithe na hÉireann. Níl formhór na scioból seo dúchasach iontu féin, ach ciallaíonn a láithreacht i bhformhór na gclós feirme dúchasach gur dlúthchuid de na bailiúcháin seo iad.

Ní féidir a ligean i ndearmad nach bhfuil an méid céanna taifeadtaí maidir le saol 'gnáthdhaoine' a mhair sna haoiseanna roimhe seo le fáil i gcomparáid le daoine a raibh stádas níos airde acu sa tsochaí. Tugann an oidhreacht dhúchasach thógtha léargas dúinn, idir na struchtúir atá fós ina seasamh agus na loirg faoi thalamh, ar láithreacht fhisiciúil ár sinsear neamhthairde. Tá tábhacht le cuir chuige seandálaíocha chun an ré seo a thabhairt chun solais.



Taobh istigh de chistin, Maigh Ghlas, Co. Loch Garman (Cartlann Grianghraf, Seirbhís Shéadchomharthaí Náisiúnta)

Cé go bhfuil foirgnimh agus gnéithe eile le feiceáil sa tírdhreach, is cuid shuntasach é an oidhreacht dhúchasach thógtha dár n-oidhreacht chultúrtha dholáimhsithe freisin, mar atá sainaitheanta ag UNESCO sa 'Choinbhinsiún maidir le Caomhnú na Cartlann Grianghraf, Seirbhís Shéadchomharthaí Náisiúnta hOidhreachta Cultúrtha Doláimhsithe' (Páras, 2003):

Tá an oidhreacht chultúrtha dholáimhsithe seo, a théann ó ghlúin go glúin, á hathchruthú go leanúnach ag pobail agus ag grúpaí mar fhreagairt dá dtimpeallacht, dá n-idirghníomhaíocht leis an dúlra agus lena stair, agus soláthraíonn an oidhreacht seo braistint féiniúlachta agus leanúnachais, rud a thacaíonn le meas ar éagsúlacht chultúrtha agus ar chruthaitheacht an duine.



Sceach cheirteacha, Tobar Beannaithe Bhríde, An Tulaigh Thoir, Co. Chill Dara
(Barry O'Reilly)

Is ionann ár n-oidhreacht dhúchasach thógtha agus nasc inláimhsithe le háiteanna cónaithe agus oibre na ndaoine a chuaigh romhainn, agus fianaise atá ann freisin ar a gcruthaitheacht agus praiticiúlacht neamhchúthail. Is ciseal tábhachtach cultúrtha é an oidhreacht dhúchasach thógtha inár dtírdhreacha tuaithe agus i gcuid dár dtírdhreacha níos uirbí freisin. Tá sé díreach chomh luachmhar agus chomh tábhachtach i gcomhthéacs ár n-oidhreacht cultúrtha is atá ár séadchomharthaí seandálaíochta agus ár n-aitireacht fhoirmiúil. Bheadh caillteanas na hoidhreacht seo in aon áit nó dúiche ar leith díobhálach d'ómós áite na dúiche sin. Chomh maith leis sin, cruthaíonn ár n-oidhreacht dhúchasach nasc eadrainn féin agus ár sochaithe traidisiúnta ar fud an domhain agus, dá réir sin, is cuid de thraidisiún domhanda roinnte atá ann, a d'fhéadfadh cur lenár dtuiscint ar an duine daonna agus lenár gcomhbhá don duine daonna.

Is deacair eolas a bhailiú faoi thuairimí, leibhéil eolais agus tuiscint an phobail ar an oidhreacht dhúchasach thógtha, chomh fada is a bhaineann leis an bpobal i gcoitinne, ceardaithe/cleachtóirí agus údaráis rialála, ach gach seans go bhfuil raon leathan tuairimí, eolais agus tuisceana ann, idir naimhdeas agus glacadh leis gur bhain an oidhreacht dhúchasach thógtha le tréimhsí dúshlánacha dár stair — róphlódú, taise agus drochsholas — agus maoithneachas agus cumha níos neodraí agus spéis mhór. Tá sé tugtha faoi deara go mbíonn cuairteoirí eachtracha, nach dtugann an oiread céanna airde ar chruatan na laethanta atá thart b'fhéidir, beagán níos dearfaí faoi thithe dúchasacha ná cuairteoirí Éireannacha, agus go minic go mbíonn cuairteoirí Éireannacha ag iarraidh a oibriú amach conas a bhféadfadh duine maireachtáil i bhfoirgneamh sean agus 'primitibheach'.



Teach gar do Bhaile Uí Chairbre, Co. Phort Láirge (FNOA)

Mar sin féin, níl aon amhras ann ach go mbíonn dúshláin le sárú ag úinéirí foirgneamh níos sine. Tá na foirgnimh seo ag feidhmiú go struchtúrtha agus laistigh den timpeallacht ar bhealach a éilíonn ar úinéirí a bheith solúbtha agus oibriú leis an bhfoirgneamh, seachas cur isteach ar an bhfoirgneamh gan ghá. Ní mór freisin go mbeadh úinéirí toilteanach am a chaitheamh ag obair orthu agus a bheith toilteanach aire a thabhairt dóibh. Is rud dearfach é dúiseacht i bhfoirgneamh lena mbaineann carachtar speisialta gach maidin; ceist eile ar fad, áfach, é taise aníos a fheiceáil áit nach bhfaca tú a leithéid riamh roimhe sin, fiú má bhíonn an geimhreadh fada agus fliuch.

Freagraíonn an oidhreacht dhúchasach thógtha don timpeallacht mórthimpeall uirthi, go háirithe i ndáil le láithreánú, treoshuíomh agus ábhair, agus tá dlúthnasc idir an oidhreacht dhúchasach thógtha agus saol a háitritheoirí agus a húsáideoirí. Is toradh ar chomhtháthú le háit, traidisiún agus timpeallacht iad ár bhfoirgnimh, clóis feirme, teorainneacha agus tírdhreacha cultúrtha iomlána dúchasacha fiú.

Baineann ábhair a úsáid i dtógáil foirgneamh dúchasach — láib, tuí gránaigh, giolcach, slata sailí agus coill, scraitheanna ón bportach, cloch ón ngarraí nó ó chairéil bheaga, adhmaid ón gcoill áitiúil, fáлта, seanbháid agus adhmaid raice, nó adhmaid faighte i bportaigh — leis an gceantar áitiúil. Chomh maith leis sin, tá ceirdeanna tógála dúchasacha, cosúil le tuíodóireacht, gaibhneacht dhubh, ballarach láibe agus caoladóireacht, fréamhaithe sa traidisiún agus sa tírdhreach áitiúil. Tá formhór na n-ábhar seo glas, neamhdhíobhálach don timpeallacht agus inbhuanaithe.

Maítear go mbaineann tréithe den scoth le go leor ábhar dúchasach chomh fada is a bhaineann le hoiriúnú agus seasmhacht aeráide. Deirtear mar shampla, go bhfuil ballaí tiubha cré, mar bhonn le fionnuaire laistigh nuair a bhíonn na teochtaí arda agus teocht laistigh nuair a bhíonn na teochtaí íseal, de bhrí go gciallaíonn an cóimheas íseal idir fuinneoga agus ballaí go mbíonn an taobh istigh inslithe ó athruithe tobanna teochta. Chomh maith leis sin, glactar leis gur inslitheoir den chéad scoth é tuí. I gcomhthéacs na hÉireann, tá sé riachtanach measúnú criticiúil a dhéanamh ar na cáilíochtaí seo den ailtireacht dhúchasach go háirithe.



Teach agus díon déanta as sclátaí ó Roisín agus Cailleach, gar do Dhún Fionnachaidh, Co. Dhún na nGall (Joe Gallagher/Greg Stevenson)

Chomh maith leis sin, baineann suntas stairiúil luibheolaíoch agus talmhaíochta le díonta tuí stairiúla, de bhrí go gcaomhnaíonn siad ábhair nach bhfuil mórán úsáide á baint astu inniu (nó úsáid ar bith), cosúil le seanchineálacha de thuí gránaigh.

Ní mór glacadh lenár n-oidhreacht dhúchasach mar chuid den réiteach i ndáil leis na dúshláin a bhaineann le tithíocht agus athrú aeráide. Tá 'fuinneamh cuimsithe' le fáil i bhfoirgnimh dhúchasacha atá ina seasamh, mar atá i ngach foirgneamh.

Sainmhíniú amháin ar fhuinneamh cuimsithe é 'an fuinneamh ar fad a theastaíonn le haghaidh asbhaint, próiseáil, déantúsaíocht, agus soláthar foirgneamh'.⁷ Ciallaíonn foinsiú áitiúil go leor ábhar agus scileanna d'fhoirgnimh dhúchasacha agus nádúr orgánach na bpríomhábhar go bhfuil fuinneamh cuimsithe foirgneamh dúchasach i bhfad níos ísle ná an fuinneamh cuimsithe a bhaineann le go leor modhanna tógála eile. Chomh maith leis sin, go dtí lár an 20^ú haois b'fhéidir, bhí ar chumas go leor úinéirí ábhair a sholáthar agus bhí ar chumas cuid acu na scileanna a sholáthar chomh maith, rud a bhí mar bhonn leis na hionchuir fuinnimh a íoslaghdú. Ar an gcuma chéanna, ní raibh mórán fuinnimh ag teastáil le haghaidh oibreacha deisiúcháin agus cothabhála.

⁷ https://ec.europa.eu/energy/eu-buildings-factsheets-topics-tree/embodied-energy_en

Ár nOidhreacht Dhúchasach Thógtha a Aithint⁸

Tugtar léargas ginearálta sa Straitéis seo ar an oidhreacht dhúchasach thógtha, lena n-áirítear micrileibhéal na bhfeisteas tí agus macraileibhéal na dtírdhreach iomlán. Ní nach ionadh, tá béim mhór ar fhoirgnimh, go háirithe ar thithe agus ar thithe lasmuigh atá sa chuid is mó dár n-oidhreacht dhúchasach thógtha, agus is cinnte gurb iad na samplaí is sofheicthe dár n-oidhreacht dhúchasach. Baintear úsáid as cuid de na míreanna seo le haghaidh cúiseanna sonracha agus ag amanna sonracha, na toibreacha beannaithe mar shampla. Tá fianaise le fáil sa chineál saoil atá imithe le fána, cosúil le féarach samhraidh (bualteachas), i bhfothraigh na mbothán ar thaobh na gcnoc. Cuireann struchtúir eile fós i gcuimhne dúinn conas a rinneadh rudaí roimhe seo, cosúil le háitheanna aoil nó ceilpe.

Ní féidir breathnú ar na struchtúir seo ina n-aonar, is ann dóibh taobh le raon leathan struchtúr agus gnéithe eile.

Tá seastáin chuinneoige, geataí feirme agus páirce, toibreacha, sean-iomairí prátaí, láithreáin bhuaile (bualteachas), teorainneacha agus geataí páirce, ceártaí, muilte agus áitheanna, séipéil ré na bpéindlíthe, carraigeacha aifrinn agus toibreacha beannaithe, reiligí páistí, crainn, toir agus clocha a bhaineann leis an traidisiún, pinn churaí, céanna agus cairn cheilpe, tithe allais, droichid lindéar, vaigíní agus pubaill de chuid an Lucht Siúil, pinniúir liathróide agus faichí aonaigh, lonnaíochtaí dúchasacha (gráigeanna feirmeoireachta den chuid is mó, ar a dtugtar ‘clachans’ uaireanta), áthanna, cosáin aifrinn agus sean-ródbhealaí (nach bhfuil in úsáid níos mó), ach chomh maith leis sin, tá go leor leor struchtúr agus gnéithe eile le feiceáil.



Vaigín de chuid an Lucht Siúil, gar d'Fhiodh Ard, Co. Thiobraid Árann (Barry O'Reilly)

⁸ Díol spéise is ea gurb iad na Gearmánaigh agus na Lochlannaigh, sna 1930idí, a chuir na chéad staidéir eolaíochta ar ár n-oidhreacht dhúchasach i gcrích: Muhlhausen, Ludwig, 'Contributions to the study of the tangible material culture of the Gaeltacht', Irishleabhar Chumann Staire agus Seandálaíochta Chorcaí, iml. 38 (1933), lgh.67-71 agus iml. 39 (1934), lgh.41-51; Campbell, Åke, 'Irish fields and house', Béaloidias, iml. 1 (1935), lgh.57-74.



Teach allais, gar do Dhroim Seanbhó, Co. Liatroma (FNOA)

Tá roinnt tithe, tithe lasmuigh agus struchtúir thionsclaíocha nó struchtúir dhúchasacha eile á n-aithint mar struchtúir chosanta faoi na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt mar gheall ar an suntas speisialta a bhaineann leo agus tá siad á gcur san áireamh i dTaifid na nDéanmhas Cosanta atá á chruthú ag gach comhairle áitiúil. De réir a chéile, tá an oidhreacht dhúchasach thógtha á cur san áireamh ag Fardal Náisiúnta na hOidhreacht Ailtireachta (FNOA), a bunaíodh sa bhliain 1999, ina chuid suirbhéanna agus moltaí aireachta chuig údaráis áitiúla. I láthair na huaire, tá breis is 2,000 struchtúr dúchasach le fáil san Fhardal, ach bhí cur chuige éagsúil maidir lena gcuimsiú i bpleananna forbartha údaráis áitiúla le tabhairt faoi deara. Tá toibreacha beannaithe, tithe allais agus roinnt míreanna eile á dtaifeadadh mar oidhreacht sheandálaíoch faoi Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta.

Tá líon i bhfad níos mó struchtúr agus gnéithe nach bhfuil á dtaifeadadh ná á gcosaint, áfach. Gach bliain, tá tuilleadh foirgneamh dúchasach á gcailleadh nó tá athruithe déanta orthu nach bhfuil oiriúnach dóibh agus mar sin tá sé práinneach na foirgnimh atá fós ann a aithint agus a chosaint. Tá sé riachtanach cur go suntasach le líon na bhfoirgneamh dúchasach atá á gcur le Taifead na nDéanmhas Cosanta lena chinntiú nach gcuirtear beartas caomhnaithe/iarfheistithe fuinnimh i bhfeidhm ar bhealach a théann chun aimhleasa d'oibriú éifeachtach na bhfoirgneamh seo amach anseo. Dá gcuirfí na foirgnimh seo san áireamh bheidh rochtain ar fáil ar chúnamh deontais agus ar chomhairle caomhantais.

Cuireadh imní in iúl maidir le hoidhreacht dhúchasach thógtha na hÉireann, áfach, den chéad uair sna 1940idí, nuair a chuir daoine in iúl gur cheart suirbhé náisiúnta a dhéanamh, rud a spreag sraith staidéar spéisiúil a chuir mic linn ailtireachta ó UCD i gcrích, i gcomhpháirt le Coimisiún Béaloideas Éireann agus Ard-Mhúsaem na hÉireann. Ó na 1980idí i leith, tá roinnt mhaith tráchtas scríofa ag mic léinn atá dírithe ar scrúdú a dhéanamh ar oidhreacht dhúchasach thógtha ceantar ar leith.⁹

Níor cuireadh taifeadadh mór ar fud na tíre i gcrích riamh, áfach. D'fhéadfadh go mbeadh gnéithe agus ábhair thógála, agus gnéithe taobh istigh a mbaineann suntas ar leith leo le fáil i bhfoirgnimh dhúchasacha a bhfuil cuma an-simplí nó neamhchasta orthu. Uaireanta, ní thagann an suntas seo chun solais ach nuair a bhíonn foirgneamh i riocht titim as a sheasamh nó nuair atáthar ar tí foirgneamh a scartáil. Sampla amháin é landairí caolaigh nó cléithe nó téastair teallaigh, smeartha le láib go minic. Tá fianaise ar an tábhacht agus ar an bpráinn a bhaineann lenár n-oidhreacht dhúchasach tuaithe agus uirbeach a thaifeadadh le feiceáil ar fud na hÉireann, áit a bhfuil foirgnimh ag lobhadh, nó áit a bhfuil struchtúir nua á gcur in ionad na bhfoirgneamh dúchasach, gan aon iniúchadh ná taifeadadh ar an luach cultúrtha a bhaineann leo a bheith á chur san áireamh formhór an ama. Dá réir sin, tá faisnéis shuntasach maidir le hábhair, modhanna agus go leor gnéithe eile d'fhoirgnimh stairiúla, dhúchasacha á ligean le sruth go síoraí agus is ar éigean go bhfuil aon rud á thaifeadadh. Tá sé riachtanach déileáil leis an easnamh seo ar bhonn práinne. B'fhéidir go mbeadh sé níos fearr dá mbeadh go leor den obair seo á déanamh ag daoine áitiúla a bheadh oile chun ár n-oidhreacht dhúchasach thógtha a thaifeadadh. Go deimhin, tá go leor den obair a bhaineann le sealbhóirí an traidisiúin a thaifeadadh déanta ar an mbealach seo.

⁹ Vernacular Buildings Survey of Fingal (1992-5), mar shampla, a d'fhorbairt Leabharlanna Poiblí Bhaile Átha Cliath/FÁS.



Teach gar do An Chrois, Co. Chill Mhantáin agus téastar teallaigh cléithe (Christiaan Corlett)

Is é an aidhm atá le taifeadadh, ar an gcéad dul síos, faisnéis luachmhar maidir le nádúr ár n-oidhreacht dúchasáí tógtha a athshlánú. Shainaithneofaí foirgnimh lena mbaineann spéis nó suntas ar leith agus ar cheart iad a áireamh i dTaifead na nDéanmhas Cosanta.

Ar an gcuma chéanna, tá práinn ag baint le troscán agus le hoibiachtaí dúchasacha a thaifeadadh agus ba cheart iad a choimeád agus aire a thabhairt dóibh ina suíomhanna dúchasacha más féidir. Tá foirgnimh á dtréigean nó á scartáil go síoraí agus tá na feistis á mbaint amach astu, agus tá gá le cur chuige iomlán nua.¹⁰ Chomh maith leis sin, tá eolas maidir leis an traidisiún á ligean i ndearmad nuair a fhaigheann úinéirí agus ceardaithe bás nó nuair a théann siad in aois. Cabhróidh tuiscint níos críochnúla ar na cúiseanna atá leis an tréigean le beartais inbhuanaithe a fhorbairt a chabhróidh le húsáid a bhaint go leanúnach as foirgnimh den chineál seo.

¹⁰ Ní mór a admháil gur mian le go leor údarás áitiúil foirgnimh dhúchasacha a choimeád, ach fós féin go bhfuil foirgnimh á gcailleadh agus á n-athrú ar bhealaí suntasacha.

Athrú agus Cailteanas¹¹

Ó thart ar lár an 19^ú haois, bhí feabhsuithe ar an mbonneagar iompair mar bhonn le hinfhaighteacht uilíoch ábhar a bhí á dtáirgeadh ar bhonn tráchtála, ábhair a bhíodh á n-iompar achar fada nó á n-iompórtáil ó thar lear go minic. Bhí sé seo mar bhonn le himeallú na n-ábhar agus na modhanna níos sine, agus roinnt teicnící tógála ársa, cosúil le ballarach láibe, nach bhfuil ar úsáid anois ach go fíorannamh.



Foirgneamh feirme le ballaí láibe, gar do Ghéisill, Co. Uíbh Fhailí (Barry O'Reilly)

Taobh leis na hathruithe bhí smaointe níos comhaimseartha maidir le ceisteanna compoird agus stíle ag forbairt, mar aon le ceisteanna a bhain le rialúchán agus gairmiúlacht. In Éirinn, dála go leor tíortha agus réigiúin 'forbartha', cuireadh deireadh le cuir chuige dúchasacha nuair a thosaigh níos mó ailtirí, innealtóirí agus gairmithe eile ag obair san earnáil, agus nuair a ghlac conraitheoirí tógála freagracht as an obair.

Idir lár agus deireadh an 20^ú haois, áfach, tugadh athrú suntasach faoi deara sa tuiscint ghinearálta ar ár n-oidhreacht dhúchasach. Chiallaigh na hiarrachtaí a bheith comhaimseartha, agus cuimhní cinn buana (agus nár tagraíodh dóibh) de bhochtaineacht, den Ghorta Mór, d'eisimirce agus d'imirce inmheánach chuig bailte agus cathracha, go raibh coinbhleacht mhothúcháinach ann agus níos minice ná a mhalairt ligeadh an oidhreacht dhúchasach thógtha i ndearmad.

Dá bharr, fágadh tithe agus clóis feirme dúchasacha folamh, nó nuachóiríodh iad agus athraíodh iad gan aird a thabhairt ar shrianta an traidisiúin a chruthaigh iad.

¹¹ Déantar cur síos i saothar Caroline Maguire dar teideal 'The Changing Vernacular Landscape', ar na cailteanais, go háirithe athsholáthar tithe dúchasacha mar chuid de bheartas oifigiúil i dTuaisceart Éireann, ach tá sé ábhartha i gcomhthéacs Phoblacht na hÉireann chomh maith céanna.

Ainneoin caoithiúlacht agus nua-aimsearthacht na dtithe nua, lena n-áirítear teachíní dea-thógtha saothraithe údaráis áitiúil, a raibh a gcuid foirmeacha agus mionsonraí cosúil le go leor de na tithe níos sine, bhraith go leor áitritheoirí uathu carachtar agus compord na n-áitreabh a mbídís ina gcónaí iontu.

I gcásanna áirithe, níorbh ionann tréigean na bhfoirgneamh níos sine agus fianaise go raibh deireadh ag teacht le ceangal mothúcháinach na n-úinéirí leis na foirgnimh, mar is léir ón athúsáid atá á baint as iar-áiteanna cónaithe mar thithe lasmuigh, nó fothraigh a bheith á gcoimeád. Tá tithe agus struchtúir eile á gcailleadh gan stad, agus glacadh leis go raibh tithe nua níos fearr, níos éasca le cothabháil agus, le faiche thosaigh seachas a bheith suite ar nó gar d'imeall an bhóthair (cosúil le go leor tithe dúchasacha), níos tarraingtí go ginearálta.

Ligeadh tithe agus tithe lasmuigh maithe a bhféadfaí iad a úsáid go leanúnach nó iad a athnuachan i ndearmad, áfach, agus tugadh tús áite do thithe nuathógtha. Ceist shuntasach atá le cur san áireamh é leibhéal feasachta caomhantais úinéirí poitéinsiúla agus a dtógálaithe, innealtóirí agus comhairleoirí. Ba é an nós a bhí ann rómhinic foirgnimh a leagan go talamh nó a athrú go suntasach. Tá sé fíorthábhachtach, áfach, chun an straitéis atá á moladh anseo a chur chun feidhme, go dtuigimid agus go ndéileálaimid leis na bacainní agus dídhreasachtaí atá luaite le húsáid leantach a bhaint as, nó athúsáid a bhaint as ár n-oidhreacht dhúchasach.

Ní mór a chur san áireamh freisin gur gné sheasmhach dár dtimpeallacht thógtha iad foirgnimh dhúchasacha agus gur léir gur féidir na foirgnimh seo a chur in oiriúint do dhálaí athraitheacha saoil glúnta éagsúla. Ghlac beagnach gach úinéir foirgneamh dúchasach leis an nua-aimsearthacht (go drogallach ar dtús, b'fhéidir) i bhfoirm leictrithe — soilse, thar aon rud eile agus i gcás tithe, le fearais tí éagsúla. Níos déanaí, baineadh úsáid as pluiméireacht taobh istigh agus as síntí seomra folctha agus cuireadh 'cistinéid' le tithe. Bhí síneadh curtha le fad go leor tithe dúchasacha níos sine cheana féin, fianaise ar thoilteanas úinéirí tithe dúchasacha dul i muinín an athraithe.

Sa ré níos comhaimseartha, bacainn ar úsáid leantach nó athúsáid foirgneamh dúchasach ba ea riachtanais daoine .i. níos mó spáis, níos mó solais agus airde cinn feabhsaithe. Is fíor go bhfuil spásanna inmheánacha beaga i bhfoirgnimh dhúchasacha agus cóimheas níos lú idir fuinneoga agus ballaí, i gcodarsnacht le nádúr níos fairsinge, níos éadroime, níos 'glaine' teachíní údaráis áitiúil níos nuaí agus tithíocht nuathógtha eile. Ar an lámh eile, tá ballaí níos tibhe i bhfoirgnimh dhúchasacha, a fheidhmíonn mar 'taiscthéitheoir', a ionsúnn an teas i rith an lae agus a scaoileann an teas go mall i rith na hoíche.

Is den tábhacht é go gcaitear go cúramach leis na foirgnimh atá ann faoi láthair, agus go léirítear meas do nádúr an leagain amach, an struchtúir, na dteicnící tógála agus na n-ábhar.

D'fhéadfaí fadhbanna suntasacha a chruthú dá ndéanfaí iarracht úsáidí nua agus ábhair nua a úsáid i gcomhthéacs foirgneamh stairiúil, gan breithniú cúramach a dhéanamh. San am céanna, d'fhéadfadh go mbeadh tionchar ag an athrú aeráide ar ábhair dhúchasacha agus ar a n-infhaighteacht amach anseo, agus ní mór déileáil leis seo.



Áith aoil, gar do An Tonnaigh Dhubh, Co. an Chabháin (FNOA)

Tá tithe dúchasacha difriúil, gan dabht, ach d'fhéadfaidís a bheith níos compordaí — tá sé fíorthábhachtach é seo a dhéanamh ar bhealach nach ndéanann dochar don fhoirgneamh.

Bhí athruithe ar chleachtais talmhaíochta, lena n-áirítear úsáid a bhaint as innealra agus feithiclí níos mó, agus rialacháin nua maidir le bainistíocht beostoic, cleachtais déiríochta agus stóráil grán mar bhonn le foirgnimh feirme a bhí úsáideach agus nach raibh dada mícheart leo a bheith á scartáil nó á ligean i ndearmad, seangheataí a bheith á dtógáil as an mbealach agus slite isteach á leathnú chun innealra nua-aimseartha a thabhairt isteach agus amach. I gcásanna áirithe, tá foirgnimh feirme agus struchtúir eile leagtha go talamh agus tá foirgnimh nua, atá sách mór go minic, tógtha ina n-áit.

Uaireanta bíonn na foirgnimh nua seo rómhór nó bíonn cnuasach acu taobh le chéile agus baineann siad den chuma atá ar sheanchlóis feirme agus a suíomhanna.

Tá scóip ann, áfach, chun foirgnimh feirme nua a dhearadh go cruthaitheach, foirgneamh a urramaíonn spiorad, scála agus suíomh na bhfoirgneamh atá ann cheana féin. I measc na leabhrán eile atá curtha i dtoll a chéile maidir le caomhnú foirgneamh feirme tá 'Reusing Farm Buildings: a Kildare perspective' (Comhairle Contae Chill Dara, 2007) agus 'Traditional Buildings on Irish Farms' (An Chomhairle Oidhreachta/Teagasc, 2006).

Chomh maith leis sin, tá go leor de na scileanna tógála dúchasacha imithe i léig chomh mór sin nach bhfuil mórán daoine in ann tabhairt faoi, mar shampla, ballarach láibe nó rindreáil sliogáin trá, is cuma más foirgnimh atá á dtógáil as an ábhar sin, nó más ballaí atá déanta de na hábhair sin atá á ndeisiú.

D'fhéadfadh caillteanas scileanna den sórt sin, agus na deacrachtaí a bhaineann le hábhair thógála oiriúnacha a aimsiú, bac a chur ar dheisiú agus ar chaomhnú foirgneamh dúchasach. Ba cheart go mbeadh sé indéanta roinnt sean-áitheanna aoil a athbhunú mar fhoinsí aoil le haghaidh tógáil, go háirithe oibreacha caomhnaithe, agus le haghaidh roinnt úsáidí talmhaíochta freisin b'fhéidir. Chomh fada is a bhaineann le ballarach láibe, chuirfeadh tionscadal Thuaidh-Theas atá dírithe ar scrúdú a dhéanamh ar chultúir thógála réigiúnacha in áiteanna difriúla den oileán go mór leis an méid atá ar eolas againn agus chothódh sé spéis san ábhar seo a cháintear go minic.

Tugann an Stát gealltanas i gClár an Rialtais 2020 'béim a leagan ar acmhainneacht do phrintíseachtaí glasa trí Phlean Forbartha Breisoideachais agus Scileanna Glasa, mar go mbeidh réimse leathan scileanna ag teastáil chun dul i ngleic leis an ngéarchéim aeráide ar fud na n-earnálacha tógála, fuinnimh agus oidhreachta nádúrtha' agus 'Scileanna tógála traidisiúnta a spreagadh trí chlár printíseachta a cheapadh in éineacht leis an earnáil tógála inbhuanaithe, ag díriú ar dhisiplíní agus ceirdeanna oidhreachta.'¹²

Is dúshlán agus deis ar leith é filleadh ar an gcur chuige dúchasach i ndáil le tógáil i ré ina bhfuil sé níos tábhachtaí anois ná riamh ár lorg carbóin a laghdú agus nasc a chruthú an athuair le bealaí tógála a thugann léargas ar thimpeallachtaí agus ar chultúir thógála áitiúla agus réigiúnacha.

¹² <https://www.gov.ie/en/publication/7e05d-programme-for-government-our-shared-future/> (lch.116).



Obair láibe caomhantais, Maigh Ghlas, Co. Loch Garman (Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath)

An Tábhacht a bhaineann leis an nGné Aitiúil: an Tírdhreach Dúchasach

Ceann den iliomad gnéithe mealltacha dár n-oidhreacht dhúchasach é an ghné áitiúil agus an bealach a fhreagraíonn sí don aeráid, topagrafaíocht agus timpeallacht áitiúil. Tá úsáid bainte ag na tógálaithe as ábhair a fuarthas go háitiúil agus as ceirdeanna tógála traidisiúnta áitiúla. Is cuid riachtanach den saol – cultúrtha, sóisialta, amharc agus stairiúil, ár bhfoirgnimh, lonnaíochtaí agus tírdhreacha dúchasacha. D'fhéadfadh go mbeadh saintréithe réigiún nó dúichí ar leith ag baint le teorainneacha páirce, is cuma más fála, bruacha cré, ballaí nó sconsaí adhmaid atá i gceist. Baineann tábhacht stairiúil le teach ceann tuí, geata déanta ag an ngabha dubh áitiúil, trinse le haghaidh bád ag taobh abhainn, iomairí tréigthe ar thaobh cnoic, seanchosán i ngarraí, tobar ar thaobh an bhóthair, ballaí cloiche agus seanfhálta sceach, agus go leor struchtúr agus gnéithe eile, agus cabhraíonn siad le cuimhne an phobail a choinneáil beo. Go deimhin, go minic is í an chomhpháirt dhúchasach an ghné is mó a chuireann le saol na háite.



Meilteoir colmais in úsáid, gar do Mhuine Bheag, Co. Cheatharlach (Michael Conry)



Iomairí tréigthe, Rinn Dúin, Co. Ros Comáin (Barry O'Reilly)

Baineann tábhacht le heolas a chur in athuair ar thábhacht bhunúsach na hoidhreacht dúchasaí tógtha i ndúiche ar leith i ndáil le haitheantas, mórtas agus folláine pobail. Beidh cothabháil na hoidhreacht dúchasaí tógtha mar bhonn le tacú le hinmharthanacht scileanna ceardaíochta traidisiúnta agus fostaíocht sa cheantar áitiúil. Is ionann tírdhreach, tuaithe nó uirbeach, a bhfuil tuiscint agus meas againn ar a oidhreacht dhúchasach agus tírdhreach atá mealltach agus lena mbaineann suntas cultúrtha i saol an duine áitiúil agus an chuaipteora araon. Chomh maith leis sin, cuireann sé le geilleagair áitiúla inbhuanaithe agus le comhtháthú sóisialta.

Baineann suntas ar leith leis an gcaidreamh idir foirgnimh agus leis an gcaidreamh idir foirgnimh agus a dtírdhreach áitiúil. Cé go bhfuil roinnt foirgneamh scoite, go hiondúil bíonn foirgnimh suite laistigh de chlós feirme, gráig feirme, sráidbhaile nó baile, agus d'fhéadfaidís a bheith páirteach i roinnt de na suíomhanna seo ag an am céanna. Baineann tábhacht chomh maith céanna le gnéithe neamhthógtha, cosúil le seanchrainn, gairdíní teachíní agus ceapacha curaíochta; chomh maith leis sin, tá crainn (agus foirgnimh) tábhachtach chun foscadh luachmhar ón ngaoth agus ón mbáisteach a sholáthar. Cuireann na rudaí seo ar fad le hómós áite agus d'fhéadfadh aitheantas a thabhairt don idirghníomhaíocht eatarthu agus dá suntasach cabhrú le 'comhfhorbairt áite'.

Tá fianaise ar réigiúnachas le fáil freisin in imfhálú páirce, mar shampla. Go hiondúil, bíonn fála agus díoga le fáil i gceantair ísle, agus ballaí cloiche i gceantair arda agus ceantair in iarthar na tíre. Tá codarsnacht idir ballaí aolchloiche gréasoscailte in Oileáin Árann agus foirmeacha cuailí agus ráillí Fhál Cheatharlach, atá an-choitianta i gcodanna den chontae sin. Laistigh de dhúiche d'fhéadfadh go mbeadh raon foirmeacha agus teicnící in úsáid chun ballaí agus bruacha cré a thógáil, nó go deimhin meascán de chloch agus de chré.



Droichead coise, déanta de leac amháin siosta, trasna sruthán beag, gar do Chonmhaigh, Co. Dhún na nGall (Barry O'Reilly)



Teorainn páirce, déanta de chuaillí eibhir agus inlínadh, Baile an Chnocáin, Co. Chill Mhantáin (Barry O'Reilly)

Go minic bíonn saintréithe le feiceáil ar gheataí iarainn bhuailte a thugann le fios cé hiad na ceardaithe a rinneadh iad agus a chruthaíonn nasc díreach idir an ceardaí agus an chomharsanacht; baineann tábhacht lena leithéid sin de gheataí agus go minic tugtar neamhaird orthu mar chuid dár n-oidhreacht dhúchasach agus cheardaíochta agus ba cheart iad a choimeád in situ. Faoin tráth seo, tá roinnt geataí a rinneadh i monarchana fiú, atá cosúil le seangheataí, éirithe níos teirce agus is fiú iad a chur san áireamh freisin. Tá geataí feadánacha cruach olltáirgthe anois in úsáid seachas an dá chineál geata seo agus tá cuma mórán mar an gcéanna orthu ar fad, ionas gur féidir iad a úsáid taobh le hinnealra feirme comhaimseartha. Is gnéithe áitiúla uathúla iad stíleanna, isteach i bpáirceanna nó ag taobh amháin de gheata freisin, a bhíonn déanta de chloch den chuid is mó, ach uaireanta as adhmaid. Is den tábhacht é nach mbíonn gnéithe tábhachtacha i suíomhanna á gcailleadh mar thoradh ar riachtanais phleanála a bhaineann le hathchóiriú, oiriúnú nó síneadh a chur le tithe dúchasacha, cosúil le crainn fhásta, teorainneacha agus geataí.



Geata páirce, gar do An Teanga, Co. Longfoirt (FNOA)

Ní raibh sé riamh níos tábhachtaí ná mar atá anois dlús a chur faoi thaifeadadh an tírdhreacha dhúchasaigh. Go dtí seo, bhí an obair á déanamh píosa ar phíosa agus is obair neamhéifeachtach a bhí ann. Is é an aidhm atá leis an Straitéis seo a chinntiú gur féidir cur chuige comhleanúnach a fhorbairt, lena n-áirítear treoirlínte chun tionscadail phíolótacha a thaifeadadh agus a fheidhmiú, agus é mar aidhm suirbhé náisiúnta a dhéanamh. Tá tírdhreacha dúchasacha sonracha ann freisin lena mbaineann pearsantacht réigiúnach áirithe: casadh na Siúire, Co. Chill Chainnigh agus Corca Dhuibhne (Leithinis Dhaingean Uí Chúis), Co. Chiarraí, mar shampla.

Bhí an t-aistriú ó úsáid na Gaeilge go dtí úsáid an Bhéarla ar scála forleathan damáisteach ó thaobh an chultúir de in go leor codanna d'Éirinn, rud ba chúis leis an staid reatha ina bhfuil bunús agus brí ainmneacha go leor áiteanna dothuigthe anois. Tá logainmneacha áitiúla, lena n-áirítear ainmneacha páirceanna (gné thábhachtach den obair), leaganacha Gaeilge, Béarla nó galldaithe, taifeadta ag grúpaí áitiúla éagsúla, le cabhair ó oifigigh oidhreachta údaráis áitiúil.¹³ Cuireann obair den sórt seo leis an staidéar atá á dhéanamh ar an tírdhreach dúchasach.



Pinniúr liathróide, gar do Bhaile Chathail, Co. Mhaigh Eo (FNOA)

¹³ Féach, mar shampla, <https://kilkennyheritage.ie/2017/08/kilkenny-field-name-recording-project-2/>

Lonnaíochtaí agus Gráigeanna Dúchasacha

Is gráigeanna feirmeoireachta iad formhór na lonnaíochtaí dúchasacha tuaithe, a gcuimsítear iontu clóis feirme atá grúpáilte taobh lena chéile i leaganacha amach éagsúla. Tá siad seo le fáil i ngach contae, ach tá líon mór acu i ndúichí áirithe fós, cosúil le Cill Chainnigh Theas, Leithinis Dhaingean Uí Chúis, Co. Chiarraí, agus an dúiche mórthimpeall an Fheabhail i gCo. Dhún na nGall agus i dTír Eoghain. Ba cheart an cur chuige seo a leathnú go suntasach, de bhrí go bhfuil gráigeanna leochaileach do chaillteanas carachtair, agus tá go leor acu do-aitheanta mar lonnaíochtaí stairiúla.

Tá athruithe suntasacha le tabhairt faoi deara i bhfoirmeacha agus i leaganacha amach gráigeanna ar fud an oileáin. Ar imeall an Atlantaigh go minic bíonn línte comhthreomhara d'fhoirgnimh le feiceáil atá suite comhthreomhar le, nó ar dronuillinn leis an mbóthar poiblí; agus in áiteanna eile tá foirgnimh eagraithe i gclós agus tá go leor cineálacha éagsúla díobh seo le fáil; tá go leor samplaí d'fhoirmeacha eile a bhfuil cuma randamach orthu le fáil freisin.

Tá aitheantas á thabhairt do shuntas roinnt gráigeanna ag roinnt údarás áitiúil agus tá sé molta go n-ainmneofaí cúpla gráig mar Limistéir Chaomhantais Ailtireachta.¹⁴ Tá le feiceáil i bPlean Forbartha Chontae Chill Cheannaigh an píosa is cuimsithí maidir le gráigeanna dúchasacha.¹⁵

Cé go bhfuil formhór na ngráigeanna nasctha le talmhaíocht, bhíodh iascaireacht (e.g., sráidbhaile cáiliúil an Chladaigh i nGaillimh) nó gníomhaíocht thionsclaíoch (e.g., an lonnaíocht snoíodóra cloiche ag Baile an Chnocáin, Co. Chill Mhantáin) ar bun i ngráigeanna áirithe. Tógadh go leor gráigeanna feirme, go háirithe sna contaetha in oirthear na tíre (ach i gcodanna de Leithinis an Daingin freisin, mar shampla) ag deireadh na meánaoise, go háirithe sa chás go bhfuil caisleáin, séipéil nó gnéithe meánaoiseacha gaolmhara taobh leo. Is dócha gur tógadh cinn eile, go háirithe i gcontaetha an iarthair agus contaetha ar thalamh ard, san 18^ú agus ag tús an 19^ú haois. Tá na lonnaíochtaí déanacha seo nasctha le 'Rondáil', foirm de bhainistíocht talún ar bhain na tuathánaigh tairbhe as a raibh curaíocht i bpáirceanna, féarach lasmuigh de pháirceanna agus gné de bhuailteachas (féarach samhraidh) i gceist leis go minic, agus i gceantair cois cósta, rochtain ar fheamainn agus ar acmhainní eile.

Tá gá le tuiscint i bhfad níos fearr ar ár ngráigeanna tuaithe. Is cosúil go bhfuil drogall áirithe ar dhaoine an téarma 'gráig' a úsáid, ach ciallaíonn sé, go simplí agus go beacht, céard iad na háiteanna seo. Tá sé tábhachtach go mbeifí ag glacadh leo mar chuid lárnach den cheantar tuaithe agus dá dtírdhreacha cultúrtha agus oibre comhaimseartha agus stairiúla.

¹⁴ Féach, mar shampla, pleananna forbartha contae Lú, Chill Chainnigh agus Chiarraí.

¹⁵ Bunaithe ar obair Jack Burtchaell (1988).



Gráig feirme ina bhfuil línte comhthreomhara de thithe agus de thithe lasmuigh, Cill Ura, Ceann Trá, Co. Chiarraí (Barry O'Reilly)



Cuid den lonnaíocht iascaireachta ag Ceann Chlochair, Co. Lú (Barry O'Reilly)



Caidéal uisce, Baile Guaire, Co. Chill Chainnigh, Cé go ndearnadh caidéal mar iad i dteiligcheartaí, is cuid de shaol mhuintir na háite iad (Barry O'Reilly)

Gné choitianta i gceantair uirbeacha na hÉireann ba ea tithe dúchasacha. Is léir ó léarscáileanna mórsála Shuirbhéireacht Ordanáis 1847 de Chathair Bhaile Átha Cliath go raibh rónna fada de bhotháin láibe feadh cuid de na bóithre ar na bruachbhailte ó thuaidh, atá imithe ó radharc le fada an lá anois. Tá samplaí le fáil, áfach, i mbailte agus sráidbhailte níos lú i mbuachbhailte a bhí gar don lár sa 19ú haois. Tá go leor de na gnéithe atá fós le feiceáil athraithe go mór agus ní bhíonn sé soiléir gur samplaí den oidhreacht dhúchasach atá iontu. Bíonn cuma níos fearr ar shamplaí tréigthe agus uaireanta bíonn gnéithe a mbaineann spéis ar leith leo fós le feiceáil, cosúil le díonta tuí faoi iarann rocach.

Tá gnéithe suntasacha a bhaineann leis an oidhreacht dhúchasach fós le feiceáil i mbailte i gContae Bhaile Átha Cliath Thuaidh - Na Sceirí, An Ros agus Lusca.

Cé go mbaineann formhór na bhfoirgneamh dúchasach uirbeach atá fós le feiceáil le deireadh an 18ú haois nó tús an 19ú haois, tá seans ann go bhfuil foirgnimh áirithe i bhfad níos sine ná sin. Tá tuiscint níos soiléire ar bhunús agus ar nádúr ár n-oidhreachta dúchasaí ag teastáil. Bíonn mearbhall ar dhaoine maidir le cad é is ailtireacht uirbeach dhúchasach ann. Tá sé seo soiléir i go leor pleananna forbartha déanta ag na húdaráis áitiúla a mhaíonn gur foirgnimh dhúchasacha iad gnáth-foirgnimh na mbaile agus na sráidbhailte.



Tithíocht dhúchasach uirbeach, Sráid na Trá, Na Sceirí, Co. Bhaile Átha Cliath (Barry O'Reilly)



Teach dúchasach uirbeach, Sráid Percival, Ceann Toirc, Co. Chorcaí (FNOA)

Taobh istigh den Teach

Baineann tábhacht ar leith leis an taobh istigh de theach dúchasach chun cur lenár dtuiscint ar shaol agus ar chultúr na n-áititheoirí agus an phobail. Is iad an tseanchistin agus an teallach, go praiticiúil agus go mothúchánach, croí an tí thraidisiúnta.



Teallach áirse cloiche, Mionlach, Cathair na Gaillimhe (Barry O'Reilly)

Tá éagsúlachtaí le tabhairt faoi deara i leagan amach tithe dúchasach i réigiúin éagsúla, ach tá dhá phríomhfhoirm le tabhairt faoi deara: bealach isteach trí fhorsheomra agus bealach isteach díreach. Tá an bealach isteach trí fhorsheomra coitianta in oirdheisceart an oileáin agus tá an bealach isteach díreach coitianta san iarthuaisceart agus ar thalamh ard. I dtithe ina bhfuil forsheomra, tá an príomhbhealach isteach comhthreomhar le teallach na cistine, agus tá balla beag ag gobadh amach ón teallach ag dronuillinn chun an tine a chosaint ó shéideáin. Go hiondúil bíonn fuinneog beag sa 'balla ursaine' seo a chiallaíonn go bhfuil roinnt solais á chaitheamh ar a teallach agus tugann sé deis freisin do dhuine atá ag obair nó suite taobh leis an teallach a bheith in ann breathnú amach an doras tosaigh. I dtithe ina bhfuil bealach isteach díreach, tá na doirse agus teallaigh ag taobhanna éagsúla den chistin agus, dá réir sin, tá an simléar lonnaithe píosa maith ón mbealach isteach. Tá pleananna hibrídeacha le feiceáil i réigiúin éagsúla, agus chomh maith leis sin, tá roinnt samplaí de phleananna níos neamhchoitianta fós le fáil freisin.



Teallach le balla ursaine, Port Ailigh, Co. Phort Láirge (Barry O'Reilly)

Ba iad tithe traidisiúnta, agus is iad fós in áiteanna áirithe, an suíomh ina dtarlaíonn go leor nósanna agus traidisiúin phobal na tíre, go háirithe ceiliúradh ar laethanta suntasacha a bhaineann le féilire traidisiúnta na hÉireann. Sampla amháin é Crosa Bríde a dhéanamh: ar lá fhéile an naoimh seo leagadh seanchros isteach faoin tuí agus leagadh cros nua ar bharr an dorais taobh istigh. I gceantair áirithe, bíonn cleamaireacht (dráma bunaithe ar bhás agus ar athbhreith) ar siúl i dtithe áitiúla ag am Nollag.

De réir an traidisiúin creideadh go raibh an teach agus an teaghlach á gcosaint trí chleachtadh reiligiúnach agus trí aitheantas a thabhairt don domhan eile, don osnádúr. Dá réir sin, tá na cleachtais agus na hábhair inní atá á gcur in iúl sa domhan osnádúrtha fréamhaithe go domhain i mbealaí feirmeoireachta.




Cistin dhúchasach atá tagtha slán, gar do Chill Chormaic, Co. Uíbh Fhailí (Barry O'Reilly)

I mbeagán focal, ní féidir an teach dúchasach a thuiscint ná meas a bheith air trí fhéachaint díreach ar an bhfoirm nó tógáil. Tá sé riachtanach, le cois úsáidí praiticiúla tithe agus fhoirgneamh eile, go dtugaimid aitheantas don tábhacht a bhaineann le seanchas na ndaoine.

Is míreanna pearsanta de chuid na dteaghlach éagsúil iad troscán agus feistis, agus gach seans go ndearnadh a leithéid go speisialta do theach ar leith. Tá an t-ádh orainn in Éirinn go bhfuil an oiread sin troscáin agus feistis dhúchasacha fós again, cosúil le trealamh iarainn don teallach in situ nó in aice láimhe, ainneoin, ar an drochuair, go bhfuil go leor den trealamh seo seolta chuig tíortha eile, agus fós á seoladh chuig tíortha eile, nó scriosta. I measc na ngnáthmhíreanna troscáin tá drisiúr, leaba shuíocháin, cineálacha éagsúla cathaoireach, tábla, bosca mine agus cófra bia, seilf bheag, 'seilf naofa'; i seomraí leapa, cineálacha éagsúla leapacha, seastán níocháin, cófraí cúinne, seastáin deilbhe/'altóirí'. I measc na bhfeisteas eile a d'fhéadfadh a bheith le fáil tá trealamh teallaigh, gréithe agus a leithéid, pictiúir i bhfrámaí, pictiúir reiligiúnacha, pholaitiúla nó teaghlaigh, oibiachtaí cráifeacha, agus oibiachtaí lena mbaineann gnéithe osnádúrtha, cosúil le crúite capaill, blaoscanna capaill agus 'buachail tí' (*sempervivum tectorum*), agus go leor míreanna eile nach iad.

Is den tábhacht é nach gcailltear aon chuid den ghné lárnach seo dár gcultúr dúchasach agus de chultúr na ndaoine; ba cheart dúinn míreanna mar seo a choinneáil ina suíomhanna bunaidh agus, díreach cosúil leis an mbealach a bhfuiltear ag déileáil le foirgnimh, aire a thabhairt dóibh le teann cúraim ionas gur féidir leanúint ar aghaidh le húsáid a bhaint astu amach anseo.



Drisiúir agus cófra bia, gar do Chill Chormaic, Co. Uíbh Fhailí (Barry O'Reilly)

Díonta Tuí Stairiúla

Tá brú áirithe ar dhíonta tuí stairiúla, go háirithe mar gheall ar fhad saoil gearr tuí agus na costais a bhaineann leis an obair agus leis na hábhair. Baineann fadhb chomh maith céanna le hinfhaighteacht dhothuartha tuí, agus an costas ard a bhaineann le hárachas. Ó tharla gur saintréith de chuid na hÉireann iad, siombail d'Éirinn fiú, agus go bhfuil spéis leantach iontu, ba cheart gach iarracht a dhéanamh a chinntiú go dtuigtear iad i gceart agus go maireann siad mar ghné dár dtírdhreacha cultúrtha beo. Ar an dea-uair, tá na mílte díonta tuí athchóirithe le himeacht ama. Tá líon suntasach samplaí eile le fáil faoi chlúdach a úsáideadh níos déanaí, iarann rocach go hiondúil. Tá líon gan áireamh díonta tuí stairiúla eile beagnach caillte ar fad.

Ba cheart a thabhairt faoi deara go bhfuil samplaí eile ann d'fhoirgnimh neamhdhúchasacha a tógadh le déanaí a bhfuil clúdach tuí curtha orthu. Baineann tábhacht le hearnáil tuíodóireachta inmharthana a fhreastalaíonn ar fhoirgnimh neamhdhúchasacha, níos déanaí, i ndáil le marthanas gach cineál tuíodóireachta, de bhrí go bhféadfadh a leithéid a chinntiú gur féidir le tuíodóirí slí bheatha a bhaint amach dóibh féin.

Ní mór go mbeadh béim á leagan i straitéis na hoidhreachta tógtha, i ndáil le tuí go háirithe, ar shaothar tuíodóireachta oilte ar dhíonta tuí stairiúla agus ar na foirgnimh atá á gclúdach acu. Tá sé tábhachtach go mbeadh gach duine atá páirteach i gcinnteoireacht maidir le díonta tuí oilte go cuí, go háirithe i gcomhthéacs deontais a bhronnadh agus iniúchadh a dhéanamh ar fhoirgnimh chun na críche seo. Tá deontais atá dírithe ar dhíonta tuí a dheisiú le fáil ó 1990, ach i láthair na huaire ní bhaineann siad ach le foirgnimh ar príomháiteanna cónaithe iad; tá scéimeanna deontais eile ar fáil chun raon níos leithne de struchtúir ceann tí a mhaoiniú.



Struchtúr díon taobhain tuí stairiúil, gar don Mhullach Mór, Co. Shligigh (Barry O'Reilly)

Baineann tábhacht ar leith le héagsúlacht na dteicnící tuíodóireachta a choimeád, de bhrí gur fianaise iad ar nádúr réigiúnach agus áitiúil na tuíodóireachta mar cheird. Is meabhrúchán é an raon ábhar i ndíonta stairiúla den chineál feirmeoireachta a bhí á déanamh ag glúnta roimhe seo, a d'úsáid cineálacha gránaigh nach bhfuil in úsáid níos mó. D'fhéadfadh go mbeadh sraitheanna sna díonta seo (roinnt mhaith sraitheanna uaireanta) agus d'fhéadfadh go mbeadh an scrúdú a bheadh le déanamh orthu cosúil le tochailt sheandálaíoch. D'fhéadfadh go mbeadh foirmeacha agus gnéithe atá tábhachtach i ndáil le stair agus forbairt díonta agus siúinéireachta le fáil i struchtúir dín i ndíonta tuí stairiúla. Ba cheart a thabhairt faoi deara go maireann na díonta tuí stairiúla is fearr ó thaobh cuma de faoi iarann rocach nó clúdaigh eile. Chun na gcríoch seo, ba cheart díonta stairiúla go háirithe, is cuma más ar thithe nó ar thithe lasmuigh atá siad, a thaifeadadh agus a chosaint.¹⁶

Tá iniúchtaí á ndéanamh ar thithe ceann tuí ó na 1990idí, ag Michael Higginbotham ó Oifig na nOibreacha Poiblí go príomha agus, níos faide anonn, ag údaráis áitiúla.¹⁷ Tá a gcuid suirbhéanna nuashonraithe ag roinnt údarás áitiúil le déanaí agus ní haon ábhar dóchais iad a ráitis maidir le cailteanais, ina dtugtar le fios go bhfuil an ráta cailteanais cothrom le suas le 40% in imeacht níos lú ná dhá scór bliain.¹⁸ Tá roinnt díonta scriosta ag tine, lena n-áirítear coirloscadh, agus tá sclátaí, tíleanna nó clúdaigh eile curtha ar dhíonta eile. Tá sé riachtanach scrúdú a dhéanamh ar na cúiseanna atá le díonta ceann tuí stairiúla a bheith á gcailleadh, agus le scrúdú a dhéanamh ar éifeachtacht scéimeanna agus cosaintí deontais reatha.

Cuimsíodh san 'All Island Report on the Current and Future Protection of Thatched Structures in Ireland' (2005) plean gníomhaíochta atá curtha i gcrích go páirteach. Mar atá luaite cheana féin, tá imleabhar maidir le tuí foilsithe ag an Stát ina shraith comhairle caomhantais.

Tá sé riachtanach cur lena bhfuil ar eolas againn faoi dhíonta tuí stairiúla agus a chinntiú go bhfuil gach díon dá leithéid taifeadta agus á mhonatóiriú lena chinntiú go maireann siad go ceann i bhfad. Tá cothabháil bunachar sonraí de thuíodóirí agus soláthróirí ábhar tuíodóireachta, mar aon le caomhnóirí ag a bhfuil saineolas ar fhoirgnimh dhúchasacha go ginearálta, agus tuí go háirithe, riachtanach.

Is fadhb mhór é infhaighteacht agus costas árachais in Éirinn i láthair na huaire, atá ag éirí níos measa mar thoradh ar athruithe míchuí ar fhoirgnimh atá á lorg ag árachóirí. Tá sé riachtanach scrúdú a dhéanamh ar na critéir a úsáidtear nuair a bhíonn cinneadh á dhéanamh maidir le cumhdach árachais a thairiscint nó a dhiúltú, mar aon leis an mbonn atá le praghsáil préimheanna árachais.

¹⁶ Tá réamheolas le fáil san fhoilseachán, 'Thatch: a guide to the repair of thatched roofs' (An Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta, 2015) maidir le díonta tuí stairiúla agus na saincheistean éagsúla a bhaineann lena gcaomhnú.

¹⁷ Tá roinnt tuarascálacha scríofa ag Fidelma Mullane, mar shampla, d'údaráis áitiúla i gcontaetha an iarthair.

¹⁸ Mar shampla, Built Heritage Collective, 'Survey of Thatch Buildings County Offaly 2018'.

Ba cheart go n-áireofaí comparáid a dhéanamh idir an taithí i dtíortha Eorpacha eile mar chuid de scrúdú dá leithéid.



Teach dúchasach le díon ceann tuí, gar do Ráth Cheannaigh, Co. na Mí (FNOA)

Tá gá le comhordú níos éifeachtaí idir comhlachtaí Stáit, údaráis áitiúla, an cheird tuíodóireachta agus úinéirí foirgnimh lena chinntiú go bhfuil tuíodóirí, ábhair agus cúnamh deontais ar fáil nuair a theastaíonn a leithéid. Baineann tábhacht le hathbhreithniú ar éifeachtacht na scéimeanna deontais éagsúla. Bhain fadhb go minic le soláthar ábhar tuíodóireachta agus tá bealaí éifeachtacha ag teastáil chun déileáil leis seo.

Tá sé tábhachtach go mbeadh obair ar dhíonta tuí stairiúla á déanamh ag cleachtóirí ag a bhfuil an tuiscint, na scileanna agus na hábhair chuí. Bhí oiliúint leanúnach tuíodóirí agus feidhmiú printíseachtaí agus cúrsaí cineál fánach le blianta beaga anuas agus ní mór athbhreithniú rialta a dhéanamh chun na torthaí is fearr dár ndíonta dtuí stairiúla a chinntiú.¹⁹

¹⁹ Faoi Chlár an Rialtais 2020 (Ich 116), tá an Stát tiomanta do 'béim a leagan air agus acmhainn a fhorbairt le haghaidh printíseachtaí glasa trí Phlean Forbartha Breisoideachais agus Forbartha Scileanna Glasa, de bhrí go n-éileoidh déileáil leis an ngéarchéim aeráide raon leathan scileanna sna hearnálacha tógála, fuinnimh agus oidhreacht nádúrtha.'
<https://www.gov.ie/en/publication/7e05d-programme-for-government-our-shared-future/>



Tuíodóirí i mbun oibre, Sord, Co. Bhaile Átha Cliath (Barry O'Reilly)

4 Beartas agus Cleachtadh

Comhthéacs na hÉireann

Tugtar léargas sna tuarascálacha ‘A Pathetic Situation’ (George McClafferty thar ceann Oifig na nOibreacha Poiblí, 1989), ‘Vernacular Architecture and its Conservation in the Republic’ (Barry O’Reilly thar ceann na Comhairle Oidhreachta, 1995) agus A Sense of Loss (1998), ar scála na ndúshlán, agus luaitear tograí a d’fhéadfadh a bheith mar bhonn le gníomhartha. Ábhar sásaimh ba ea dá mbeimis in ann a thuairisciú go bhfuil athrú suntasach tagtha ar an scéal san fhiche bliain ó foilsíodh na tuarascálacha seo. Is léir go bhfuil roinnt comharthaí dearfacha tugtha faoi deara, ach tá go leor foirgneamh, gnéithe, mionsonraí agus earraí inti dúchasacha á ligean le sruth agus tá na suíomhanna ag imeacht ó radharc, agus chomh maith leis sin tá lonnaíochtaí agus tírdhreacha ag imeacht ó radharc.



Foirgneamh dúchasach tréigthe, gar do Mhóinteach Mílic, Co. Laoise (Barry O’Reilly)

Cuimsítear in ‘Architectural Heritage Protection Guidelines for Planning Authorities’ (2005, 2011), a d’fhoilsigh an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, ainneoin go ndéileáiltear ann le foirgnimh stairiúla go ginearálta, roinnt mionsonraí a bhaineann go sonrach leis an oidhreacht dhúchasach thógtha, cosúil le tógáil ballaí láibe agus fóid, tuíodóireacht agus iarann rocach. Cuimsítear i Sraith Comhairle na Roinne maidir le caomhantas ailtireachta imleabhar sonrach dar teideal, Thatch, a foilsíodh in 2015, agus déileáiltear le gnéithe den oidhreacht dhúchasach thógtha in imleabhair eile sa tsraith freisin.

Tá comhairle theicniúil mhionsonraithe faighte ag an gComhairle Oidhreachta maidir le hiarfheistiú fuinnimh ‘foirgnimh thraidisiúnta’ (foirgnimh stairiúla go ginearálta) mar chuid de Ghníomh 50 de Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2019 chun Déileáil le Cliseadh Aeráide.²⁰

²⁰ <https://www.gov.ie/ga/foilsiuhan/af590d-none/>

Tá dhá dhoiciméad curtha i dtoll a chéile ag an Stát ina scrúdaítear agus ina moltar réitigh ar fholúntas sa stoc tithíochta, i gceantair uirbeacha go háirithe. Déantar iarracht sa Straitéis Náisiúnta maidir le Tithe Folmha a Athúsáid (2018) tithíocht fholamh a shainaithint, teacht ar thuiscint níos fearr ar na bacainní athúsáide agus tacú le húsáid a bheith á baint an athuair as foirgnimh den chineál seo. Chomh maith leis sin, spreagtar in ‘Bringing Back Homes’ (2018), athúsáid a bhaint as an stoc tithíochta atá ann ar mhaithe le cúiseanna a bhaineann le soláthar agus inbhuanaitheacht tithíochta. D’fhéadfadh go mbeadh ról ag an gCiste um Athnuachan agus Forbairt Tuaithe, a bhfuil an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail freagrach as, i maoiniú nó i ngníomhaíocht chosúil cúnamh deontais i gceantair thuaithe.

D’fhoilsigh an Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta An Straitéis Náisiúnta Tírdhreacha d’Éirinn 2015–2025, a bhí bunaithe ar An Coinbhinsiún um Thírdhreach na hEorpa (2000), foilsithe in 2015. Soláthraíonn sé creat chun tírdhreacha a aithint agus a chosaint, agus sonraítear ann ‘mar fhianaise ar aitheantas agus ar éagsúlacht Eorpach, is í an tírdhreach ár n-oidhreacht bheo nádúrtha agus chultúrtha, bíodh gnáthchuma uirthi nó cuma iontach, uirbeach nó tuaithe, ar talamh in san uisce’ (Ich 8). Tá na gníomhartha sa straitéis dírithe ar thacú le ‘tírdhreach beo, agus aitheantas an phobail a threisiú’ (Ich 9) agus ‘an tírdhreach a chomhtháthú inár gcur chuige maidir le forbairt inbhuanaithe’ (Ich 10). Cé nach dtagraítear go sainráite do thírdhreacha cultúrtha sa doiciméad, beidh uailmhianta na Straitéise Náisiúnta Tírdhreacha ag teacht leis an straitéis bheartaithe dár n-oidhreacht dhúchasach agus na gníomhartha sonracha maidir le tírdhreacha dúchasacha. Ceanglaítear i ndrúacht-Treoirínte maidir leis an bhFaisnéis atá le Cur san Áireamh sna Measúnachtaí Tionchair Timpeallachta (Lúnasa 2017) na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil go nglacfar le tírdhreacha mar ghné thábhachtach den mheasúnú a dhéanfar ar thionchar na forbartha.

Mar chuid den bheartas maolaithe a bhaineann le forbairtí tithíochta agus scéimeanna bóthair, i rith obair sheandálaíoch a bhí á déanamh aimsíodh fothraigh foirgneamh dúchasach ón ré atá caite agus lonnaíochtaí iomlána fiú, a bhain leis an ré idir an tréimhse Neoiliteach agus an 19ú haois. Tugann maolú den sórt seo aitheantas don suntas a bhaineann leis an oidhreacht dhúchasach thógtha agus d’fhéadfadh sé cabhrú le heolas bunúsach a bhailiú faoi phleananna tí, mar shampla.

Sonraítear an méid seo a leanas i mBeartas Ailtireachta an Rialtais 2009–2015 (2009), ‘d’fhéadfadh buntáistí praiticiúla agus meallacht aeistéitiúil an dearaidh tuaithe dúchasaí agus na hoidhreacht tógtha cur le dearadh comhaimseartha ar ardchaighdeán, atá curtha in oiriúint do riachtanais mhaireachtála agus fuinnimh an lá inniu ann. Beidh tionchar ag ár gcumas an oidhreacht seo a aistriú ar luachanna na todhchaí’ (Ich 33).

Chomh maith leis sin, 'Ní mór measúnú agus anailís ar an bpoitéinseal a bhaineann le hoiriúnú agus athúsáid íogair foirgneamh agus tírdhreach reatha lena n-áirítear patrúin lonnaithe stairiúla/dúchasacha, agus athúsáid ábhar tógála a phríomhshruthú sa phróiseas forbartha' (Ich 45).



Tochailt sheandálaíoch ag teach dhá sheomra, Baile Thiobraid Árann (Barry O'Reilly)

Ba cheart a thabhairt faoi deara, nach gciallaíonn smaointe, modhanna agus ábhair thógála a bhaineann leis an oidhreacht dhúchasach a áireamh i bhfoirgnimh nua, ainneoin an cur chuige seo a bheith á spreagadh sa straitéis seo, gur foirgnimh dhúchasacha iad na torthaí. Leagtar béim sa chéad straitéis eile atá beartaithe, 'Places for People', ar phlé maidir le forbairtí ailtireachta amach anseo laistigh de theanga na hinbhuanaitheachta agus práinn a bheith le freagairt do na dúshláin a bhaineann leis an athrú aeráide, téamaí atá ag teacht le cuspóirí éagsúla na straitéise seo dár n-oidhreacht dhúchasach thógtha.

Cuimsítear i dtéarmaí tagartha an Stáit, atá sonraithe i 'Ráiteas Straitéise 2018-2020' na Roinne Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta, 'deiseanna a thapú le comhpháirtithe i dTuaisceart Éireann chun comhoibriú a fheabhsú i réimsí eile, lena n-áirítear na healaíona, cultúr, oidhreacht' (Ich 21).

Is oidhreacht dár gcuid í ár n-oidhreacht dhúchasach thógtha atá á roinnt idir daoine ar oileán na hÉireann agus, dá réir sin, baineann gné Thuaidh-Theas léi nach mór a chur san áireamh, agus beidh rannpháirtíocht fhrithpháirteach mar bhonn le cuir chuige níos éifeachtúla agus níos nuálaíche maidir le saincheistanna cosúla



Teach feirme ar ábhar spéise é agus atá ag cur le mórtas cine is ceantair gar don Tóchar, Co. Lú (FNOA)

Cuimsítear in Oidhreacht Éireann 2030 gníomh a bhfuil sé mar aidhm leis 'Ár n-oidhreacht thógtha dhúchasach a chur chun cinn agus tacú leis na scileanna traidisiúnta gaolmhara.'

D'achtaigh an Stát scéim deontais tuódóireachta in 1990 mar bheart deisithe tithe, seachas mar bheart caomhantais per se. Chabhraigh an deontas seo le go leor de na céadta tithe ceann tí ar fud na tíre a choimeád. Bhainfeadh luach reatha an deontais tairbhe as athbhreithniú, áfach.



Cloch, scláta, maischoincrét agus iarann rocach: foirgneamh feirme gar do Trá Mhór, Co. Phort Láirge (FNOA)



Teach dúchasach, Baile Nua Sheandroma, Co. Chorcaí (FNOA)

Cuireadh tús le cláir cúnamh deontais do chaomhantas ailtireachta in 2000 nuair a cuireadh an tAcht um Pleanáil agus Forbairt i bhfeidhm. Bhain Scéim Infheistíochta na hOidhreachta Tógtha (2014) agus Ciste na Struchtúr Stairiúil (2015), arna riar ag údaráis áitiúla i gcomhar leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, tairbhe as roinnt mhór foirgneamh dúchasach, agus an dá chlár arna mhaoiniú ag an Roinn, ach go ginearálta na foirgnimh sin ar déanmhais chosanta iad.

Bunaíodh fochlár den scéim is déanaí le tamall anuas chun cabhrú go sonrach le húinéirí foirgneamh dúchasach nach déanmhais cosanta iad.

Tá scéimeanna de dheontais bheaga do dheisiúchán tuí (go háirithe) bunaithe ag comhairle contae Dhún na nGall agus Fhine Gall, ar a dtugtar ‘A Stitch in Time’, a bhféadfadh údaráis áitiúla eile a chur i bhfeidhm ar bhealach úsáideach.

D’fhéadfadh tairbhe a bheith le baint as dreasachtaí cánach, cosúil le CBL ar cheirdeanna agus ar ábhair thógála a tharscaoileadh, d’fhoirgnimh stairiúla go ginearálta agus foirgnimh dhúchasacha ach go háirithe.

Chomh maith leis sin, soláthraíonn an Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte (2016) agus An Plean Gníomhaíochta d’Fhorbairt Tuaithe (2017), atá á riar ag an Roinn Gnóthaí Pobail agus Tuaithe agus na nOileán, creataí inar féidir oibriú dá réir a d’fhéadfadh dul chun tairbhe na hoidhreachta dúchasaí tógtha freisin.



Foirgneamh feirme á dheisiú gar, do Mhaigh Mhórdha, Co. an Longfoirt (FNOA)

Inbhuanaitheacht Comhshaoil agus Oiriúnú Aeráide

Sainmhíniú ar 'inbhuanaithe' a nglactar leis go coitianta é a bheith in ann 'riachtanais atá ann faoi láthair [a chomhlíonadh] gan cur isteach ar chumas na nglúnta a bheidh ann amach anseo freastal ar a gcuid riachtanas féin'.²¹ Cuimsítear i spriocanna forbartha inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe Sprioc 11 (Cathracha agus Pobail Inbhuanaithe), Sprioc 12 (Tomhaltas agus Táirgeacht Fhreagrach) agus Sprioc 13 (Gníomhú ar son na hAeráide), agus tá na trí sprioc sin curtha san áireamh sa doiciméad straitéise reatha.²²

Beidh laghdú ar astaíochtaí ábhartha do gach foirgneamh. Beidh sé riachtanach, áfach, breithniú cúramach a dhéanamh ar aon iarfheistiú caomhnaithe fuinnimh i bhfoirgnimh dhúchasacha ionas nach mbeidh aon tionchar díobhálach ag a leithéid ar chobhsaíocht agus ar fheidhmiú timpeallachta na bhfoirgneamh seo. Tá an cur chuige seo formhuinithe sna Rialachán Tógála (2019), Cuid L: Caomhnú breosla agus fuinnimh (teaghaisí) a athbhreithníodh le déanaí.



Seanteach (ar chlé, atá leagtha anois) agus ceann eile ina áit, gar do Chill Shalcháin, Co. Bhaile Átha Cliath (Barry O'Reilly)

Dreasaíonn an fhreagairt dhomhanda d'athrú aeráide go mbeadh struchtúir agus tírdhreacha dúchasacha á gcoimeád. Tá argóint láidir le déanamh i gcoinne tógáil foirgneamh nua nach bhfuil riachtanach, ó tharla go n-ídíonn siad acmhainní agus go ngineann siad dramhaíl, ó tharla an oiread sin foirgneamh tréigthe a bheith le fáil inár dtírdhreacha uirbeacha agus tuaithe a bhféadfaí iad a oiriúint agus a athúsáid ar bhealach íogair. Bealach amháin chun dul i ngleic le hathrú aeráide é cruthú dramhaíola a íoslaghdú, agus tá ciall ag baint leis seo freisin.

²¹ <https://www.iisd.org/about-iisd/sustainable-development>, rochtain ar an 7 Eanáir 2021.

²² <https://www.iisd.org/about-iisd/sustainable-development>

Mar chuid dár bhfreagairt d'athrú aeráide, agus an gá atá le feidhmiú ar bhealach freagrach chun ár dtimpeallacht a chosaint, ní mór dúinn foghlaim ó na foirgnimh dhúchasacha, ionas gur féidir linn go leor smaointe maithe a chomhtháthú i gcleachtas tógála comhaimseartha.²³ Le himeacht ama, d'fhéadfadh traidisiúin nua teacht chun cinn i bhfoirgnimh dhúchasacha.



Teach feirme dhá stór, gar do Chill Anna, Co. Loch Garman (FNOA)

Faoi Chlár an Rialtais 2020 tá gealltanais tugtha ag an Stát i ndáil le laghdú bliantúil de 7% ar an meán ar astaíochtaí gáis ceaptha teasa idir 2021 agus 2030...agus astaíochtaí glan-nialasacha faoi 2050.²⁴ Cuirfear tús le 'clár infheistíochta uaimhianach chun ár bhfoirgnimh a dhéanamh níos teo agus níos éifeachtúla ó thaobh fuinnimh de, ár n-astaíochtaí a laghdú, agus spreagadh eacnamaíochta ríthábhachtach a sholáthar.'²⁵

Is í an sprioc atá ann go mbeadh 500,000 teach iarfheistithe chuig Rátáil Fuinnimh Foirgnimh (BER) (B2 nó costas optamach) faoi 2030; beidh formhór na dtithe fanta a tógadh thart ar 2006 iarfheistithe faoi 2050.

Maidir le tithe a tógadh ar bhealach traidisiúnta, is é an cuspóir a bheidh ann an sprioc B2 a chomhlíonadh (nó chomh gar dó agus is féidir), gan damáiste a dhéanamh don fhoirgneamh. I láthair na huaire (2021), tá RTRAO i mbun treordhoiciméad a fhorbairt maidir le hiarfheistiú Fuinnimh Foirgneamh Traidisiúnta.

²³ Tá gnéithe den oidhreacht dhúchasach thógtha le feiceáil sna teachíní mealltacha údaráis áitiúil atá le feiceáil ar fud na tíre.

²⁴ Clár an Rialtais 2020, lch.30. <https://www.gov.ie/ga/foilsíochan/4fdf6-clar-an-rialtais-ar-dtoidhchail-cheile/>

²⁵ Clár an Rialtais 2020, lch.37.

Tá sé tábhachtach go bhfuil caighdeáin agus cuir chuige iarfheistithe fuinnimh oiriúnach d'fhoirgnimh dhúchasacha agus nach ndéanann siad damáiste, intuartha nó dothuartha. Bheadh sé íorónta dá mbeadh oibreacha a raibh sé mar aidhm leo éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú mar bhonn le damáiste a dhéanamh do ghné bhunúsach d'fhoirgneamh dúchasach agus teipeanna struchtúrtha nó teipeanna de chineál ar bith eile.

D'fhéadfadh cuir chuige i ndáil le caomhnú fuinnimh, má bhreithnítear agus má chuirtear i láthair go cúramach iad, cur le tuiscint agus le meas pobail ar an ngá atá le caomhnú fuinnimh agus leis an oidhreacht dhúchasach thógtha. Tá an cur chuige seo formhuinithe i Rialacháin Tógála (2019) a athbhreithníodh le déanaí (2019), Cuid L: Caomhnú breosla agus fuinnimh (teaghaisí), ina sonraítear:

D'fhéadfadh cur i bhfeidhm na Coda seo agus Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh) deacrachtaí ar leith a chruthú d'fhoirgnimh ináitrithe, ainneoin nach déanmhais chosanta iad nó déanmhais chosanta molta, a bhféadfadh spéis ó thaobh na haitireachta nó na staire de a bheith iontu lena n-áirítear foirgnimh atá tógtha ar bhealach traidisiúnta le creatlach thréscailteach a ionsúnn agus a cheadaíonn galú taise. Ba cheart gurb é an aidhm a bheadh ann an éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú chomh fada agus is féidir le réasún. Níor cheart go ndéanadh an obair seo dochar do charachtar an fhoirgnimh nó go gcuirfeadh an obair seo le meath fadtéarmach chreatlach an fhoirgnimh. I.S. EN 16883:2017.26

Chomh maith leis sin, sonraítear sa doiciméad seo go mb'fhéidir go mbeadh leasú áirithe ar na luachanna feidhmíochta fuinnimh inghlactha, 'más féidir a léiriú go bhfuil an obair riachtanach ar mhaithe le sláinte ailtireachta agus stairiúil an fhoirgnimh a chaomhnú.'²⁷

Tá éiceathógáil ar siúl go ciúin le blianta fada anuas, mar bhealach tógála nach bhfuil chomh dian céanna ar charbón. Is cur chuige atá tagtha chun cinn le blianta beaga anuas é 'tógáil nádúrtha' a leagan béim ar úsáid a bhaint as ábhair thógála nádúrtha, neamhthocsaineacha, go leor ábhar atá in úsáid san oidhreacht dhúchasach thógtha agus san éiceathógáil. Tá na brainsí seo d'aitireacht agus de thógáil fréamhaithe i maireachtáil inbhuanaithe, go síochánta leis an Domhan, laghdú dramhaíola agus tógáil pobail i ngach ciall den fhocal.

Gné shuntasach d'áiteanna mar seo é tástáil agus toilteanas dul i muinín na nuálaíochta.-Is sampla maith den chur chuige seo é an tÉicea-Shráidbhaile ag Cloch Shiurdáin, Co. Thiobraid Árann, ina bhfuil go leor tithe féintógtha agus foirgneamh eile le fáil, agus ina bhfuil úsáid á baint as ábhair ghlasa agus dhúchasacha, cosúil le láib agus tuí.

²⁶ <https://www.gov.ie/ga/foilsuichan/d82ea-technical-guidance-document-l-conservation-of-fuel-and-energy-dwellings/>

²⁷ Féach freisin ar fhoilseacháin na Sraithe Comhairle.

Cé nach bhfuil éicea-thógáil dúchasach per se, cuimsítear inti roinnt príomhsmaointe agus príomhchuir chuige atá ag teacht leis an meon dúchasach. Le himeacht ama, d'fhéadfaí glacadh le héicea-thógáil mar chur chuige dúchasach.²⁸



Teach le balla láibe, tógtha 2010-13, Éicea-Shráidbhaile, Cloch Shiurdáin, Co. Thiobraid Árann (Barry O'Reilly)

²⁸ Leabhar ina dtugtar ardmholadh do na buntáistí a bhaineann le cuir chuige dhúchasacha é leabhar Edward Goldsmith, 'The Way: an ecological worldview' (tá eagrán éagsúla foilsithe idir 1992 agus 2014).

Turasóireacht

Tá aitheantas tugtha don ról atá ag ár n-oidhreacht dhúchasach thógtha san earnáil turasóireachta, intíre agus idirnáisiúnta, trí na cártaí poist agus trí na scéimeanna 'tóg teachín Éireannach ar cíós', agus don ról dearfach a d'fhéadfadh a bheith ag turasóireacht ar ár n-oidhreacht dhúchasach, agus is féidir an ról seo a fheabhsú tuilleadh.

Gach seans go mbeidh níos mó foinn ar dhaoine a gcuid laethanta saoire a chaitheamh sa bhaile, rud a rachaidh chun tairbhe an gheilleagair tuaithe agus shaol na tuaithe. Tá roinnt tithe dúchasacha á ligean ar cíós le haghaidh laethanta saoire: d'fhéadfadh go mbeadh spéis ag úinéirí talún nach bhfuil in ann daoine a fháil chun cónaithe sna háitribh seo nó iad a ligean ar cíós ar bhealaí eile sa rogha seo. B'fhéidir go mbeadh tithe dúchasacha atá róbheag le maireachtáil iontu gach lá oiriúnach mar thithe saoire agus le ligean ar bhonn gearrthéarmach, go háirithe má tá an suíomh mealltach agus lán carachtair. Is eispéireas speisialta é tréimhse a chaitheamh ag cónaí, tréimhse ghearr fiú, i suíomh dúchasach i ngnáth-thírdhreach. Chomh maith leis sin, d'fhéadfadh áitíocht shéasúrtha cabhrú le billí teasa a íoc i rith an gheimhridh agus a chinntiú gur féidir na hidirghabhálacha suntasacha a theastaíonn lena chinntiú gur féidir maireachtáil i dtithe mar seo i rith na bliana a sheachaint.

Is é barántúlacht, sainiúlacht agus b'fhéidir 'aistíl' na bhfoirgneamh dúchasach a mheallann turasóirí ina dtreo. Ba cheart cás gnó a fhorbairt le haghaidh cineál nua turasóireachta Éireannaí atá bunaithe ar mhaireachtáil i bhfoirgnimh dhúchasacha.

Chomh maith leis sin, chabhródh gréasán de thithe dúchasacha a d'fhéadfaí a ligean ar cíós le haghaidh laethanta saoire nó go gearrthéarmach leis an mbrú forbartha a bhaineann le tithe saoire nua a thógáil. D'fhéadfaí a leithéid sin de chur chuige a réachtáil ar bhonn píolótach i réigiúin roghnaithe.



Maoin saoire ar cíós, gar do Dhún Droma, Co. Thiobraid Árann (Barry O'Reilly)

Trí roinnt acu a fhorbairt laistigh de cheantar d'fhéadfaí barainneachtaí scála a fhorbairt le haghaidh oibreacha deisiúcháin agus caomhaontais, tacú le scileanna ceardaíochta dlúthshaothair agus geilleagar áitiúil.

D'fhéadfaí deiseanna a chruthú naisc a bhunú le táirgeoirí áitiúla bia agus seirbhísí agus nithe is díol spéise áitiúla eile. Sholáthródh sé seo ar fad deis do chuairoteoirí ón mbaile agus ón gcoigríoch rud éigin atá barántúil, sainiúil nó uathúil fiú a bhlaiseadh.

D'fhéadfadh go mbeadh an-tóir ag turasóirí ar thithe ar cuid de lonnaíochtaí dúchasacha sainiúla iad atá tagtha slán. Is sampla é Hanna's Close, Cill Chaoil, Co. An Dúin de ghráig ina bhfuil na tithe caomhnaithe go cúramach ionas gur féidir iad a úsáid mar thithe saoire.

D'fhéadfadh foghlaim faoi stair agus saol na hÉireann trí fhoirgnimh agus tírdhreacha a bheith suimiúil agus spreagúil. Tá an 'léamh ar Éirinn' – mar áit ina bhfuil saibhreas traidisiúin agus tírdhreach atá réasúnta 'slán' – mealltach agus cruinn. Tá ról lárnach ag músaeim agus ag ionaid oidhreachta i léargas a thabhairt ar shaol, stair agus oidhrecht na hÉireann. Tá sé riachtanach scéal na hÉireann a thabhairt cothrom le dáta go leanúnach, de réir mar a bhíonn eolas agus tuiscintí nua ar fáil, agus tá dea-chaidreamh idir músaeim agus daonpháirceanna inmhianaithe.



Foirgnimh feirme, gar do Mhachaire Cluana, Co. Mhuineacháin (FNOA)

Údaráis Áitiúla

Ag leibhéil réigiúnacha agus áitiúla, tá go leor obair luachmhar á déanamh ag údaráis áitiúla éagsúla, chun aird a tharraingt ar ár n-oidhreacht dhúchasach agus chun an oidhreacht seo a chosaint. Soláthraíonn údaráis áitiúla comhairle maidir le caomhantas, cuireann siad scéimeanna cúnaimh deontais éagsúla i bhfeidhm agus, trína bpleananna oidhreachta, ritheann siad cláir a chabhraigh leis an oidhreacht dhúchasach thógtha a chaomhnú agus a cheiliúradh. I gcásanna áirithe, cuimsíodh anseo iniúchtaí ar fhoirgnimh ceann tuí, seimineáir agus ceardlanna bunaithe ar scileanna tógála traidisiúnta.

Ní mór a lua freisin go bhfuil roinnt staidéar den scoth ar an oidhreacht dhúchasach thógtha curtha i dtoll a chéile faoi choimirce údarás áitiúil, agus go bhfuil roinnt acu foilsithe. D'fhéadfaí úsáid a bhaint as cuid acu chun an oidhreacht dhúchasach thógtha a phlé, a thaifeadadh agus a chur i láthair. Sampla amháin é 'The Home Place: an inventory of rural traditional architecture', le Comhairle Contae Chiarraí (2016).

Ach sa chás nach bhfuil an obair seo á déanamh go cothrom ar fud na tíre, bíonn nós ann an iomarca béime a leagan ar thuí. Ar an drochuair, níl oifigeach caomhantais ailtireachta fostaithe ag gach comhairle, rud a chiallaíonn go bhfuil úinéirí foirgneamh stairiúil faoi mhíbhuntáiste. I roinnt údarás áitiúil, tá spéis ar leith ag an oifigeach oidhreachta in, nó eolas ar, oidhreacht dhúchasach thógtha. Go hidéalach, bheadh oifigigh chaomhantais, oifigigh oidhreachta agus pleanálaithe, go háirithe, ag obair le chéile, agus bheadh plé suntasach ar bun le húinéirí foirgnimh chun na torthaí is fearr a bhaint amach d'fhoirgnimh stairiúla, foirgnimh dhúchasacha san áireamh.



Scioból féir tógtha go neamhfhoirmiúil, gar do Dhroichead Barrington, Co. Luimnigh (Barry O'Reilly)

Go ginearálta, tá athrú suntasach dearfach tugtha faoi deara le scór bliain anuas, agus tá foirgnimh dhúchasacha á gcur san áireamh i dTaifid Déanmhas Cosanta údarás áitiúil, ag feidhmiú faoi réir na nAchtanna um Pleanáil.

É sin ráite, níl aitheantas foirmiúil á thabhairt d'fhormhór na bhfoirgneamh, na struchtúr agus na ngnéithe dúchasacha ná níl cosaint dhlíthiúil acu faoi Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 mar dhéanmhais chosanta nó mar chuid de limistéir chaomhantais ailtireachta.

Tá dualgas ar údaráis áitiúla gach struchtúr sainspéise ina limistéir feidhme a chosaint. É sin ráite, níl aitheantas foirmiúil á thabhairt d'fhormhór na bhfoirgneamh, na struchtúr agus na ngnéithe dúchasacha mar dhéanmhais chosanta nó mar chuid de limistéir chaomhantais ailtireachta. Mórcheist é seo ó tharla go bhfuil foirgnimh dhúchasacha faoi mhíbhuntáiste sa phróiseas pleanála agus an-leochaileach do chaillteanas, dá réir sin. I dTuaisceart Éireann agus sa Bhreatain, 'sócmhainní oidhreacht neamhliostaithe' a thugtar ar an gcuid seo den oidhreacht chultúrtha atá aitheanta mar oidhreacht atá leochaileach do chaillteanas. I bPoblacht na hÉireann, tá aitheantas tugtha ag roinnt údarás áitiúil don easnamh seo agus tá sé sonraithe acu ina bpleananna forbartha gurb é an beartas atá acu scartáil struchtúr den sórt sin a sheachaint. Roimhe seo, ceanglaíodh teach a scartáil má bhí teach nua á thógáil, rud a chiallaigh go raibh go leor foirgneamh dúchasach agus foirgneamh eile á gcailleadh.

Níos minice ná a mhalairt, tá cinntí a bhaineann le foirgnimh dhúchasacha déanta gan eolas ná tuiscint leordhóthanach ar na foirgnimh seo agus níos minice ná a mhalairt glactar le clásail a bhain le hináitritheacht mar cheadúnas chun idirghabháil shuntasach a dhéanamh nó fiú amháin an foirgneamh i gceist a scartáil. Ní mór grinnscrúdú a dhéanamh ar aon tuarascáil a lorgaíonn an t-údarás áitiúil ina sonraítear 'an chúis nach féidir foirgneamh a choimeád' agus ní féidir díreach glacadh leis an méid atá sonraithe in aon tuarascáil gan é a fhiosrú.

Tá beartais dhea-ullmhaithe, chomhtháite agus dea-scríofa ag roinnt údarás áitiúil maidir leis an oidhreacht dhúchasach thógtha. Tá sampla maith le fáil i bPlean Forbartha Contae Fhine Gall 2017-23, faoi 'Stoc Foirgneamh Stairiúil & Oidhreacht Dhúchasach':

Tá an Chomhairle ag tacú le agus ag spreagadh coimeád agus athúsáid an stoic foirgneamh stairiúil a chuireann le carachtar sainiúil cheantair thuaithe nó uirbeacha Fhine Gall. Baineadh úsáid as modheolaíochtaí agus ábhair thraidisiúnta cosúil le haol, cloch, láib, tuí, scláta agus adhmaid nuair a bhí na foirgnimh sin á dtógáil. Cheadaigh na hábhair seo taise a ionsú agus a scaoileadh go héasca, don fhoirgneamh 'análú' agus dá bhrí sin, tá feidhm thábhachtach á comhlíonadh ag aeráil spásanna inmheánacha. D'fhéadfadh go mbeadh iarmhairtí dochracha gan choinne ar an stoc foirgneamh stairiúil ag idirghabhálacha a d'fhéadfadh a bheith oiriúnach le haghaidh cleachtas tógála nua-aimseartha, cosúil le táirgí tógála neamhscagacha nó spásanna aerdhíonacha.

Sa chás go bhfuil forbairt á beartú le haghaidh láithreáin ag a bhfuil foirgnimh stairiúla agus/nó struchtúir a chuireann le carachtar sainiúil cheantair thuaithe nó uirbeacha Fhine Gall cuirfidh [an t-údarás áitiúil] an méid seo a leanas san áireamh.

Ba cheart measúnú a dhéanamh ar na foirgnimh atá ar an láithreáin cheana féin trí anailís a dhéanamh ar léarscáileanna stairiúla agus an chreatlach agus na gnéithe stairiúla a bhreithmheas. Ba cheart go ndéanfaí iarracht i dtograí forbartha foirgnimh reatha lena mbaineann fiúntas a choimeád agus a chur san áireamh mar aon le haon ghnéithe a chuireann leis an gcarachtar uathúil.

Ba cheart ábhair agus modhanna oiriúnacha a úsáid nuair a bhíonn oibreacha deisiúcháin á ndéanamh ar an gcreatlach stairiúil.

Ní mór go mbeadh aon athruithe beartaithe báúil do ghnéithe agus carachtar speisialta an fhoirgnimh reatha tríd an suíomh, foirm, scála agus na hábhair reatha a chur san áireamh.

Níor cheart go mbainfeadh tograí le haghaidh síntí a chur le foirgnimh stairiúla nó dhúchasacha an bonn den suíomh nó de cháilíochtaí dearaidh an struchtúir bhunaidh is cúis le mealltacht na bhfoirgneamh agus ba cheart go mbeidís i gcomhréir le nó ag feidhmiú ar bhonn tánaisteach taobh leis an bhfoirgneamh reatha.

Ba cheart an dearadh a bhunú ar an stoc foirgneamh stairiúil atá sa cheantar ach is féidir úsáid a bhaint as ailtireacht chomhaimseartha.

Ba cheart gnéithe nó ábhair thógála bunaidh a choimeád lena n-áirítear fuinneoga, doirse, clúdaigh dín, cóirithe teorann agus gnéithe láithreáin (cosúil le ballaí cloiche, fála, ráillí, geataí, piaraí geata, doirneoga agus clóis).

Sa chás go bhfuil athfhorbairt réadmhaoin thréigthe nó réadmhaoin atá gan chónaí le tréimhse fhada san áireamh i dtogra...sa bhreis ar an méid thuasluaite...Ba cheart go mbeadh tuarascáil scríofa ó ghairmí cuícháilithe i dteannta le haon iarratas ina sonraítear nach ndéanfaidh an togra damáiste do struchtúr an fhoirgnimh agus ba cheart cur síos a dhéanamh ar na bearta atá á gcur i gcrích chun an foirgneamh a chosaint ó thitim roimh agus i ndiaidh oibreacha tógála. (Cuspóir DMS160)

Sonraítear i roinnt pleananna forbartha, rud atá le moladh, gur cuspóir é forbairt ina moltar foirgnimh dhúchasacha a scartáil a dhíspreagadh. Ba cheart breithniú a dhéanamh ar an gceist a bhaineann le 'gairmí cuícháilithe' – cé go bhféadfadh duine a bheith cáilithe tabhairt faoin rogha gairme, ní hionann sin is a rá go mbeidh an tuiscint nó an uasoiliúint ag an duine chun breithiúnas a thabhairt ar bhuntáistí foirgneamh stairiúil nó foirgneamh dúchasach go háirithe.

Sa chás go n-éilíonn údaráis phleanála tuarascáil, go háirithe sa chás go mbeartaítear scartáil nó athrú suntasach ar fhoirgneamh dúchasach, ba cheart go mbeadh cur síos déanta ar chuir chuige éagsúla ina leithéid de thuarascáil, lena n-áirítear 'Athshlánú Réidh' seachas díriú míniú ar aidhm an chliaint an láithreán a athfhorbairt. Chomh maith leis sin, ní mór go mbeadh foireann údaráis áitiúil in ann a leithéid de thuarascálacha a mheas go cuí agus go criticiúil.

Tá treoirlínte curtha i dtoll a chéile ag roinnt údarás áitiúil maidir le tithíocht nua faoin tuath. Is sampla de chur chuige atá curtha i láthair go héifeachtach agus a chuireann ár n-oidhreacht dhúchasach thógtha san áireamh é an leabhrán atá curtha i dtoll a chéile ag Comhairle Contae na Gaillimhe dar teideal, 'Galway Design Guidelines for the Single Rural House' (2005).

Comhlachtaí Caomhnaithe agus Eagraíochtaí Eile

Ó dheireadh na 1990idí, tá tionscadail chaomhantais phraiteicúla ar an láthair á gcur i gcrích ag lontaobhas Oidhreacht Mhúrn chun an pobal i gcoitinne a spreagadh mar aon le ceardaithe/cleachtóirí, tríd an leabhar atá curtha i dtoll a chéile acu dar teideal, 'Traditional Buildings in Ireland: home owners handbook' (2004). Tá lontaobhas Sainchomharthaí na hÉireann ag feidhmiú sa dá dhlínse agus tá roinnt foirgneamh dúchasach deisithe agus athchóirithe aige ar féidir iad a ligean ar cíós le haghaidh laethanta saoire.

Chomh maith leis sin, tá obair mhór déanta ag Oidhreacht Ailtireachta Uladh chun aird a tharraingt ar ár n-oidhreacht dhúchasach, go háirithe trí na foilseacháin 'Buildings at Risk' agus cásobair atá curtha i gcrích.



Oibrithe deonacha ag deisiú balla páirce, Beanna Boirche, Co. an Dúin (lontaobhas Oidhreacht Mhúrn)

Ceann de na samplaí is tábhachtaí go dtí seo é tionscadal caomhantais foirgneamh dúchasach ag teach Uí Chiarabháin ag Maigh Ghlas, Co. Loch Garman in 1998–2001.²⁹ Faoi stiúir agus á mhaoiniú ag an gComhairle Oidhreacht, bhí an obair á bainistiú ag ailtire agus innealtóir agus á cur i gcrích ag gnó tógála áitiúil; le hionchur speisialta ó Ard-Mhúsaem na hÉireann, an Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil; Roinn Bhéaloidis na hÉireann agus Roinn na hAiltireachta, i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath; Músaem Weald agus Downland; seandálaí, staraí troscán traidisiúnta, caomhnóir teicstílí, caomhnóir páipéir agus tuíodóir. Bhí cuid de na scileanna a úsáideadh, cosúil le deisiú ballaí láibe nua ag an am. Seans gurb é seo an chéad uair freisin a ndearnadh foirgneamh dúchasach a chaomhnú in situ de bhrí gur foirgneamh dúchasach a bhí ann, seachas caomhnú a bhí nasctha le pearsa phoiblí cháiliúil.

²⁹ Féach Reeners, R., 'A Wexford Farmstead. The conservation of an 18th-century farmstead in County Wexford' (An Chomhairle Oidhreacht, 2003).



Tógadh seid chosantach shealadach os cionn an fhoirgnimh chun na hoibreacha caomhantais a éascú (An Chomhairle Oidhreachta)



Úsáideadh brící láibe, a cruthaíodh i múnlaí adhmaid, chun codanna lofa den bhalla láibe a dheisiú (An Chomhairle Oidhreachta)

Tá an bailiúchán náisiúnta oibiachtaí ar fianaise iad ar shaol traidisiúnta na hÉireann, agus an tuiscint go n-athraíonn agus go bhforbraíonn traidisiúin, le fáil i Rannóg Shaol Tuaithe na hÉireann atá lonnaithe i bPáirc Thurlaigh, Caisleán an Bharraigh, Co. Mhaigh Eo. Bailítear agus stóráiltear oibiachtaí ann agus cuirtear bailiúchán mór déantúsán traidisiúnta agus uirlisí ceardaithe tógála ar taispeáint sna foirgnimh dánlainne.

I gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath, tá ceann de na bailiúcháin ábhair, ó bhéal agus grianghraf, is mó agus is tábhachtaí ar domhan a bhaineann le traidisiún na hÉireann, lena n-áirítear ailtireacht, troscán agus feistis dhúchasacha, cultúr na ndaoine agus an tírdhreach traidisiúnta le fáil i Lárionad Uí Dhuilearga do Bhéaloideas na hÉireann agus i mBailiúchán Béaloideas Éireann. Le déanaí inscríobhadh an bailiúchán ar 'Cuimhne an Domhain' Eagraíocht Oideachais, Eolaíochta agus Chultúir na Náisiún Aontaithe (UNESCO).

Bealach amháin ina dtaispeántar traidisiúin dhúchasacha go mórtasach é trí dhaonmhúsaem amuigh faoin aer, atá le fáil i bhformhór thíortha na hEorpa sa lá inniu ann. Go minic, úsáideadh na háiteanna seo mar bhonn le taighde agus scoláireacht a spreag na ceirdeanna atá ag teastáil d'obair chaomhantais. Tá dhá mhúsaem amuigh faoin aer atá á reáchtáil ag an stát le fáil in Éirinn, agus is i dTuaisceart na tíre atá siad le fáil. Is é an músaem is mó Músaem Daonchultúir agus Iompair Uladh, in aice le Beannchar, Co. an Dúin, agus tá bailiúchán suntasach foirgneamh dúchasach atógtha ansin, mar aon le bailiúchán suntasach de throscán, déantáin agus cartlanna. I nDaonpháirc Uladh-Mheiriceá in An Ómaigh, Co. Thír Eoghain, léirítear na naisc stairiúla leis na Stáit Aontaithe agus tugtar léargas ar bhailiúchán foirgneamh agus oibiachtaí ón dá thír.



Ceárta ag Daonpháirc Bhun Raite, Co. an Chláir (Barry O'Reilly)

I bPoblacht na hÉireann, tá bailiúchán tábhachtach mórán mar an gcéanna d'fhoirgnimh, troscán, feistis agus ábhar eile le fáil i nDaonpháirc Bhun Raite, ach is fiontar réigiúnach tráchtála turasóireachta é seo seachas músaem, ach tá poitéinsiúil suntasach oideachais ag baint leis.

Tá bailiúcháin thábhachtacha le fáil i Músaem Talmhaíochta na hÉireann ag Caisleán Bhaile Sheáin, Co. Loch Garman agus Feirm Mhucrois, Cill Airne, Co. Chiarraí freisin. Tá ceardlanna ceardaíochta agus imeachtaí caomhantais reáchtáilte i bPáirc Oidhreachta Náisiúnta na hÉireann, in aice le Baile Loch Garman, ina bhfuil atógálacha de struchtúir réamhstairiúla agus mheánaoiseacha. Tá go leor músaem agus ionad níos lú eile le fáil, a bhfuil a bhformhór cruthaithe agus á reáchtáil ag daoine aonair, ina bhfuil léargas á thabhairt ar fhoirgnimh agus déantáin áitiúla agus d'fhéadfadh siad ar fad próifíl ár ndéantán dúchasach agus shaol na tuaithe agus bealaí traidisiúnta saoil a fheabhsú.

Chomh maith leis sin, tá ábhar cartlainne ábhartha le fáil i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann agus i Músaem Uladh, i bhfoirm grianghraf stairiúil, agus tá péintéireachtaí agus líníochtaí de thírdhreacha agus den taobh istigh d'fhoirgnimh le fáil i Músaem Uladh agus i nDánlann Náisiúnta na hÉireann. Seachas comhlachtaí poiblí, tá líonraí pobail, Líonraí Rannpháirtíochta Pobail agus Coistí Forbartha Pobail Áitiúla agus daoine aonair a bhíonn ag obair ar ghnéithe den oidhreacht dhúchasach thógtha.³⁰

³⁰ Sampla suntasach é Michael Conry, údar na leabhar, 'The Carlow Fence' (2000), 'Dancing the Culm' (2001) agus 'Corn Stacks on Stilts' (2004).

Is forbairt dhearfach é grúpaí áitiúla agus náisiúnta a bheith á mbunú chun an oidhreacht dhúchasach a thaifeadadh nó obair a dhéanamh uirthi agus ba cheart tacú lena leithéid.³¹



Cistin, le teallach agus cailleadh leapa, Oidhreacht Hennigan, Cill Lasrach, Co. Mhaigh Eo (FNOA)

Tá roinnt fóram úsáideach gréasánbhunaithe a thugann daoine aonair le chéile ar spéis leo traidisiúin dhúchasacha agus seanchas na ndaoine.³²

Lean líon beag daoine aonair ar aghaidh ag obair leo féin le blianta fada anuas lena chinntiú go raibh an oidhreacht dhúchasach ar an gclár oibre áitiúil agus náisiúnta. Tá cúrsaí maidir lenár n-oidhreacht dhúchasach, agus na traidisiúin a bhaineann léi, á múineadh mar chuid de chlár bhéaloidis i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath agus i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh. Áirítear i measc na n-ábhar atá á dteagasc mar chuid de chúrsa dioplóma i nDeisiúchán agus Caomhantas Foirgnimh Fheidhmigh i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, caomhnú foirgneamh dúchasach.³³

³¹ Is samplaí iad na Society for the Protection of Ancient Buildings (Ireland) (SPAB Ireland) agus Earthen Buildings UK and Ireland (EBUKI) agus the Lough Erne Landscape Partnership.

³² Mar shampla, 'Irish Vernacular Architecture' ag <https://www.facebook.com/groups/897391157067634/> agus www.folklore.ie.

³³ Tráth scríofa an doiciméid straitéise seo, ní rabhthas ag glacadh le mic léinn ar an gCúrsa Máistreachta i gCaomhnú Uirbeach agus Foirgneamh (MUBC) i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath.

Tá Cumann Seoirseach na hÉireann ag tacú le caomhnú na hoidhreacht tógtha agus, trí na laethanta oscailte, seimineáir agus ceardlanna a reáchtáil an cumann, tugann sé léargas air agus spreagann sé úsáid a bheith á baint as raon leathan scileanna tógála traidisiúnta, agus tá clár cleachtóirí bunaithe ag an gCumann freisin. Ag leibhéal náisiúnta, tá An Taisce, agus ag leibhéal áitiúil, tá go leor grúpaí caomhantais ag tacú le caomhnú foirgneamh stairiúil.



An taobh istigh de chistin, An Blascaod Mór, Co. Chiarraí, c.1930, agus Robin Flower suite taobh leis an teallach (Lárionad Uí Dhuilearga do Bhéaloideas na hÉireann agus Bailiúchán Béaloideas Éireann, An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath)

Tá cumainn ionadaíocha náisiúnta bunaithe ag ICOMOS, comhlacht comhairleach do UNESCO, mar aon le roinnt fochoistí eolaíochta náisiúnta. Tá roinnt fochoistí speisialta ag coiste na hÉireann, a bunaíodh in 1984 (Oidhreacht Dhúchasach; Tírdhreacha Cultúrtha; Fuinneamh agus Inbhuanaitheacht; Oidhreacht Chultúrtha Dholáimhsithe; Oideachas agus Oiliúint) a bhfuil tionchar acu ar an oidhreacht dhúchasach thógtha.



Foirgnimh feirme atá suite go maith, gar do Ráth Faiche, Co. na Mí (FNOA)

Cláracha an Aontais Eorpaigh agus Beartas Idirnáisiúnta níos leithne

Tá cláir an Aontais Eorpaigh ag cur le cosaint na timpeallachta tuaithe le fada an lá. Spreag an Scéim um Chosaint na Timpeallachta Tuaithe (REPS) (arna bunú in 1992) agus an scéim a tháinig ina diaidh, GLAS (Scéim Agra-Chomhshaoil Ísealcharbóin Glas), atá á riar ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, úinéirí talún chun an tírdhreach stairiúil a bhainistiú go cúramach, cosúil le maoirseacht atá arna leabú i gcleachtas talmhaíochta in go leor codanna den tír; ba cheart an cleachtas seo a spreagadh trí úsáid a bhaint as na hacmhainní ar fad atá ar fáil. Tá forálacha i Scéim Agra-Chomhshaoil Ísealcharbóin Glas (GLAS) an Aontais Eorpaigh a bhaineann le cur fála sceach agus cothabháil ballaí cloiche agus tá sé á riar ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara.

Tá scéim na bhFoirgneamh Feirme Traidisiúnta, atá á riar ag an gComhairle Oidhreacht a i gcomhpháirt leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, ar fáil d'fheirmeoirí atá incháilithe faoi GLAS, agus ní gá gur déanmhas cosanta iad na foirgnimh chun iad a chur san áireamh. Chabhraigh an scéim seo le haird tógálaithe, úinéirí foirgnimh agus an phobail i gcoitinne a tharraingt ar an bpointéinseal praiticiúil a bhaineann le húsáid rialta, neamhchónaitheach a bheith á baint as foirgnimh thraidisiúnta gan gá a bheith ach le hinfheistíocht bheag. Glactar leis go mbaineann ciall eacnamaíoch leis an gcaomhnú bunúsach atá i gceist, agus cabhraíonn sé leis na cúiseanna a d'fhéadfadh a bheith le seanfhoirgnimh feirme a dheisiú a bhféadfaí glacadh leis seachas sin mar shaothar in aisce nó seanfhoirgnimh a mbeadh idirghabhálacha nó athoiriúnuithe suntasacha gan ghá á ndéanamh iontu.

Chomh maith leis sin, tá ról ag clár Liaison Entre Actions de Développement de l'Économie Rurale (LEADER) (arna bhunú in 1991) i bhforbairt gheilleagrach ceantar tuaithe, ach éileoidh aon tionscadail nó scéimeanna atá beartaithe dár n-oidhreacht dhúchasach thógtha uasoiliúint oiriúnach comhaltaí foirne sna cuideachtaí éagsúla LEADER agus i measc na gcomhairleoirí éagsúla LEADER.

Spreagann comhlachtaí idirnáisiúnta éagsúla, UNESCO (Eagraíocht Oideachais, Eolaíochta agus Chultúir na Náisiún Aontaithe), Comhairle na hEorpa agus ICOMOS go príomha, an oidhreacht dhúchasach thógtha a thuiscint, a urramú agus a chosaint. Ainneoin nach bhfuil aon éifeacht reachtúil ag prionsabail agus ag moltaí na n-eagraíochtaí seo, sonraítear caighdeáin iontu ba cheart a bheith á gcomhlíonadh, agus tá fianaise orthu seo le fáil i mbeartas na hÉireann, go háirithe sa treoir reachtúil maidir le cosaint oidhreacht. ³⁴

Chuir An Chomhairle Idirnáisiúnta um Shéadchomharthaí agus Shuíomhanna a 'Cairt maidir leis an Oidhreacht Dhúchasach Thógtha' (1999) i dtoll a chéile, ina nglactar leis an oidhreacht dhúchasach thógtha mar 'léargas bunúsach ar chultúr pobail, a chaidreamh lena chríoch agus, ag an am céanna, léargas ar éagsúlacht chultúrtha an domhain'.

³⁴ <https://whc.unesco.org>, <https://www.coe.int>, <https://www.icomos.org>

Glactar leis an oidhreacht dhúchasach thógtha ‘mar an bealach traidisiúnta agus nádúrtha ina soláthraíonn pobail áiteanna cónaithe dóibh féin’, ach chomh maith leis sin, cuirtear san áireamh go dtéann an oidhreacht dhúchasach thógtha in oiriúint go leanúnach do bhacainní sóisialta agus comhshaoil, lena n-áirítear ‘rannpháirtíocht agus tacaíocht an phobail, úsáid agus cothabháil leanúnach’. Dá réir sin, glactar leis an oidhreacht dhúchasach thógtha mar thraidisiún beo agus ní rud éigin atá le caomhnú ina haonar.³⁵

Sonraítear cúig phrionsabal sa Chairt, agus baineann suntas go háirithe leis an gceathrú agus leis an gcúigiú prionsabal i ndáil leis an oidhreacht dhúchasach thógtha:

Is dlúthchuid den tírdhreach cultúrtha é an oidhreacht dhúchasach thógtha agus ní mór an caidreamh seo a chur san áireamh nuair a bhíonn cuir chuige chaomhantais á bhforbairt. Cuimsítear san oidhreacht dhúchasach ní hamháin foirm agus creatlach fhisiciúil foirgneamh, struchtúr agus spásanna, ach na bealaí ina n-úsáidtear agus ina dtuigtear iad, agus na traidisiúin agus na naisc dholáimhsithe a bhaineann leo.

Ar an gcuma chéanna, tagraítear i gCoinbhinsiún maidir le Caomhnú na hOidhreachta Cultúrtha Doláimhsithe UNESCO (Páras, 2003) do na saintréithe éagsúla a bhfuil baint lárnach acu lenár n-oidhreacht dhúchasach thógtha. Seo a leanas an sainmhíniú atá luaite le hoidhreacht chultúrtha dholáimhsithe sa choinbhinsiún:

na cleachtais, léiriúcháin, léirithe, an t-eolas, na scileanna – mar aon leis na huirlisí, oibiachtaí, déantáin agus spásanna cultúrtha a bhaineann leo – a nglacann pobail, grúpaí agus, i gcásanna áirithe, daoine leo mar chuid dá n-oidhreacht chultúrtha.



Tobar Beannaithe Bhríde, Lios Ceannúir, Co. an Chláir (Michael Houlihan)

³⁵ Tá straitéis forbartha cheana féin ag An Spáinn le haghaidh na hoidhreachta dúchasaí ailtireachta – ‘Plan Nacional de Arquitectura Tradicional’ (2015).

Tá UNESCO ag feidhmiú faoin gCoinbhinsiún maidir leis an Oidhreacht Dhomhanda, Chultúrtha agus Nádúrtha a Chosaint (1972). Chomh maith leis sin, tá stádas Láithreán Oidhreachta Domhanda bronnta ag UNESCO ar líon níos mó tírdhreach a mbaineann suntas leis an ábhar cultúrtha dúchasach atá le fáil iontu. Tá nós ag an eagraíocht seo díriú níos mó de réir a chéile ar láithreáin ilghnéitheacha, seachas séadchomharthaí móra ina n-aonar, agus glacadh leis go mbaineann suntas ar leith leis an idirghníomhú idir gnéithe saorga agus nádúrtha.³⁶

Sainmhínítear i gCoinbhinsiún Chomhairle na hEorpa maidir le Cosaint Oidhreachta Ailtireachta na hEorpa (1985), oidhreacht ailtireachta i dtéarmaí 'séadchomharthaí (foirgnimh agus struchtúir...lena n-áirítear a ndaingneáin agus feistis), grúpaí foirgneamh (grúpaí aonchineálacha foirgneamh uirbeach nó tuaithe) agus láithreán (oibreacha de chuid an duine agus an dúlra...a bhfuil struchtúir tógtha ar chuid acu agus atá sách uathúil agus aonchineálach le saineáil go topagrafach)...ina bhfuil spéis fhollasach stairiúil, sheandálaíoch, ealaíonta, eolaíochta, shóisialta nó theicniúil.'



Spásanna do bháid i mbruach na Siúire, Baile Uí Ghuara, Móin Choinn, Co. Chill Chainnigh (Barry O'Reilly)

Tá Coinbhinsiún maidir le Luach na hOidhreachta Cultúrtha don tSochaí (2005, níl daingnithe ag Éire go fóill) forbartha ag an gComhairle, ina sonraítear an aidhm tacú le

tuiscint níos forleithne ar oidhreacht agus ar an gcaidreamh idir oidhreacht agus pobail agus sochaí. Moltar sa Choinbhinsiún glacadh leis nach iad oibiachtaí agus áiteanna na rudaí is tábhachtaí a bhaineann le hoidhreacht chultúrtha. Baineann tábhacht leo mar gheall ar na bríonna agus na húsáidí a shíleann daoine atá leo agus na luachanna a bhaineann leo.

³⁶ Is samplaí iad na 'Sráidbhailte Ársa in Anhui Theas – Xidi agus Hongcun' (An tSín) agus 'Tírdhreach Talmhaíochta Dheisceart Öland' (An tSualainn).

D'fhéadfadh go mbeadh Dearbhú ICOMOS maidir le hAthbheochan Lonnaíochtaí Beaga (1995), ábhartha freisin i ndáil le bailiúcháin dhúchasacha uirbeacha agus gráigeanna feirme.

Leagtar béim i gCairt Burra (2013) na heagraíochta céanna ar bharántúlacht chultúrtha, ar ábhar é atá pléite sa Chairt Idirnáisiúnta um Chaomhnú agus Athchóiriú Séadchomharthaí agus Láithreán ICOMOS ('Cairt na Veinéise', 1964).

Pléann an Cumann Idirnáisiúnta um Staidéar ar an Timpeallacht Thraidisiúnta (IASTE) agus an Seiminéar Idirnáisiúnta maidir le Lonnaíochtaí Dúchasacha (ISVS) gach gné den oidhreacht dhúchasach agus de thírdhreacha dúchasacha i rith a gcomhdhálacha agus ina gcuid foilseachán.

5 Todhchaí ár nOidhreacht Dúchasaí Tógtha

Tá tuairimí daoine ag athrú ar bhealach dearfach, más go mall féin atá sé ag tarlú, maidir lenár n-oidhreacht dhúchasach, agus tá níos mó measa ag daoine ar an suntas a bhaineann leis an oidhreacht i dtéarmaí cultúrtha agus tírdhreacha. Tá tús áite á thabhairt de réir a chéile ag údaráis áitiúla do chaomhnú na hoidhreacht dúchasaí, agus táthar ag glacadh leis an oidhreacht seo mar shócmhainn a d'fhéadfadh áiseanna tithíochta agus foirgnimh úsáideacha eile a sholáthar, i gceantair thuaithe go háirithe. Tá go leor údarás áitiúil anois ag tacú leis na foirgnimh seo a choimeád. Chomh maith leis sin, ba cheart go mbeadh cur chuige mar sin mar bhonn le teagmhas foirgneamh nua gan ghá a laghdú. Tá sé riachtanach, áfach, go bhfuil an uasoiliúint riachtanach á cur ar fáil do chomhaltaí foirne i dteannta le dearbhuithe den sórt sin mar aon leis obair leantach chuí ionas gur féidir na spriocanna a chomhlíonadh.

Ní mór dúinn teacht ag céim ina bhfuil glacadh ag daoine le tithe dúchasacha mar theaghaisí inmhianaithe lán carachtair, mar thithe lánaimseartha go hinmhianaithe, nó seachas sin mar chóiríocht do thurasóirí agus mar thithe samhraidh. D'fhéadfadh go mbeadh roinnt tithe, go háirithe na tithe níos lú oiriúnach do dhaoine ar mian leo cónaí i dtithe níos lú. Glactar leis go bhfuil foirgnimh talmhaíochta agus foirgnimh eile oiriúnach le haghaidh raon leathan gníomhaíochtaí; agus go mbíonn a gcarachtar uathúil á choimeád ag suíomhanna dúchasacha.

Ní gá glacadh leis an oidhreacht dhúchasach thógtha mar ghné den saol atá caite. D'fhéadfadh agus ba cheart go mbeadh bealaí dúchasacha chun déileáil lenár stoc d'fhoirgnimh dhúchasacha mar bhonn le cruthú neamh-chomhfhiosach oidhreacht na todhchaí. Ní mór, áfach, go mbeadh pleanálaithe agus cleachtóirí eile báúil don chur chuige seo, agus ní mór go mbeadh rialacháin tógála sách solúbtha chun gnéithe dúchasacha a chur san áireamh. Beidh sé riachtanach ról an duine neamhghairmiúil agus an phobail a chur san áireamh.

Athshlánú Cúramach: conas caitheamh le foirgneamh dúchasach

Is é an cur chuige idéalach le haghaidh foirgneamh dúchasach cur chuige nach bhfuil san áireamh ann ach a laghad idirghabhála agus is gá. Anseo thíos tá dhá shampla as Co. Dhún na nGall, a tugadh chun beochta arís le deich mbliana anuas.³⁷ Bhí an chéad fhoirgneamh, ar a bhfuil díon sclátaí, folamh le breis is 40 bliain anuas, ach ní fothrach a bhí ann. Bhí an dara foirgneamh, teach ceann tuí, ina fhothrach cé nach raibh sé folamh ach le haghaidh deich mbliana anuas, fianaise ar an tábhacht a bhaineann le haire chuí a thabhairt do dhíonta tuí agus a chinntiú go leantar le húsáid a bhaint as foirgnimh mar seo agus a chinntiú go mbíonn daoine ina gcónaí iontu.

³⁷ Táimid buíoch do Duncan MacLaren, ailtire caomhantais, le haghaidh na samhlacha seo.



Oileán na Dumhcha, Co. Dhún na nGall: roimh (2010) agus i ndiaidh (2013) (Duncan MacLaren)



Bhain an teach is déanaí dá dtagraítear dó tairbhe as cúnamh deontais faoi Scéim Deontas Caomhantais Chumann Seoirseach na hÉireann, Scéim Bainistíochta Oidhreachta na Comhairle Oidhreachta agus scéim deontas tuíodóireachta an Stáit.

Go dtí seo, tá formhór na dtionscadal athshlánaithe agus caomhantais curtha i gcrích ag iontaobhais oidhreachta nó daoine atá ina gcónaí lasmuigh d'Éirinn (nó a bhí ina gcónaí lasmuigh d'Éirinn), daoine b'fhéidir a raibh neart airgid acu agus a raibh fonn orthu filleadh ar an mbaile. D'fhéadfadh nach mbeadh tithe dúchasacha chomh costasach céanna le tithe eile, agus seans gur cur chuige éifeachtach é daoine ar spéis leo saintréithe dúchasacha a bhaineann le foirgnimh a mheaitseáil le foirgnimh den chineál sin.

Gné amháin de na tionscadail seo a d'fhéadfadh cur isteach ar dhaoine é an costas a bhaineann le comhairle agus oibreacha caomhantais gairmiúla. Tá sé ríthábhachtach an bonn le haghaidh scileanna áitiúla dúchasacha tógála agus ceardaíochta a fhorbairt d'fhonn a chinntiú go bhfuil soláthar leanúnach oibrithe oiriúnacha ar fáil agus chun na costais a laghdú d'úinéirí foirgnimh.



An Lónán Caol, Co. Dhún na nGall: roimh (2015) agus i ndiaidh (2018) (Duncan MacLaren)



Tá cúrsaí oiliúna cuí do chonraitheoirí tógála riachtanach, go háirithe do na tógálaithe atá ag obair ag scála beaga a dhéanann formhór na dtionscadal seo. Tá sé riachtanach gníomhaíocht a chomhordú ag leibhéil Stáit agus áitiúla lena chinntiú go gcuirtear tionscadail tógála dúchasacha i gcrích.

Tá go leor obair á déanamh i láthair na huaire ar ábhair thógála nádúrtha, cosúil le bloic chomhbhrúite cré amh, plástair chré, táirgí líne chnáibe agus cré chnáibe agus painéil tuí.

Tá sé seo mealltach dóibh siúd ar spéis leo an t-athrú aeráide ach oiread leo siúd ar spéis leo an oidhreacht dhúchasach thógtha. Chomh maith leis sin, chabhródh sé le haistriú scileanna: b'fhéidir nach mbeadh bríceadóir compordach ag baint úsáide as cré fhliuch, ach b'fhéidir go mbeadh sé ar a chompord le bloc láibe.

Bheadh sé tábhachtach gan an iomarca tráchtearraithe a dhéanamh ar an obair seo, nó d'fhéadfadh a bhonn mar cheird a ligean i ndearmad — sampla cosúil é báicéir ag obair leis na comhábhair ar fad i gcomparáid le duine éigin a bheadh ag cur uisce le paicéad d'arán réamh-mheasctha. Príomhghné den obair a dhéantar san earnáil dhúchasach é fios a bheith ag daoine conas ábhair neamhchaighdeánacha a úsáid agus a oiriúnú, ach fós féin beidh gá le solúbthacht phragmatach ó gach duine atá páirteach.

Tá práinn ag baint le comhairle neamhtheicniúil a chur ar fáil d'úinéirí agus d'úinéirí ionchasacha foirgneamh dúchasach, agus comhairle theicniúil údarásach a chur ar fáil do chleachtóirí agus do cheardaithe tógála. Tá rochtain ar fhaisnéis faoi fhoirgnimh, tógáil agus ábhair dhúchasacha riachtanach ionas go mbeidh daoine eolasach ar dhea-chleachtas a chosnaíonn agus a fheabhsaíonn cáilíochtaí dúchasacha foirgneamh agus suíomhanna.

Chabhrófaí leis an scéal dá nglacadh údaráis áitiúla, an Stát, cleachtóirí/ceardaithe agus úinéirí nó úinéirí ionchasacha le cur chuige pragmatach. Éilíonn sé seo ar fad na bealaí smaointeoireachta ar leith, an tseiftiúlacht agus an intleachtacht a bhaineann le cuir chuige dhúchasacha a bhaineann le tógáil.

I láthair na huaire, bíonn deacrachtaí ag tógálaithe praghsanna le haghaidh oibreacha deisiúcháin agus athshlánaithe a mheas. Ag an am céanna, ní éiríonn le húinéirí foirgnimh praghsanna atá luaite a mheas go héasca agus cinneadh a dhéanamh maidir lenar cheart dóibh leanúint ar aghaidh le tionscadal. Tá an ganntanas sonraí mar bhonn le héiginnteacht ba chúis le tógálaithe agus le daoine eile a bheith ag moladh gur cheart foirgneamh nua a thógáil agus an seanfhoirgneamh a scartáil. Chomh maith leis sin, d'fhéadfadh go mbeadh sé deacair cleachtóirí/ceardaithe a aimsiú, is cuma más tógálaithe, ailtirí, innealtóirí, suirbhéirí nó comhairleoirí eile atá i gceist, leis an taithí chuí ar a bheith ag obair ar fhoirgnimh dhúchasacha. Tá gá le measúnú ar ábhar na gcúrsaí caomhantais, agus creidiúnú, lena fháil amach cibé acu atá nó nach bhfuil na cúrsaí seo ag freastal go cuí ar riachtanais chaomhantais na bhfoirgneamh dúchasach.

Go hidéalach, bheadh úinéirí foirgnimh in ann deisiúcháin bheaga nó athfhillteacha, ar a laghad, a chur i gcrích agus d'fhéadfaí cláir oiliúna a bhunú chun tacú leis seo. Gach seans gurb iad tuíodóirí a bheidh ag tabhairt faoin obair mhór, cosúil le díon tuí iomlán a dheisiú, ach d'fhéadfadh úinéir ballaí láibe, mar shampla, a dheisiú – ba é sin an nós dúchasach.

Ba cheart glacadh leis go gcuirfí riachtanais an fhiadhúlra san áireamh in oibreacha deisiúcháin agus athshlánaithe ar fhoirgnimh agus i suíomhanna dúchasacha, agus ba cheart go mbeadh crainn fhásta agus gnéithe nádúrtha eile á bhfágáil mar atá.

De réir mar a bheidh dlús á chur leis na hiarrachtaí an t-athrú aeráide a mhaolú, ba cheart go mbeadh barainneachtaí scála, le tacaíocht ó bhearta fioscacha b'fhéidir, ag tabhairt tús áite do bhearta éiceolaíocha i ndáil le tógáil, is cuma más tionscadail faoi threoir an phobail atá i gceist, féintógáil nó tithíocht ísealchostais.



Coimpléasc mhuilinn uisce, gar do Bhaile Átha an Urchair, Co. na hIarmhí (FNOA)

Is den tábhacht é go mbeadh faisnéis á soláthar agus á scaipeadh maidir le tionscadail athshlánaithe eolasbhunaithe a cheadaíonn léargas lánbhrí a thabhairt ar na hacmhainní ceardaíochta a theastaíonn chun foirgnimh dhúchasacha a dheisiú agus a chothabháil, agus san am céanna an gá atá le héifeachtúlacht fuinnimh a uasmhéadú a chur san áireamh agus cead a thabhairt síntí comhaimseartha ag an scála cuí agus leis an leibhéal mionsonraí cuí a chur le foirgnimh nó foirgnimh atá ann cheana féin a leagan amach ar bhealaí difriúla.

Ní mór go mbeadh foirgnimh dhúchasacha in ann athrú ar bhealach a oireann dá n-úinéirí agus dá ndálaí athraitheacha, rud atá ag tarlú riamh anall. Sa lá inniu ann, áfach, go ginearálta tá dhá bhacainn a bhí in easnamh roimhe seo – ar an gcéad dul síos, an gá atá le gach uile ghné d'infhuanaitheacht a chur san áireamh agus ar an dara dul síos, an gá atá le hoidhreacht uathúil na hailtireachta dúchasaí a chaomhnú, agus ag an am céanna dul in oiriúint do riachtanais ár linne féin. Ba cheart go mbeadh sé indéanta bealaí éagsúla a aimsiú chun tithe dúchasacha a oiriúnú nó a shíneadh ar bhealaí nach mbaineann an bonn dá gcarachtar traidisiúnta.

Is é an cás idéalach atá uainn, go mbeadh foirgnimh dhúchasacha faoi úinéireacht, á n-áitiú ag agus in úsáid ag úinéirí tuisceanacha, agus go mbeadh cabhair á cur ar fáil ag údaráis áitiúla, comhairleoirí, tógálaithe agus daoine eile, agus go mbeadh gach páirtí eolasach ar, nó ar a laghad toilteanach aird a thabhairt ar dhea-chleachtas caomhantais na hoidhreachta dúchasaí, agus sa bhreis air sin, go mbeadh leibhéal cuí deontais ar fáil mar aon le solúbthacht i ndáil le scála ama chun oibreacha a chur i gcrích, agus fáil go héasca ar ábhair dhúchasacha agus ar scileanna traidisiúnta.



Geata coisithe chomh fada le teach, Géisill, Co. Uíbh Fhailí (Barry O'Reilly)

A Mar atá scríofa ag tús an doiciméid seo, is fianaise ar aibíocht é ár n-oidhreacht dhúchasach a chosaint agus a cheiliúradh, fianaise go bhfuil daoine airdeallach ar a gcultúr agus muiníneach as. Ní hamháin gur fianaise ar an am atá caite í an oidhreacht thógtha, d'fhéadfaí glacadh léi, agus ba cheart glacadh léi, mar chuid dár dtodhchaí.



Foirgnimh feirme, gar do Chill Dairbhre, Co. Chorcaí (FNOA)

Aguisín 1: Rannpháirtithe na Straitéise

Tabhair faoi deara: RTRAO = An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht

- Seán Armstrong, An tAonad um Beartas Gníomhaithe ar son na hAeráide/Rialáil an Tionscail Tógála, RTRAO
- Paul Arnold, Ailtire Caomhantais/Úinéir Áitreabh Dúchasach
- Trish Barrett, Staraí, Loch Garman
- Edel Barry, Seandálaí Comhairleach/Staraí Ailtireachta, Shanarc Archaeology
- Colette Beattie, Oifigeach Caomhantais Ailtireachta, Comhairle Contae Dhún na nGall
- John Beattie, Oifigeach Caomhantais Ailtireachta Cúnta, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath
- Róisín Beirne, Mac Léinn Ailtireachta Caomhantais, Ollscoil Lincoln, An Ríocht Aontaithe
- Helena Bergin, Oifigeach Caomhantais Ailtireachta, Comhairle Contae Fhine Gall
- Laura Bowen, Ailtire Caomhantais, Laura Bowen Architects
- Claire Breen, Seandálaí agus Úinéir Foirgnimh, RTRAO
- Féile Butler, Ailtire Caomhantais, Mud & Wood
- Garry Byrne, (ar scor), Aonad Oidhreacht Thógtha, RTRAO
- Eve Campbell, seandálaí, Archaeological Management Solutions
- Hugh Carey, Seandálaí, RTRAO
- Catherine Casey, Oifigeach Oidhreacht, Comhairle Contae Laoise
- Tom Cassidy, Oifigeach Caomhantais Ailtireachta, Comhairle Contae Luimnigh
- Jessie Castle, Comhairleoir Foirgneamh Stairiúil, Jack Coughlan Architects
- Shirley Clerkin, Oifigeach Oidhreacht, Comhairle Contae Mhuineacháin
- Francis Coady, Oifigeach Oidhreacht, Comhairle Contae Chill Chainnigh
- Gearóid Conroy, Seandálaí, RTRAO
- Chris Corlett, Seandálaí, RTRAO

- Eugene Costello, Seandálaí (Mac Léinn Iardhochtúireachta), Ollscoil Stócólm
- Frank Coyne, Seandálaí, Aegis Archaeology
- Stiofán Creaven, Úinéir Áitreabh Dúchasach, Gaillimh
- Rosaleen Crushell, Ailtire Caomhantais, Crushell & Carson Architects
- Willy Cumming, Ailtire (ar scor), Aonad Oidhreachta Thógtha, RTRAO
- Manus Deery, Príomh-Ailtire Caomhantais, Rannán Na Timpeallachta Stairiúla, An Roinn Pobal (Tuaisceart Éireann)
- Shane Dineen, Bainisteoir Timpeallachta agus Pleanála (gníomhaíochtaí), Fáilte Ireland
- Jacqui Donnelly, Ailtire Sinsearach, Aonad Oidhreachta Thógtha, RTRAO
- Máirín Doddy, Oifigeach Caomhantais Ailtireachta, Comhairle Contae Na Gaillimhe
- Tony Donoghue, Staraí/Caomhnóir Troscán Dúchasach, Tiobraid Árann
- Clodagh Doyle, Coimeádaí, Rannóg Shaol Tuaithe na hÉireann, Ard-Mhúsaem na hÉireann
- Ian Doyle, An Chomhairle Oidhreachta
- Marion Dowd, Seandálaí, Institiúid Teicneolaíochta Shligigh
- Paddy Duffy, Ollamh Emeritus (tíreolaíocht), Ollscoil Mhá Nuad
- Colin Dunlop, Seandálaí, An Roinn Pobal (Tuaisceart Éireann)
- Joseph Fenwick, Seandálaí, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh
- Lesley Fitzsimons, Aonad na dTithe Folmha, RTRAO
- Michael Fortune, Bailitheoir Béaloidis/Craoltóir ar na Meáin Shóisialta, Loch Garman
- Edward Frampton, Úinéir Áitreabh Dúchasach, Corcaigh
- Joseph Gallagher, Oifigeach Oidhreachta, Comhairle Contae Dhún na nGall
- Brendan Grimes, Ailtire, Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath
- Mona Hallinan, Oifigeach Caomhantais Ailtireachta, Comhairle Contae Chorcaí
- Alison Harvey, Oifigeach Pleanála, An Chomhairle Oidhreachta

- Mary Hegarty, Úinéir Áitreabh Dúchasach, Port Láirge
- Eamonn Hunter, Comhairleoir Oidhreacht Thógtha, John Cronin Associates
- Coiste Náisiúnta Eolaíochta Oidhreacht Dhúchasach na hÉireann ICOMOS
- Mary Hanna, Iontaobhas Sainchomharthaí na hÉireann
- Paul Johnson, Tuíodóir/Soláthróir Ábhar, An Clár
- Albert Jordan, An Roinn Comhshaoil, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Cumarsáide
- Loughlin Kealy, Ollamh Emeritus (Ailtireacht), Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath
- Margaret Keane, Seandálaí Sinsearach, RTRAO
- Claudia Kinmonth, Staraí/Léachtóir Troscáin, Corcaigh
- Déarbhla Ledwidge, Oifigeach Oidhreacht, Comhairle Contae Chill Chainnigh
- Jimmy Lenehan, Tuíodóir, Cill Chainnigh
- J.J. Lenehan, Teagasc
- Robert Leonard, Cigire, An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara
- Niall Logan, Grúpa Oibre Fhoirgnimh Dhúchasacha na hAlban
- Stewart Logan, Comhairleoir Pleanála, RTRAO
- Ian Lumley, Oifigeach Ailtireachta, An Taisce
- Patricia Lysaght, Ollamh Emeritus (béaloideas), Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath
- Raymond McAndrew, Deontais Tithíochta, RTRAO
- Clare McCallum, Ailtire, Comhairle Contae Dhún Na Ngall
- Críostóir Mac Cárthaigh, Cartlannaí, Bailiúchán Béaloideas Éireann, Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath
- Victoria McCarthy, Oifigeach Caomhantais Ailtireachta, Comhairle Contae Chiarraí
- Aodhán Mac Cormaic, Stiúrthóir na Gaeilge, An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt and Meán
- Deirdre McDermott, Ailtire Caomhantais, DMD Urban

- Theresa McDonald, Seandálaí, Scoil Seandálaíochta Acla
- Michael MacDonagh, Príomhsheandálaí, RTRAO
- Marion McGarry, Staraí Cultúrtha, Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe-Mhaigh Eo
- Simon McGuinness, An tAonad um Beartas Gníomhaithe ar son na hAeráide/Rialáil an Tionscail Tógála, RTRAO
- Congella McGuire, Oifigeach Oidhreachta, Comhairle Contae an Chláir
- Brian McIntyre, Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann
- Rachel McKenna, Oifigeach Caomhantais Ailtireachta, Comhairle Contae Uíbh Fhailí
- Catriona Mackie, Ailtire, Coláiste Ollscoile Mhanann/Ollscoil Chester
- Duncan McLaren, Ailtire Caomhantais, Dedalus Architecture
- Richard McLoughlin, Ailtire Caomhantais, Lotts Architecture and Urbanism
- Paul McMahon, Ailtire (ar scor), Oifig na nOibreacha Poiblí
- Peter McMurray, tuíodóir, Maigh Eo
- Brendan McSherry, Oifigeach Oidhreachta, Comhairle Contae Lú
- Nikki McVeigh, Oidhreachta Ailtireachta Uladh
- Caroline Maguire, ailtire sinsearach, Rannán na Timpeallachta Stairiúla, An Roinn Pobal (Tuaisceart Éireann)
- Shirley Markley, Seandálaí, Institiúid Teicneolaíochta Shligigh
- Nicki Matthews, Ailtire Sinsearach, Aonad Oidhreachta Thógtha, RTRAO
- Anna Meenan, Scéim Deontais na bhFoirgneamh Feirme Traidisiúnta, An Chomhairle Oidhreachta
- Rosa Meehan, Coimeádaí Cúnta, Ard-Mhúsaem na hÉireann (Saol na Tuaithe)
- Robert Miles, Oifigeach Caomhantais Ailtireachta, Comhairle Contae na Mí
- Maggie Molloy, Craoltóir, www.cheapirishhouses.com
- Michael Moore, Seandálaí, RTRAO
- Sioban Mulcahy, Ailtire Caomhantais

- Fidelma Mullane, Geografaí/Speisialtóir Dúchasach, Gaillimh
- Damian Murphy, Aonad Oidhreachta Thógtha, RTRAO
- Colm Murray, Oifigeach Ailtireachta, An Chomhairle Oidhreachta
- Cáit Ní Cheallacháin, Ailtire Caomhantais, Luimneach
- Máiréad Ní Chonghaile, Oifigeach Oidhreachta, Comhairle Contae an Longfoirt
- Bairbre Ní Fhloinn, Lárionad Uí Dhuilearga do Bhéaloideas na hÉireann, Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath
- Úna Ní Mhearáin, Ailtire Caomhantais, Consarc Design Group
- Dermot Nolan, Innealtóir Caomhantais, Dermot Nolan & Associates
- Damian Murphy, Aonad Oidhreachta Thógtha, RTRAO
- Anne O'Dowd (ar scor), Ard-Mhúsaem na hÉireann (Saol na Tuaithe)
- Freddie O'Dwyer, Ailtire Sinsearach (ar scor), Aonad Oidhreachta Thógtha, RTRAO
- Ciara O'Flynn, Pleanálaí, Comhairle Contae Chorcaí
- T.J. O'Meara, Aonad Oidhreachta Ailtireachta, RTRAO
- Jerry O'Sullivan, Seandálaí, Bonneagar Iompair Éireann
- Samantha Pace, Speisialtóir Oidhreachta Thógtha, Alastair Coey Architects
- Marcus Patton, Hearth (Tuaisceart Éireann)
- Margaret Quinlan, Ailtire Caomhantais, Margaret Quinlan Associates
- Sara Pavia, Scoil Ardléinn Innealtóireachta, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath
- Amanda Pedlow, Oifigeach Oidhreachta, Comhairle Contae Uíbh Fhailí
- Marc Ritchie, Comhairleoir Caomhantais Ailtireachta, An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, RTRAO
- Nessa Roche, Comhairleoir Caomhantais Sinsearach, Aonad Oidhreachta Thógtha, RTRAO
- Patricia Rogers, Cigire Tithíochta, RTRAO
- William Roulston, Staráí, Tír Eoghain

- Rose Ryall, Oifigeach Caomhantais Ailtireachta, Comhairle Contae Phort Láirge
- Mary Sleeman, Seandálaí, Comhairle Contae Chorcaí
- Chris Southgate, Innealtóir Caomhantais, Southgate Associates
- Martin Timoney, Seandálaí, Sligeach
- Patrick Wallace, Stiúrthóir (ar scor), Ard-Mhúsaem na hÉireann
- Alma Walsh, Comhairleoir Pleanála, RTRAO
- Seán Ward, Úinéir Áitreabh Dúchasach, Co. Laoise
- Brian Wilkinson, Historic Environment Scotland

Aguisín 2: Ábhar Tagartha

Beartas agus Treoir (Éire)

Bord Fáilte/An Taisce

- Building Sensitively in Ireland's Landscapes (Bord Fáilte/An Taisce, c.1987)

Bowen, Laura agus Matthews, Nicki

- Reusing Farm Buildings: a Kildare perspective (Comhairle Contae Chill Dara, 2007)

Boyle, Donal

- A Sense of Loss: the survival of rural traditional buildings in Northern Ireland (Environment and Heritage Service, 1998)

Ceann Tuí

- A Lost Cause? A review of the present state of thatch and thatching in Ireland with proposals for the 1990s (1990, Tuarascáil neamhfhoilsithe ullmhaithe don Chomhairle Oidhreachta Náisiúnta)

Consarc Conservation Architects, Fidelma Mullane agus Dick Oram

- Report on the Current and Future Protection of Thatched Structures in Ireland (2005)

An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta

- Cosaint Oidhreachta Ailtireachta: Treoirlínte d'Údaráis Phleanála (2005, 2011)
- Straitéis Náisiúnta Tírdhreacha 2015–2025 (2015)

Sraith Comhairle:

- Energy Efficiency in Traditional Buildings (2010)
- Thatch: a guide to the repair of thatched roofs (2015)

An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil

- Our Sustainable Future: a framework for sustainable development in Ireland (2012)

An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil

- Beartas an Rialtais maidir le hAiltireacht 2009–2015 (2009)
- Nóta Treorach maidir le Croí-Straitéisí (Samhain 2010)

Sraith Comhairle:

- Maintenance: a guide to the care of older buildings (2007)
- Windows: a guide to the repair of historic windows (2007)
- Iron: the repair of wrought and cast ironwork (2009)
- Roofs: a guide to the repair of historic roofs (2010)

An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil

- An Straitéis Náisiúnta maidir le Tithe Folmha a Athúsáid 2018-2021 (2018)

Seirbhís Timpeallachta agus Oidhreachta (Tuaisceart Éireann)

- Technical Note 6: Thatch (2006)

Clár STRIVE na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil 2007–2013

- Sustainable Rural Development: managing housing in the countryside (2007)
- Draft Guidelines on the Information to be Contained in Environmental Impact Assessments (Lúnasa 2017)

Geoghegan, Philip

- Building Sensitively and Sustainably in County Louth (Eblana Editions, 1999)

Rialtas na hÉireann

- Straitéis Náisiúnta Spásúil 2002–2020: daoine, áiteanna agus poitéinseal (2002)
- Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2019
- Oidhreacht Éireann 2030 (dréacht, an 20 Nollaig 2020)
- Tionscadal Éireann 2040 [An Plean Forbartha Náisiúnta agus An Creat Náisiúnta Pleanála san iomlán]

An Chomhairle Oidhreachta

- Policy Paper on Irish Thatched Roofs and the National Heritage (2002)

Maguire, Caroline

- The Changing Vernacular Landscape. Cumann Oidhreachta Ailtireachta Uladh/Músaem Daonchultúir agus Iompair Uladh (1998)

Mc Clafferty, George

- A Pathetic Situation: a report on the conservation of vernacular architecture in Ireland (Tuarascáil neamhfhoilsithe thar ceann Oifig na nOibreacha Poiblí, 1989)

Iontaobhas Oidhreachta Mhúrn

- Traditional Buildings in Ireland: home owners handbook (2004)

Grúpa Oiliúna Náisiúnta Oidhreachta

- Traditional Building Craft Skills: assessing the need, meeting the challenge (Grúpa Oiliúna Náisiúnta Oidhreachta, Londain, 2009)

Oram, Richard agus Stelfox, Dawson

- Traditional Buildings in Ireland: home owners handbook (Iontaobhas Oidhreachta Mhúrn, 2004)

O'Reilly, Barry

- Vernacular Architecture and its Conservation in the Republic (Tuarascáil neamhfhoilsithe thar ceann na Comhairle Oidhreachta, 1995)
- Traditional Buildings on Irish Farms (An Chomhairle Oidhreachta/Teagasc, 2006)

Institiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann

- Old House New Home: An RIAI publication on how to Understand, Reimagine, Conserve your Historic Home (RIAI, 2020)

An tSeirbhís Pleanála (Tuaisceart Éireann)

- Planning Policy Statement 6: archaeology and Built Heritage (1999)

Beartas (Idirnáisiúnta)

Comhairle na hEorpa

- An Coinbhinsiún um Chosaint Oidhreachta Ailtireachta na hEorpa (Granada, 1985)
- An Coinbhinsiún um Thórdhreach na hEorpa (Flórans, 2000)

ICOMOS

- International Charter for the Conservation and Restoration of Monuments and Sites (Venice Charter 1964)
- Charter on the Built Vernacular Heritage (Meicsiceo, 1999)
- Declaration on the Revitalization of Small Settlements (Tlaxcala, 1995)
- Charter on the Conservation of places of cultural significance (Burra, 2013)

UNESCO

- An Coinbhinsiún um Chaomhnú na hOidhreachta Cultúrtha agus Nádúrtha (Páras 1972)

- An Coinbhinsiún um Chaomhnú na hOidhreachta Cultúrtha Doláimhsithe (Páras, 2018)

Foilseacháin Eile (Roghnaithe)

Aalen, F.H.A., Kevin Whelan agus Matthew Stout (eagí)

- Atlas of the Irish Rural Landscape (Acadamh Ríoga na hÉireann, 1997)

Conry, Michael

- The Carlow Fence (Chapelton Press Ltd, 2000)
- Dancing the Culm: burning culm as a domestic and industrial fuel in Ireland (Chapelton Press Ltd, 2001)
- Corn Stacks on Stilts: corn stands for the spring threshing in Ireland (Chapelton Press Ltd, 2004)

Corlett, Christiaan

- Beneath the Poulaphuca Reservoir: The 1939 Poulaphuca Survey of the Lands flooded by the Liffey Reservoir Scheme (An Oifig Stáiseanáireachta, 2008)
- Wicklow's Traditional Farmhouses (Comhairle Contae Chill Mhantáin, 2014)

Danaher, Kevin

- Ireland's Vernacular Architecture (Mercier Press, 1975; eagrán nua, Ireland's Traditional Houses (Bord Fáilte, c.1990))

Evans, E. Estyn

- Mourne Country (Dundalgan Press, 1951)
- Irish Folk Ways (Routledge, 1957)

Fleming, Éamon (eag.)

- The Home Place: an inventory of rural traditional architecture (Comhairle Contae Chiarraí, 2016)

Gailey, Alan

- Rural Houses of the North of Ireland (John Donald, 1984)

Gallagher, Joseph agus Stevenson, Greg

- Traditional Cottages of County Donegal (Under the Thatch, 2012)

Seirbhísí Oidhreachta, Oifig na nOibreacha Poiblí/Lárionad Uí Dhuilearga do Bhéaloideas na hÉireann/Bailiúchán Béaloideas Éireann, Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath

- Traditional Buildings: Survey and Survival (2006)

Kinmonth, Claudia

- Irish Rural Interiors in Art (Yale, 2006)
- Irish Country Furniture and Furnishings 1700–2000 (Cló Ollscoile Chorcaí, 2020)

Laheen, Mary

- Drystone Walls of the Aran Islands (The Collins Press, 2010)

McCourt, Desmond

- The Rundale System in Ireland: a study of its geographical distribution and social relations (Ollscoil na Banríona, 1950)

McGarry, Marion

- The Irish Cottage: history, culture and design (Orpen Press, 2017)

Mullane, Fidelma

- ‘Vernacular architecture’ in Neil Buttimer, Colin Rynne agus Helen Guerin (eagí), The Heritage of Ireland, lgh. 71–79 (The Collins Press, 2000)

Ní Fhloinn, Bairbre and Gabriel Dennison (eagí)

- Traditional Architecture in Ireland and its role in rural development and tourism (Institiúid Comhshaoil, 1994)

O’Dowd, Anne

- Straw, Hay and Rushes in Irish Tradition (Irish Academic Press, 2015)

O’Neill, Timothy

- Life and Tradition in Rural Ireland (Dent, 1978)

O’Reilly, Barry

- Living under Thatch (Mercier Press, 2004)
- ‘Hearth and home: the vernacular house in Ireland from c.1800’, Proceedings of the Royal Irish Academy 111 (2011), lgh.193–215.

Pfeiffer, Walter & Shaffrey, Maura

- Irish Cottages (Weidenfield and Nicolson, 1990)

Reeners, Roberta (díolamóir/eagarthóir)

- A Wexford Farmstead: the conservation of an 18th-Century Farmstead in County Wexford (An Chomhairle Oidhreachta, 2003)

Shaffrey, Patrick agus Shaffrey, Maura

- Buildings of Irish Towns (O'Brien Press, 1983)
- Irish Countryside Buildings (O'Brien Press, 1985)

Shaw-Smith, David

- Ireland's Traditional Crafts (Thames and Hudson, 1984)

Symmons, Clive agus Harkin, Seamus

- The Disappearing Irish Cottage: a case-study of north Donegal (Wordwell, 2004)

Zucchelli, Christine

- Sacred Stones of Ireland (The Collins Press, 2016)
- Sacred Trees of Ireland (The Collins Press, 2016)



Bailitheoir uisce aolchloiche agus ballaí garraí, Inis Meáin, Co. na Gaillimhe (Barry O'Reilly)

Grianghraf an chlúdaigh chúil: Obair láibe caomhantais ag feirm Kirwan, Poll Bhoits, Maigh Ghlas, Co. Loch Garman, c.2000 (Scoil Ailtireachta, Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath)

gov.ie/housing

